

Comhairle Cathrach na Gaillimhe
Galway City Counc

# Tuarascáil Bhliantúil Chomhairle Cathrach na Gaillimhe

# Galway City Council Annual Report 2025

Comhairle Cathrach na Gaillimhe
Galway City Council



# Clár

Focal Fáilte ón Méara .... 03
Réamhrá leis an bPríomhfheidhmeannach Leonard Cleary .... 04
Comhaltaí Tofa Chomhairle Cathrach na Gaillimhe .... 07
An Fhoireann Ardbhainistíochta .... 07
Coistí Ceantair .... 09
Coistí Beartais Straitéiseacha .... 11

## An Stiúrthóireacht um Fhorbairt Shóisialta

Seirbhísí Tithíochta agus Lánpháirtíochta .... 17
Cothabháil Tithíochta .... 18
Seirbhísí do Dhaoine gan Dídean .... 20
Tacaíocht maidir le hObair Shóisialta .... 21
Cóiríocht don Lucht Siúil 23 .... 23
Foireann Lánpháirtíochta na nÚdarás Áitiúil .... 24
Rialú Tógála .... 25
Áiseanna .... 25

## An Stiúrthóireacht um Fhorbairt Uirbeach

Cóiriú Áite agus Caomhnú agus Oidhreacht Ailtireachta .... 26
Ailtirí .... 35
Forbairt Eacnamaíoch .... 40
Acmhainní Daonna .... 53

## An Stiúrthóireacht um Fhorbairt Tionscadal

Forbairt Pobail .... 58
Sócmhainní Corparáideacha, Láithreáin Thréigthe agus Struchtúir Chontúirteacha.... 68
Taisteal Gníomhach .... 69
Gníomhú ar son na hAeráide .... 74

## An Stiúrthóireacht um Fhorbairt Oibríochtúil

Bóithre agus Cúrsaí Iompair .... 78
Seirbhísí Comhshaoil .... 92
An Rannóg Caithimh Aimsire agus Taitneamhachta .... 96
Áiseanna agus Tionscadail Phobail .... 108

Áiseanna Spóirt Eile ........ 110
Páirceanna, Coillearnacha ........ 113
Tránna agus Sábháilteacht Uisce ........ 119
Oibríochtaí agus Bainistíocht Reiligí ........ 121
Bithéagsúlacht ........ 123

## An Stiúrthóireacht um Fhorbairt Chorparáideach

Cúrsaí Airgeadais 133
Forbairt Chorparáideach ........ 135
TFC agus Cúrsaí Digiteacha ........ 148
Ionad Seirbhíse do Chustaiméirí ........ 151
Cumarsáid / An Ghaeilge ........ 153
Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine ........ 158

**Aguisín 1 –** Ballraíocht na Comhairle ar Choistí ........ 161
**Aguisín 2** Comhdhálacha/Oiliúint ar fhreastail Comhaltaí Tofa orthu in 2025 ........ 163
**Aguisín 3** Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn
ar Phlean Corparáideach Chomhairle Cathrach na Gaillimhe 2024-2029 ........ 164
**Aguisín 4** Táscairí Feidhmíochta Chomhairle Cathrach na Gaillimhe ........ 179
**Aguisín 5** Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais 2025 ........ 195

# Focal Fáilte
## ón Méara

Is cúis mhór áthais dom an Tuarascáil Bhliantúil seo a chur i láthair, lena léirítear bliain ina raibh dul chun cinn suntasach dár gcathair. Bhí an bhliain seo lán de cheannaireacht chomhroinnte agus de sheachadadh leanúnach ar na huaillmhianta atá leagtha amach inár bPlean Corparáideach 2024-2029.

Léiriú ar obair na Comhairle ar fad is ea rath na bliana 2025, agus ba mhaith liom mo réamhtheachtaí a mholadh, an Comhairleoir Peter Keane, a bhí ina Mhéara ó Eanáir go Meitheamh. Baineadh spriocanna móra amach sa chathair seo faoina cheannaireacht, lena n-áirítear Comóradh 50 Bliain ónár nascadh le Lorient na Fraince, agus cruinniú iomlánach stairiúil de chuid na Comhairle a rinneadh trí mheán na Gaeilge. Bhí an Méara Keane i gceannas ar 22ú Gradaim Bhliantúla an Mhéara, ar tugadh ómós do bhreis is 90 duine agus grúpa as an obair dheonach neamhleithleach a rinne siad dár bpobal lena linn.



Ag chur leis an bhfuinneamh sin, lean Gaillimh ar aghaidh ag bláthú mar chathair den scoth sa dara leath den bhliain. Ba é príomhfhócas na Comhairle seo soláthar luathaithe tithíochta sóisialta agus inacmhainne ar ardchaighdeán, Taisteal Gníomhach agus ár dtiomantas don inbhuanaitheacht. Baineadh amach spriocanna móra in 2025 maidir le gníomhaíocht ar son na haeráide. Tá Gaillimh fós ar thús cadhnaíochta sa chultúr agus sa chruthaitheacht, le hathléimneacht eacnamaíoch agus fócas pobail níos láidre ná riamh.
Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an bPríomhfheidhmeannach, le foireann Chomhairle Cathrach na Gaillimhe, agus le mo Chomhaltaí Tofa as a dtiomantas. Thar aon ní eile, gabhaim buíochas le muintir na Gaillimhe as an rannpháirtíocht leanúnach agus muid ag obair le chéile chun cathair inbhuanaithe, chuimsitheach agus bhríomhar a thógáil.

**Méara Chathair na Gaillimhe, an Comhairleoir Mike Cubbard.**

# Réamhrá

## leis an bPríomhfheidhmeannach Leonard Cleary



Tá áthas orm, mar Phríomhfheidhmeannach, Tuarascáil Bhliantúil 2025 Chomhairle Cathrach na Gaillimhe a chur i láthair. Is léiriú í an tuarascáil seo ar an obair dhícheallach atá á déanamh againn chun ár bhfís don chathair a fhíorú, mar atá leagtha amach inár bPlean Corparáideach 2024–2029. Oibrímid i gcomhar le chéile — na comhaltaí tofa, an fhoireann thiomanta, agus muintir na cathrach — chun Gaillimh a fhorbairt mar chathair atá inbhuanaithe, cuimsitheach agus bríomhar do chách.

Cuirtear i láthair sa Tuarascáil Bhliantúil 2025 ár n-iarrachtaí comhchoiteanna chun a chinntiú go bhfanann Gaillimh ina cathair bhríomhar le bheith i do chónaí, ag obair, ag staidéar agus ag infheistiú inti. Bhí ár ndul chun cinn le linn 2025 bunaithe ar spriocanna straitéiseacha sa Phlean Corparáideach, ag cinntiú go gcuireann gach tionscadal agus seirbhís le todhchaí níos athléimní agus níos cuimsithí do Ghaillimh.

Is í an tosaíocht is tábhachtaí atá againn ná cathair a thógáil ina bhfuil áit chónaithe ag gach duine. In 2025, chuireamar iarratais ar thacaíocht tithíochta agus ar thithe nua ar aghaidh chuig ár liosta tithíochta sóisialta. Tá níos mó i gceist lenár gcuid oibre ná tógáil, le fócas láidir ar sheirbhísí do dhaoine gan dídean agus ag cabhrú le daoine todhchaí shlán a chinntiú.

D’oibríomar go dlúth lenár bpobail nua trí Fhoireann Lánpháirtíochta an Údaráis Áitiúil. Chuireamar tacaíocht phearsantaithe ar fáil do dhaoine atá ag lorg cosanta agus tús nua anseo i nGaillimh agus bhogamar teaghlaigh ó sheirbhísí do dhaoine gan dídean go buanthionóntachtaí tithíochta sóisialta.

Tá Gaillimh ag obair go dian le bheith ar thús cadhnaíochta maidir le gníomhaíocht ar son na haeráide. In 2025 rinneamar dul chun cinn trí chuid mhór dár bhflít feithiclí a aistriú go Plandola Hidreachóireáilte (HVO). Rinneamar ceiliúradh i mbliana ar 25 bliain de Pháirc Foraoise Thír Oileáin freisin. Le glacadh na Straitéise Spásanna Glasa, tá plean soiléir i bhfeidhm anois chun ár bpáirceanna, ár nádúr agus ár mbithéagsúlacht a chosaint agus a fheabhsú do na blianta atá romhainn.

In 2025, d'oibríomar go dlúth leis an gComhairle Contae chun Comhstraitéis Miondíola a thabhairt isteach, rud a thugann fís chomhroinnte dúinn do lár na cathrach atá láidir agus bríomhar. Chomh maith leis sin, rinneamar ceiliúradh ar 50 bliain de chairdeas lenár gcomhchathair Lorient na Fraince. Cuireadh tacaíocht ar fáil d'eagraíochtaí ealaíon le haghaidh gníomhaíochtaí cultúrtha. Tríd an Scéim chun Aghaidh Siopaí a Fheabhsú agus oibreacha móra feabhsúcháin ar an tSráid Thrasna agus Sráid na Lombardach, leanamar orainn ag infheistiú i gcuma shráideanna na cathrach.

I mí na Samhna 2025, reáchtáladh an chéad chruinniú den Chomhpháirtíocht Sábháilteachta Pobail Áitiúil, a thug muintir na háite agus gníomhaireachtaí áitiúla le chéile chun oibriú i dtreo cathair níos sábháilte do chách. Tugadh isteach Scéim Rannpháirtíochta Pobail nua i gCathair na Gaillimhe Thoir. Roghnaigh an pobal tionscadail ar nós Chlós Súgartha an Bhaile Bháin, ag cinntiú go léirítear lenár mbuiséad riachtanais agus tosaíochtaí áitiúla. Lean ár dtiomantas do Thaisteal Gníomhach ar aghaidh le rotharbhealaí nua agus gairdíní báistí do choisithe a chuidíonn le tuilte a bhainistiú.

Chun na spriocanna uaillmhianacha sin a bhaint amach, ní mór dúinn a bheith inár n-eagraíocht éifeachtach agus inrochtana. Táimid i mbun athrú digiteach faoi láthair, ag bogadh 90% dár seirbhísí ar líne faoi 2030. Tá obair ar chóras nua do Bhainistíocht ar Chaidreamh le Custaiméirí (CRM) faoi lán seoil, agus é deartha chun idirghníomhaíochtaí leis an gComhairle a chuíchóiriú.

In éineacht le hoibríochtaí laethúla an údaráis áitiúil, leanann Comhairle Cathrach na Gaillimhe ag cur dhá cheann déag de thionscadail tosaíochta chun cinn chun acmhainneacht tithíochta a fheabhsú, rochtain agus soghluaisteacht a fheabhsú, freagairt do rioscaí aeráide, agus acmhainní cuí seirbhísí agus bonneagair a chinntiú, san aon chathair amháin i réigiún an Tuaiscirt agus an Iarthair.

I measc na dtosaíochtaí sin tá Cuarbhóthar Chathair na Gaillimhe N6, BusConnects Gaillimh; Scéim Cosanta Tuilte Chathair na Gaillimhe (Coirib go Cósta); samhail mhaoinithe; cáin phíolótach Oíche Leaba do Thurasóirí; bonneagar fuíolluisce; athnuachan Bhóthar na Díge agus Bhóthar an Ghainimh; forbairt na nArdán a chumasú; Droichead Coisithe agus Rothaíochta Iarnróid an Chlocháin; ciste bonneagair chultúir; agus athfhorbairt Chalafort na Gaillimhe.

Cuireadh na tionscadail seo faoi bhráid an chláir náisiúnta rialtais agus is bonn iad le dul i dteagmháil lenár n-ionadaithe Oireachtais, chun infheistíocht agus tacaíocht náisiúnta a chinntiú do Chathair na Gaillimhe.



Ba mhaith liom mo bhuíochas ó chroí a ghabháil leis an Méara Mike Cubbard, lena

réamhtheachtaí an Comhairleoir Peter Keane, agus lenár gComhaltaí Tofa go léir as a gceannaireacht. Gabhaim buíochas freisin lenár mbaill foirne tiomanta, mar is féidir na héachtaí seo a bhaint amach mar gheall ar a gcuid oibre ar fud gach roinne. Cuirim fáilte roimh an bhfoireann nua a thosaigh i gComhairle Cathrach na Gaillimhe in 2025, agus déanaim comhghairdeas leo siúd go léir atá ag dul ar scor, nó atá ag dul chun cinn ina ngairm bheatha in eagraíochtaí eile.

Agus, níos tábhachtaí ná aon rud eile, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le muintir na Gaillimhe. Treoraítear an obair seo le bhur bhfuinneamh, bhur rannpháirtíocht agus bhur mórtas sa chathair.

# Comhaltaí Tofa Chomhairle Cathrach na Gaillimhe

## Oirthear Chathair na Gaillimhe


An Clr Aisling Burke


An Clr Declan McDonnell


An Clr Alan Cheevers


An Clr Shane Forde


An Clr Helen Uchechukwu Ogbu


An Clr Terry O'Flaherty

## Lár Chathair na Gaillimhe


An Clr Eibhlín Seoighthe


An Clr John McDonagh


An Clr Mike Cubbard


An Clr Frank Fahy


An Clr Josie Forde


An Clr Eddie Hoare

## Iarthar Chathair na Gaillimhe


An Clr Peter Keane


An Clr Alan Curran


An Clr Clodagh Higgins


An Clr Donal Lyons


An Clr Niall McNelis


An Clr  Michael J. Crowe

# An Fhoireann Ardbhainistíochta

**Patrica Philbin**, Stiúrthóir Seirbhísí, An Stiúrthóireacht um Fhorbairt Uirbeach
**Patrick Greene**, Stiúrthóir Seirbhísí, An Stiúrthóireacht um Fhorbairt Oibriúcháin
**Helen Kilroy**, Stiúrthóir na Stiúrthóireachta Airgeadais agus Forbartha Corparáidí
**Derek Pender**, Stiúrthóir Seirbhísí, An Stiúrthóireacht um Fhorbairt Tionscadal
**Elizabeth Fanning**, Stiúrthóir Gníomhach Seirbhísí, an Stiúrthóireacht um Fhorbairt Shóisialta

## Ár Misean

Leanúint de Ghaillimh a fhorbairt ina cathair de scoth an domhain maidir le láthair cónaithe, oibre, léinn agus infheistíochta trí sheirbhísí a chur ar fáil ar bhealach cóir, lánchuimsitheach, inbhuanaithe.

## Ár Ráiteas Físe

Déanfaidh Comhairle Cathrach na Gaillimhe cathair chultúrtha agus chruthaitheach a stiúradh, trí chomhoibriú le pobail agus gnólachtaí éagsúla na Gaillimhe agus níos faide ó bhaile, chun ár dtréithe uathúla, inbhuanaitheacht, ionchuimsitheacht, sábháilteacht agus nuálaíocht a neartú agus a fheabhsú.

# Comhaltaí agus Gníomhaíochtaí an Ghrúpa Beartais Chorparáidigh, na gCoistí Beartais Straitéiseacha, na gCoistí Ceantair agus an Choiste Póilíneachta.

## Grúpa Beartais Chorparáidigh

| Liosta Comhaltaí | |
|---|---|
| Cathaoirleach: An Clr Peter Keane / An Méara Mike Cubbard<br>An Clr Declan McDonnell - Forbairt Shóisialta<br>An Clr Mike Crowe - Forbairt Oibriúcháin An<br>Clr Mike Cubbard - Forbairt Tionscadail An<br>Clr Donal Lyons - Forbairt Uirbeach<br>An Clr Clodagh Higgins - Forbairt Chorparáideach<br>An Clr Níall McNelis - Forbairt Turasóireachta | |
| **Dátaí na gCruinnithe** | **Téama / Saincheisteanna polasaí ar tugadh aghaidh orthu** |
| 6 Eanáir 2025<br>4 Feabhra 2025<br>3 Márta 2025<br>7 Aibreán 2025<br>6 Bealtaine 2025<br>3 Meitheamh 2025<br>7 Iúil 2025<br>1 Meán Fómhair 2025<br>29 Meán Fómhair 2025<br>31 Deireadh Fómhair 2025 | • Athbhreithniú: An Buanordú don Choiste um Beartais Straitéiseacha, do Choistí Ceantair, don Choiste Nósanna Imeachta agus don Choiste Deontas – Dréacht-Chlár Tagartha, Oiliúna agus Forbartha do Chomhairleoirí 2025.<br>• Aontaíonn Toghchán an Uachtaráin dáta do Chruinniú Speisialta<br>• Dul chun cinn an Tascfhórsa Daonlathais Áitiúil<br>• Moladh ón Choiste Gaeilge go mbeadh cruinniú na Comhairle i mí an Mhárta ar siúl trí Ghaeilge<br>• Cruinniú Comhpháirteach CPG le Comhairle Chontae na Gaillimhe<br>• Caidreamh Idirnáisiúnta<br>• Ainmniú Cathartha, Cuimhneacháin agus Oidhreacht: Plaic ar an bhFaiche Mhór le haghaidh C.I. O'Flynn (an chéad Bhainisteoir Cathrach agus Contae), Suíochán ar an bhFaiche Mhór do Ronnie O'Gorman, plaic Arthur Colohan, ainmniú |

| | |
|---|---|
| 1 Nollaig 2025 | páirceanna ag Páirc an Labhrais i ndiaidh Tommy Keane.<br>• Athbhreithniú Cíosanna Difreálacha<br>• Tailte in aice le hOspidéal na hOllscoile, Tailte an Chairn Mhóir. |
| 16 Meán Fómhair 2025 | Athbhreithniú ar Bheartas Straitéiseach |

## Coistí Ceantair

De réir Alt 50 den Acht Rialtais Áitiúil 2001, oibríonn Comhairle Cathrach na Gaillimhe Coistí Ceantair do na toghcheantair Thoir, Láir agus Thiar. Cuireann na coistí seo fóram struchtúrtha ar fáil do Chomhairleoirí chun cúrsaí ar scála áitiúil a phlé agus chun ionadaíocht a dhéanamh ar ábhair imní an phobail. Le linn 2025, dhírigh na Coistí Ceantair ar shaincheisteanna a bhaineann go sonrach le comharsanachtaí, chuaigh siad i dteagmháil go díreach le hoifigigh maidir le seachadadh seirbhíse áitiúil agus feidhmíocht oibriúcháin, agus chinntigh siad go raibh tosaíochtaí áitiúla mar bhonn eolais do chinnteoireacht níos leithne ón gComhairle.

| **Coiste Ceantair an Oirthir** | |
|---|---|
| **Comhaltaí**: An Clr Shane Forde, An Clr Helen Ogbu, An Clr Terry O'Flaherty, An Clr Aisling Burke, An Clr Alan Burke, An Clr Declan McDonnell. | |
| **Dátaí na gCruinnithe** | **Téama / Saincheisteanna polasaí ar tugadh aghaidh orthu** |
| 10 Eanáir 2025 | • Scéim Feabhsúcháin Áitiúil, Máistirphleananna,<br>• Tithíocht Inacmhainne / Láithreáin Inacmhainne, Leithdháiltí Tithíochta Sóisialta, Uasdátuithe Caipitil Tithíochta. |
| 06 Márta 2025 | • Seicheamhú solais ag an bPáirc Mhór, acomhal Thermo King, An Baile Bán, stad bus do Ros Cam ar Bhóthar Dhabhach Uisce Theas. Oibreacha athdhromchlaithe agus cothabháil marcálacha bosca buí, sreabhadh tráchta, bearta sábháilteachta ag an mbealach isteach chuig Ospidéal Pháirc Mhuirlinne, Bóthar Bhaile Átha Cliath, luasteorainn chrios na scoile |
| 21 Bealtaine 2025 | • Scéim Taistil Ghníomhaigh an Bhaile Bháin/Bóthar Pháirc an Chaisleáin |
| 23 Iúil 2025 | • Páirceáil agus Taisteal ag OTA le linn na Nollag<br>• Oibreacha iarfheistithe d'Ionad Pobail an Bhóthair Mhóir |

| | |
|---|---|
| 24 Meán Fómhair 2025 | • Deontais suiteála luchtairí d'fheithiclí leictreacha ceadaithe do chlubanna spóirt.<br>• Deisiúcháin Soilsithe Sráide |
| 19 Samhain 2025 | • Pléadh úsáid TCI maidir le dumpáil mhídhleathach.<br>• Bruscar a ghlanadh feadh débhealaí, fíneálacha bruscair.<br>• Pléadh imní faoi iompar frithshóisialta.<br>• Ardaíodh fadhbanna maidir le geataí aonfhir agus bollataigh ag filleadh ar Bhaile an Locháin. |

## Coiste an Lárcheantair

**Comhaltaí**: An Clr Mike Cubbard, An Clr Frank Fahy, An Clr Josie Forde, An Clr Eddie Hoare. An Clr John McDonagh, An Clr Eibhlín Seoighthe.

| Dátaí na gCruinnithe | Téama / Saincheisteanna polasaí ar tugadh aghaidh orthu |
|---|---|
| 09 Eanáir 2025<br>20 Márta 2025<br>22 Bealtaine 2025<br>24 Iúil 2025<br>18 Meán Fómhair 2025<br>20 Samhain 2025 | • Scéim Feabhsúcháin Áitiúil, Máistirphleananna,<br>• Comhlíonadh agus forfheidhmiú, pleanáil inbhuanaithe atá nasctha le hiompar, agus straitéisí athghiniúna uirbigh.<br>• Áiseanna pobail, uasghrádú eastát, idirghabhálacha sábháilteachta, agus tacaíocht d'eagraíochtaí pobail.<br>• Oibreacha iarfheistithe maidir le gníomhaíocht ar son na haeráide sa Bharda Láir<br>• Tionchair a bhaineann le stoirmeacha (scáthláin bhus/soilsiú poiblí/crainn leagtha).<br>• Feabhsuithe ar Iompar, Soghluaisteacht agus Taisteal Gníomhach, sábháilteacht scoile, agus tionscadail chaipitil iompair. Iniúchadh Cosán, uasdátú ar stadanna bus an ÚNI, bearta maolaithe tráchta, veaineanna campála ar Bhóthar Dáileacháin an Iarthair (Cuid 8), dul chun cinn maidir le Páirceáil agus Taisteal na Ceapaí<br>• An réimse poiblí, glaineacht agus cuma na cathrach.<br>• Tionscnamh maidir le Buiséad Rannpháirteach 2026.<br>• Sábháilteacht an phobail agus iompar frithshóisialta. |

## Coiste Ceantair an Iarthair

**Comhaltaí**: An Clr Michael J. Crowe, An Clr Alan Curran, An Clr Clodagh Higgins, An Clr Peter Keane, An Clr Donal Lyons (Cathaoirleach), An Clr Níall McNelis

| Dátaí na gCruinnithe | Téama / Saincheisteanna polasaí ar tugadh aghaidh orthu |
|---|---|
| 7 Eanáir 2025<br>18 Márta 2025<br>27 Bealtaine 2025<br>27 Iúil 2025<br>18 Meán Fómhair 2025<br>18 Samhain 2025 | • Scéim Feabhsúcháin Áitiúil<br>• Máistirphleananna do Bhaile an Rí, An Rinn Mhór, Bóthar na Trá<br>• Scéimeanna Taistil Ghníomhaigh, maolú tráchta, Páirceáil agus Taisteal, Lána Bus Bhóthar na Ceapaí, fadhbanna le stad bus agus scáthlán.<br>• Iniúchadh cosán agus siúlóide chun inrochtaineacht a aithint<br>• Creatphlean Shráidbhaile agus Chladach Bhóthar na Trá<br>• Seanoifig Turasóireachta i mBóthar na Trá. Athfhorbairt Leisureland. Fadhbanna páirceála carbhán agus veaineanna campála i mBóthar na Trá. Tionchair chreimthe cósta agus imní inrochtaineachta ag Trá na mBan.<br>• Tionscadail Tithíochta Sóisialta agus Inacmhainne, Polasaí glacadh ar láimh.<br>• Bonneagar Pobail agus Áiseanna Poiblí i bPáirc na Ceapaí<br>• Bonneagar a athsholáthar/a dheisiú ag an gCarraig Dhubh (túr, dréimire, inrochtaineacht).<br>• Tionchair a bhaineann le stoirmeacha (scáthláin bhus/soilsiú poiblí/crainn leagtha). |

# Coistí Beartais Straitéiseacha

Tá ról tábhachtach ag Coistí um Beartais Straitéiseacha (SPC) maidir le treo Chomhairle Cathrach na Gaillimhe a mhúnlú. Le linn 2025, thug gach SPC Comhaltaí Tofa agus ionadaithe ó leasanna pobail, gnó agus earnála le chéile chun beartas a bhreithniú, a fhorbairt agus a athbhreithniú thar raon leathan réimsí. Chinntigh a gcuid oibre gur chuir dearcthaí áitiúla éagsúla bonn eolais faoi chinntí straitéiseacha agus faoi phleanáil fhadtéarmach na Comhairle. Tar éis bhunú na Scéime Beartais Straitéiseacha nua in 2024, lean na SPC ag cur príomhthionscnaimh bheartais chun cinn agus ag cur fóram tábhachtach ar fáil le haghaidh plé, comhoibrithe agus maoirseachta.

Léirítear leis an achoimre thíos na príomhréimsí oibre a rinne gach SPC i rith na bliana.

| SPC Tithíocht agus Cuimsiú Sóisialta | | |
|---|---|---|
| **Comhaltaí** | An Clr Declan McDonnell<br>An Clr Níall McNelis<br>An Clr Helen Ogbu<br>An Clr Aisling Burke<br>An Clr John McDonagh<br>An Clr Terry O'Flaherty<br>Olena Bratchenko<br>Eoin Waldron<br>Carol Baumann<br>Alan Daly | Comhalta Tofa<br>Comhalta Tofa<br>Comhalta Tofa<br>Comhalta Tofa<br>Comhalta Tofa<br>Comhalta Tofa<br>Pobal/Deonach<br>Forbairt/Tógáil<br>Ionchuimsiú Sóisialta<br>Ceardchumann |
| **Líon na gCruinnithe** | 5<br>31 Eanáir, 24 Márta, 28 Bealtaine, 10 Deireadh Fómhair, 19 Samhain 2025 | |
| **Téamaí / Saincheisteanna polasaí ar tugadh aghaidh orthu** | Plean Oibre an Phlean<br>Gníomhaíochta Réigiúnach do<br>Dhaoine gan Dídean 2025<br>Clár Cóiríochta don Lucht Siúil 2019-2024<br>Clár/Polasaí Iarfheistithe Éifeachtúlachta<br>Fuinnimh<br>Fáil Maoine<br>Comhpháirtíocht Sábháilteachta Pobail Áitiúil<br>Seachadadh Tithíochta, Uasdátú Caipitil Tithíochta, Tithíocht Inacmhainne, Scéim Tosaíochtaí Ligin, Scéim Cíosanna Difreálacha, | |

| | |
|---|---|
| | Éadálacha Dara Láimhe |

| | |
|---|---|
| Téamaí / Saincheisteanna polasaí ar tugadh aghaidh orthu | Plean Oibre SPC 2026<br>Uasdátú Cothabhála<br>Tithíochta<br>Plean Tithíochta - Tithe a Sheachadadh, Pobail a Thógáil |
| Polasaithe ar Glacadh Leo | |

| **SPC um Fhorbairt Uirbeach** | | |
|---|---|---|
| **Comhaltaí** | An Clr Donal Lyons | Comhalta Tofa (Cathaoirleach) |
| | An Clr Clodagh Higgins | Comhalta Tofa |
| | An Clr Eddie Hoare | Comhalta Tofa |
| | An Clr Frank Fahy | Comhalta Tofa |
| | An Clr Eibhlín Seoighthe | Comhalta Tofa |
| | An Clr Josie Forde | Comhalta Tofa |
| | Rachel Stewart | Gnó/Tráchtáil Forbraíochtaí |
| | Brendan Smith | Pobal/Deonach |
| | Helena McElmeel | Forbairt/Tógáil |
| | Reg Turner | Comhshaol/Caomhnú |
| **Líon na gCruinnithe** | 4<br>20 Feabhra, 22 Bealtaine, 25 Meán Fómhair, 20 Samhain 2025. | |
| **Téamaí / Saincheistean na polasaí ar tugadh aghaidh orthu** | • Clár Oibre agus Sceideal 2025<br>• An t-eolas is déanaí maidir le cur i bhfeidhm Phlean Forbartha na Cathrach<br>• Uasdátuithe pleanála lena n-áirítear Creat Bhóthar na Trá agus Comhstraitéis Miondíola<br>• THRIVE – Straitéis Chomhtháite Uirbeach na Gaillimhe Thiar<br>• Tionscadal Chalafort Chathair na Gaillimhe<br>• Léargas ar Phróifíl Socheacnamaíoch Cheantar Cathrach na Gaillimhe (Daonáireamh 2022)<br>• Dréachtphlean Oidhreachta 2024–2029, uasdátú ar Phlean Oidhreachta Chathair na Gaillimhe<br>• Dréachtscéim chun Aghaidh Siopaí a Fheabhsú 2025-2029<br>• Athbhreithniú agus Tuairisc ar Spás Fiontraíochta na Gaillimhe<br>• Uasdátuithe ón Oifig Fiontair Áitiúil (LEO)<br>• Plean Feidhmithe Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail Chathair na Gaillimhe 2026–2027 (dréachtghníomhartha agus céimeanna ceadaithe)<br>• Fógra Tairisceana: Fóram Gnó Chathair na Gaillimhe a bhunú (plé a bhíonn ag tarlú arís is arís eile) | |

| | |
|---|---|
| | • Uasdátú ar an gComhpháirtíocht Sábháilteachta Pobail Áitiúil<br>• Breithniú ar ghníomhaíochtaí forbartha eacnamaíochta agus pobail atá nasctha leis an PÁEP |

| | |
|---|---|
| **Polasaithe ar Glacadh Leo** | Scéim chun Aghaidh Siopaí a Fheabhsú 2025-2029<br>Plean Oidhreachta 2025–2030 |

| **SPC um Fhorbairt Chorparáideach** | |
|---|---|
| **Comhaltaí** | An Clr Clodagh Higgins Comhalta Tofa (Cathaoirleach)<br>An Clr Frank Fahy Comhalta Tofa<br>An Clr Michael J<br>Crowe Comhalta Tofa An Clr Aisling Burke<br>Comhalta Tofa<br>An Clr Alan Curran Comhalta Tofa<br>An Clr Shane Forde Comhalta Tofa<br>Lisa Cooley Gnó/Tráchtáil<br>Paul O'Donnell Pobal/Deonach<br>Marion Maloney Ionchuimsiú Sóisialta<br>Pat Hardiman Ceardchumann |
| **Líon na gCruinnithe** | 4<br>8 Bealtaine, 15 Iúil, 23 Meán Fómhair, 2 Nollaig 2025. |
| **Téamaí / Saincheisteanna polasaí ar tugadh aghaidh orthu** | • Fochoiste Gaeilge<br>• Plean Gníomhaíochta do Sheirbhís do Chustaiméirí agus Cairt Custaiméara 2025–2029 Chomhairle Cathrach na Gaillimhe.<br>• Córas um bainistíocht ar chaidreamh le custaiméirí (CRM).<br>• An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS).<br>• Pleanáil Airgeadais agus Cláir Chorparáideacha Clár Oibre Ilbhliantúil, Próiseas Buiséid Bliantúil agus uasdátú ar an gClár Caipitil 3 Bliana.<br>• Uasdátuithe Cód Caiteachais Phoiblí do riachtanais NOAC.<br>• Uasdátú ar phróisis bailithe ioncaim, Scéim Tarscaoilte Rátaí.<br>• Claochlú Digiteach agus Nuálaíocht trí Thionscadal Nexus agus Intleacht Shaorga agus a húsáid san eagraíocht. |
| **Polasaithe ar Glacadh Leo** | Plean Gníomhaíochta do Sheirbhís do Chustaiméirí agus Cairt Custaiméara 2025–2029 Chomhairle Cathrach na Gaillimhe. |

| SPC um Fhorbairt Oibriúcháin | |
|---|---|
| **Comhaltaí** | An Clr Michael J Crowe Comhalta Tofa<br>An Clr Alan Cheevers Comhalta Tofa<br>An Clr Donal Lyons Comhalta Tofa<br>An Clr Alan Curran Comhalta Tofa<br>An Clr Declan McDonnell Comhalta Tofa<br>An Clr Terry O'Flaherty Comhalta Tofa<br>Deirdre Mac Loughlin Earnáil Ghnó/Tráchtála<br>KevinJennings Earnáil Phobail/Dheonach<br>Patrick Thornton SIPTU (Ionadaí ón gCeardchumann)<br>Caroline Stanley Earnáil Chomhshaoil/Chaomhnaithe |
| **Líon na gCruinnithe** | 4<br>21 Eanáir, 21 Bealtaine, 17 Meán Fómhair, 3 Deireadh Fómhair, 26 Samhain 2025. |
| **Téamaí / Saincheisteanna polasaí ar tugadh aghaidh orthu** | • Beartas Maolaithe Tráchta<br>• Straitéis Spásanna Glasa<br>• Araidí Salainn Pobail<br>• Plean Gníomhaíochta Uisce<br>• Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta<br>• Fodhlíthe Páirceála 2025<br>• Tuarascáil maidir le Speicis Ionracha<br>• Plean Sábháilteachta Bóthair<br>• Tuarascáil um Glacadh i gCeannas<br>• Plean Seirbhíse Geimhridh 2025/2026<br>• Cur i Láthair Thrá na gCeann (Spóirt uisce)<br>• Plean Bainistíochta Bruscair 2025-2028 |
| **Polasaithe ar Glacadh Leo** | Straitéis na Spásanna Glasa 2026-2036<br>Straitéis Speiceas Ionrach 2025 - 2030<br>Fodhlíthe Páirceála 2025 |

| SPC um Fhorbairt Tionscadail | | |
|---|---|---|
| **Comhaltaí** | An Clr Mike Cubbard | Comhalta Tofa |
| | An Clr Eddie Hoare | Comhalta Tofa |
| | An Clr Shane Forde | Comhalta Tofa |
| | An Clr Eibhlín Seoighthe | Comhalta Tofa |
| | An Clr Josie Forde | Comhalta Tofa |
| | An Clr Peter Keane | Comhalta Tofa |
| | Seamus Hayes | Gnó/Tráchtáil |
| | Dominick Whelan | Pobal/Deonach |
| | Ethan Roche | Forbairt/Tógáil |
| | Brendan Mulligan | Comhshaol/Caomhnú |
| **Líon na gCruinnithe** | 4<br>18 Feabhra, 20 Bealtaine, 23 Meán Fómhair, 25 Samhain 2025 | |
| **Téamaí / Saincheisteanna polasaí ar tugadh aghaidh orthu** | • Dréachtpholasaí um Láithreáin Thréigthe<br>• Plean Corparáideach GCC 2024-2029, Clár Oibre Bliantúil do PDD SPC<br>• Cur i láthair ó Fhoireann GLUAS ar Fhéidearthacht Iarnród Éadrom na Gaillimhe,<br>• Máistirphleananna Páirceanna, Tionscadail Taistil Ghníomhaigh GCC, LCAP 2024, Scéim Faoisimh Tuilte Chathair na Gaillimhe Coirib go Cósta, Na hArdáin, Aerfort na Gaillimhe, Tionscadail ÚNI. | |
| **Polasaithe ar Glacadh Leo** | | |

| Coiste um Beartais Straitéiseacha - Turasóireacht | | |
|---|---|---|
| **Comhaltaí** | An Clr Níall McNelis | Comhalta Tofa (Cathaoirleach) |
| | An Clr Peter Keane | Comhalta Tofa |
| | An Clr Helen Ogbu | Comhalta Tofa |
| | An Clr Mike Cubbard | Comhalta Tofa |
| | An Clr Alan Cheevers | Comhalta Tofa |
| | An Clr John McDonagh | Comhalta Tofa |
| | Cáit Noone | Gnó/Tráchtáil |
| | Megs Morley | Pobal/Deonach/Cultúr |
| | Paul Carey | Forbairt/Tógáil |
| | Vusi Thabethe | Ionchuimsiú Sóisialta |
| **Líon na gCruinnithe** | 4<br>12 Márta, 14 Bealtaine, 17 Meán Fómhair, 11 Nollaig 2025. | |
| **Téamaí / Saincheisteanna polasaí ar tugadh aghaidh orthu** | Uasdátú ar Fhéile Phádraig, Féile Gaillimh Ah-Boo, Lá na hAfraice agus Clár Éire Ildánach.<br>Caidreamh idirnáisiúnta/Nascadh<br>Athbhreithniú ar Phlean Forbartha Eispéireas Ceann Scríbe (DEDP) le Fáilte Éireann.<br>Plé ar Fhógra Tairiscintí chun oifig an Mhéara Óige a bhunú.<br>Cur i láthair maidir le Leisureland a athshamhlú, Comhpháirtíocht Sábháilteachta Pobail Áitiúil.<br>Uasdátú ar Fhoirgnimh Chultúrtha, Clár Ealaíon, Plean Spóirt Áitiúil 2026 – 2031, Athbhreithniú ar Dheontais Spóirt Chomhairle Cathrach na Gaillimhe chun Athbhreithniú ar Bhuiséadú Rannpháirteach a mhaoiniú | |
| **Polasaithe ar Glacadh Leo** | Straitéis Aoisbhá 2025 – 2030 | |

# Seirbhísí Tithíochta agus Lánpháirtíochta

## Measúnuithe agus Leithdháiltí Tithíochta Sóisialta


Fuarthas 825 iarratas ar thacaíocht tithíochta sóisialta in 2025. I rith na bliana, ceadaíodh 551 iarratas agus cuireadh ar Liosta Feithimh Tithíochta Sóisialta Chomhairle Cathrach na Gaillimhe iad.

Taifeadadh san Achoimre ar Mheasúnú ar Riachtanais Tithíochta Sóisialta (SSHA), a cuireadh faoi bhráid na Roinne Tithíochta i mí na Samhna 2025, 4,095 teaghlach ar liosta feithimh Chomhairle Cathrach na Gaillimhe maidir le tithíocht shóisialta. Áirítear leis an bhfigiúr seo iarratasóirí aistrithe agus teaghlaigh a fhaigheann tacaíocht faoi láthair tríd an Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta (HAP), Scéim Cúnaimh Cíosa (RAS) nó thionóntachtaí faoi Léasú Fadtéarmach (LTL).

Nuair a chuirtear na catagóirí seo as an áireamh, meastar go bhfuil 2,106 teaghlach cáilithe do thithíocht shóisialta agus nach bhfuil aon tacaíocht tithíochta sóisialta á fáil acu. Is é líon iomlán na ndaoine aonair ar an liosta feithimh ná 8,109, agus tá 620 iarratas nua ceadaithe ón SSHA roimhe seo. Dúnadh 189 iarratas mar chuid den phróiseas SSHA.

Seo a leanas an Liosta Feithimh do Thithíocht Shóisialta de réir rogha ceantair agus de réir líon na seomraí leapa ag 10/12/2025:

**Liosta Feithimh do Thithíocht Shóisialta de réir rogha ceantair agus de réir líon na seomraí leapa**



Rinneadh 356 leithdháileadh tithíochta sóisialta ar iarratasóirí ar an liosta feithimh tithíochta in 2025, méadú 22% ar 2024. Astu seo, ba thionóntachtaí údaráis áitiúil 232 acu agus ba thionóntachtaí ó Chomhlacht Ceadaithe Tithíochta 124 acu. Fógraíodh 131 réadmhaoin tríd an gcóras Tithíochta Rogha-bhunaithe, agus fuarthas 17,693 ráiteas spéise san iomlán. Diúltaíodh do 58 tairiscint tithíochta i rith na bliana.

# Cothabháil Tithíochta

Ba é soláthar tithíochta Chomhairle Cathrach na Gaillimhe an 31 Nollaig 2025 ná 2877 aonad. Áirítear leis seo bánna láithreáin stad, aonaid inacmhainne nár díoladh, aonaid chomhpháirtíochta príobháideacha poiblí, aonaid mhoil mhodúlacha agus áiseanna pobail.

## Oibreacha Cothabhála agus Uasghrádaithe Beartaithe

Mar chuid de na cláir chothabhála atá beartaithe, fuair breis is 400 teach oibreacha pleanáilte, lena n-áirítear athsholáthar seachtrach fuinneoige & dorais, feabhsúchán taise, athsholáthar córas téimh, miondeisiúcháin dín, oibreacha leictreacha, srl.

| Clár | Líon iomlán na dtithe a uasghrádaíodh in 2025 |
|---|---|
| Fuinneoga & Doirse | 99 |
| Feabhsúchán taise / comhdhlúthaithe | 21 |
| Uasghrádú Córas Téimh | Gás- 87 Ola- 9 |
| Seirbhísiú Córas Téimh | 402 |
| Miondeisiúcháin Dín & Gáitéir | 316 |

## Cothabháil Phleanáilte

Críochnaíodh suirbhéanna riochtaí ar aonaid a bhaineann go sonrach leis an Lucht Siúil in 2025. Tuarascálacha mionsonraithe agus costais mheasta le haghaidh oibreacha agus athbhreithniú maoinithe ar siúl. Leantar de Thuarascálacha Iniúchtaí Tréimhsiúla Leictreacha (PIR) a dhéanamh.
PIR críochnaithe in 2025 = 40 aonad thar cheithre shuíomh
Bainistíocht Dramhaíola / Láithreáin stad a ghlanadh:

| Suíomh | An Obair | Costas |
|---|---|---|
| Cúl Trá | Sean-Bhoinn agus Troscán a bhaint | €3350 |
| Bóthar Thuama | Obair feabhais | €3985 |
| Bóthar Thuama | Seirbhís a dhéanamh ar an mbóthar | €4350 |
| Ceathrú an Bhrúnaigh | Seirbhís a dhéanamh ar an mbóthar: dramhaíl a bhaint agus glanadh suas | €24300 |
| Ceathrú an Bhrúnaigh | Clós súgartha/lárcheantar | €650 |
| | **Iomlán:** | **€36,635** |

# Oibreacha Feabhsúcháin Radóin

## Tástáil Radóin

Rinneadh tástáil ar 254 réadmhaoin laistigh de 2025, agus tá athbhreithniú ar siúl ar na torthaí. Críochnófar oibreacha a aithint bunaithe ar na hoibreacha seo in 2026.

## Seirbhísiú Umair

Rinneadh gaothráin a athsholáthar i 20 réadmhaoin agus cuireadh monatóirí atriail sna háiteanna seo freisin.

# Oibreacha Aisfheistithe & Athchóirithe Fuinnimh i réadmhaoin atá faoi thionóntacht & folamh

Fuair an Clár Éifeachtúlachta Fuinnimh (EERP) ceadú maoinithe de €1,530,000 in 2025 chun 45 réadmhaoin a iarfheistiú ar chaighdeán B2 mar a chinn an Roinn Tithíochta.

Le linn 2025, d'uasghrádaigh GCC 54 réadmhaoin san iomlán go B2 nó níos mó trí oibreacha EERP.

# Athrú tionóntachta / athchóiriú folúis

In 2025, géilleadh 73 réadmhaoin do GCC. Fuair 75 réadmhaoin oibreacha réamhthionóntachta ardchaighdeáin agus cuireadh ar ais iad lena n-athligean.

# Iniúchtaí Íoschaighdeán ar réadmhaoin atá ar cíos go príobháideach.

| Líon iomlán na nIniúchtaí Íoschaighdeán a rinneadh ar réadmhaoin ar cíos go príobháideach in 2025 | |
|---|---|
| Réadmhaoin a ndearnadh mionscrúdú orthu | 1412 |
| Réadmhaoin ar éirigh leo | 227 |
| Litreacha feabhsúcháin a eisíodh | 1150 |
| Fógraí feabhsúcháin a eisíodh | 35 |

# Deontas Oiriúnaithe Tithíochta

Ba é an leithdháileadh caipitil do Chomhairle Cathrach na Gaillimhe ón DHLGH chun na Deontais Oiriúnaithe Tithíochta do Sheandaoine agus do Dhaoine faoi Mhíchumas a íoc i leith tithe príobháideacha in 2025 ná €1,920,572.

| Cineál Deontais Tithíochta Príobháidí | Iomlán 2025 | Íocaíochtaí iomlána 2025 |
|---|---|---|
| Deontas Oiriúnaithe Tithíochta (HAG) Príobháideach | 93 | €974,964 |
| Cúnamh Tithíochta do Dhaoine Scothaosta (HOP) | 157 | €921,380 |
| Deontas Áiseanna Soghluaisteachta (MAG) | 7 | €23,500.00 |
| **Iomlán** | **257** | **€1,919,844** |

## Oiriúnú ar áiteanna cónaithe údaráis áitiúil

| Cineál Deontais Tithíochta an Údaráis Áitiúil | Iomlán 2025 | Íocaíochtaí Iomlána 2025 |
|---|---|---|
| Deontas Oiriúnaithe Tithíochta (HAG) an Údaráis Áitiúil | 45 | €562,211.19 |

## Seirbhísí do Dhaoine gan Dídean

Lean Roinn Tithíochta Chomhairle Cathrach na Gaillimhe ag obair go dlúth le páirtithe leasmhara reachtúla agus deonacha i soláthar seirbhísí do dhaoine gan dídean i rith 2025. Ina theannta sin, lean Comhairle Cathrach na Gaillimhe lena ról mar phríomhúdarás chun Plean Gníomhaíochta Réigiún an Iarthair maidir le Daoine gan Dídean a chur i bhfeidhm.

Thacaigh Comhairle Cathrach na Gaillimhe le cláir chóiríochta do dhaoine gan dídean a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear:

- Tús Áite don Tithíocht: Is é aidhm Tús Áite don Tithíocht tacú le daoine aonair gan dídean a mheastar a bheith gan dídean go fadtéarmach, a bhfuil riachtanais chasta mheabhairshláinte acu go minic. Tá 57 tionóntacht faoi 'Tús Áite don Tithíocht' cruthaithe ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe.
- Freagairt don Aimsir Fhuar (CWR): Ritheann an CWR do dhaoine a chodlaíonn amuigh gach bliain ó mhí na Samhna go mí an Mhárta. Tá an tseirbhís á reáchtáil ag COPE Galway i réadmhaoin atá ar léas ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe ar an taobh thoir den chathair. Lean Seirbhísí For-rochtana Sráide agus Ionaid Lae ar aghaidh ag feidhmiú i rith na bliana do dhaoine a bhíonn ag codladh amuigh. Tá athchóiriú á dhéanamh faoi láthair ar an Ionad Lae ar Bhóthar Shéamais Uí Chuirc, agus tá an tseirbhís á cur ar fáil go sealadach ag an mol modúlach ar an Taobh Thiar.
- Tithíocht Phobalbhunaithe agus Idirthréimhseach: Úsáideann seirbhísí do dhaoine gan dídean roinnt réadmhaoine mar rogha eile ar chóiríocht éigeandála do dhaoine gan dídean, ag tacú le teaghlaigh bogadh ó easpa dídine go cóiríocht sheasmhach.
- Scéim Tacaíochta do Theaghlaigh atá á treorú ag Tithíocht (Clár Píolótach na Gaillimhe): Tá ceithre theaghlach rannpháirteach sa chlár píolótach seo do

theaghlaigh a bhfuil riachtanais réasúnta casta acu. Cuireann COPE Galway tacaíocht ar fáil, agus cuireann TUSLA, FSS agus Gluaiseacht Lucht Siúil na Gaillimhe tacaíocht bhreise ar fáil, ag brath ar riachtanais na dteaghlach.

In ainneoin brú leanúnach ar sheirbhísí do dhaoine gan dídean i gCathair na Gaillimhe, agus méadú ar líon na ndaoine a thagann chuig an gComhairle le haghaidh measúnú do dhaoine gan dídean, tháinig laghdú in 2025 ar líon na ndaoine a bhain leas as cóiríocht éigeandála do dhaoine gan dídean. Léirítear leis an laghdú seo comhiarrachtaí Chomhairle Cathrach na Gaillimhe agus soláthraithe seirbhíse chun easpa dídine a chosc agus chun tacú le daoine seirbhísí gan dídean a fhágáil go rathúil.

Ag deireadh na bliana, bhí 178 duine fásta ag baint leas as cóiríocht éigeandála do dhaoine gan dídean i gCathair na Gaillimhe, laghdú 17% ar fhigiúirí na bliana seo caite. Chuimsigh an figiúr sin 94 duine fásta aonair, 84 duine fásta laistigh de theaghlaigh, 57 teaghlach agus 100 leanbh.

Ba thosaíochtaí do Chomhairle Cathrach na Gaillimhe in 2025 iad easpa dídine a chosc agus díriú ar bhealaí amach as seirbhísí do dhaoine gan dídean.

- Tugadh teach sóisialta do 95 teaghlach i seirbhísí do dhaoine gan dídean in 2025.
- D'oibrigh an tOifigeach Cothabhála Tionóntachta go dlúth le teaghlaigh a bhí i mbaol easpa dídine. Ag deireadh na bliana, bhí 162 Fógra Foirceanta bailí ann agus bhí an Oifig Cothabhála Tionóntachta ag déileáil leo.
- Áit a Aimsiú do Dhaoine gan Dídean faoi HAP. Cruthaíodh 39 tionóntacht HAP in 2025.

## Tacaíocht maidir le hObair Shóisialta

In 2025, lean rátaí atreoraithe an Aonaid Oibre Sóisialta ag méadú, agus fuarthas 288

atreorú. I measc na dtorthaí dearfacha a sholáthair an fhoireann in 2025 tá:

- Ciste Cruthaitheachta do dhaoine aonair i gcóiríocht éigeandála do dhaoine gan dídean, i gcomhar le hOifig Ealaíon Chomhairle Cathrach na Gaillimhe
- Tionscadal Living my Life, i gcomhar le Ability West, Brothers of Charity agus Proactive Carers and Guardians. Faoi dheireadh 2025, chinntigh comhoibriú Chomhairle Cathrach na Gaillimhe leis an Tionscadal Living My Life agus tacaíocht do rannpháirtithe go bhfuil 8 rannpháirtí i dTionscadal Living My Life ag maireachtáil go neamhspleách ina dtithe féin i dtionóntachtaí agus i bpobail dá rogha féin.
- Tá dhá thionóntacht rathúil a bhfuil tacaíocht leo curtha ar fáil ag Tionscadal Píolótach Tithíochta faoi stiúir Teaghlaigh i gcomhar le COPE Galway agus DHLGH do theaghlaigh leochaileacha a bhí gan dídean roimhe seo.
- Thacaigh Obair Shóisialta i gcomhar leis an bhFoireann do Dhaoine gan Dídean agus

na Soláthraithe Seirbhíse Clann Shíomóin na Gaillimhe agus COPE Galway le dul chun cinn 13 Thionóntacht 'Tús Áite don Tithíocht', níos mó ná dhá oiread ár sprioc de 6 do 2025.

## Scéim Íocaíochta Cúnaimh Tithíochta (HAP)

Bunaíodh 186 tionóntacht HAP san iomlán in 2025 lena n-áirítear aistriú 8 dteaghlach ar fhorlíonadh cíosa fadtéarmach go HAP. Ar an iomlán, tá cóiríocht curtha ar fáil do 3793 teaghlach faoi HAP ó bunaíodh i gCathair na Gaillimhe é, agus tá 1722 tionóntacht ghníomhach HAP i bhfeidhm ag deireadh 2025. Thug tiarnaí talún 138 Fógra Foirceanta san iomlán i HAP le linn 2025.

## An Scéim Cóiríochta Cíosa (RAS)

Ba é líon na réadmhaoine san earnáil phríobháideach ar cíos faoin Scéim Cóiríochta Cíosa ná 142 ag deireadh 2025. Tacaíodh le 337 tionóntacht eile faoin Scéim Cóiríochta Cíosa san earnáil tithíochta deonaí, sin méadú 71 ar Ráithe 4 anuraidh. Cruthaíodh 117 tionóntacht nua AHB faoin Scéim Cóiríochta Cíosa i rith na bliana. Lean tiarnaí talún ag imeacht ón Scéim Cóiríochta Cíosa san earnáil cíosa phríobháidigh go leanúnach agus go tapa in 2025 agus baineadh 18 réadmhaoin den Scéim Cóiríochta Cíosa go príomha toisc gur dhíol tiarnaí talún an réadmhaoin.

## Cíosanna Tithíochta

Tháinig scéim cíosanna difreálacha nua i bhfeidhm an 1 Deireadh Fómhair 2025, agus ríomhadh cíos do gach tionóntacht nua tar éis an dáta sin ag baint úsáid as an scéim nua. Faoin scéim nua, ríomhtar cíos seachtainiúil mar 20% d'ioncam inmheasúnaithe teaghlaigh. Baineann sé seo le tionóntachtaí tithíochta sóisialta a sholáthraíonn Comhairle Cathrach na Gaillimhe, tionóntachtaí a sholáthraíonn Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta agus tionóntachtaí HAP. Le linn 2026, déanfar athbhreithniú iomlán ar thionóntachtaí uile Chomhairle Cathrach na Gaillimhe agus aistreofar gach cuntas cíosa chuig an scéim nua.

## Bainistíocht Eastát agus Tacaíocht do Thionóntaí

Tá Comhairle Cathrach na Gaillimhe freagrach as breis agus 2600 tionóntacht a bhainistiú i níos mó ná 200 eastát sa chathair, agus tá líon na dtionóntachtaí agus na n-eastát nua ag méadú i gcónaí. Tá bainistíocht cheart ar na heastáit seo ina phríomhaidhm ag an Stiúrthóireacht um Fhorbairt Shóisialta agus tá Foireann Oifigeach Idirchaidrimh Eastát Tithíochta (HELO) i bhfeidhm chun tacaíocht ar an talamh a chur ar fáil do thionóntaí. Tá Oifigeach Cóiríochta don Lucht Siúil, Oifigeach Idirchaidrimh don Lucht Siúil agus Oifigeach Athlonnaithe fostaithe ag an gComhairle freisin.

I measc na bhfeidhmeanna sonracha bainistíochta eastáit tá comhairle agus oiliúint tionóntachta, tacaíocht do chumainn chónaitheoirí agus imscrúdú ar ghearáin a bhaineann le sárú tionóntachta agus/nó iompar frithshóisialta. Oibríonn an Rannóg Bainistíochta Eastát i gcomhpháirt le ranna eile i gComhairle Cathrach na Gaillimhe agus le grúpaí agus gníomhaireachtaí eile sa chathair, lena n-áirítear An Garda Síochána agus Cumainn Cónaitheoirí.

## An Scéim Ceannaigh Incrimintigh do Thionóntaí

Fuarthas 14 iarratas faoin Scéim Ceannaigh Incrimintigh do Thionóntaí in 2025. Dhíol Comhairle Cathrach na Gaillimhe 9 réadmhaoin in 2025, le luach an mhargaidh iomlán de €2,515,000. Fuair Comhairle Cathrach na Gaillimhe €1,168,500 ó dhíol na réadmhaoine seo.

## Iasacht Tí Údaráis Áitiúil

Fuair Comhairle Cathrach na Gaillimhe ceadú le haghaidh iasachtú nua suas le €5,470,000 in 2025. Fuarthas 29 iarratas in 2025 agus eisíodh 2 thairiscint iasachta.

Tá 430 iarratas faighte ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe ar an iomlán faoi Scéimeanna Iasachta na nÚdarás Áitiúil ó cuireadh tús leo. Ceadaíodh 181 iarratas ar iasacht le luach iomlán de €33,225,677. Baineann 36 acu seo leis an Scéim Ceannaigh do Thionóntaí, áit ar ceadaíodh maoiniú do thionóntaí chun an réadmhaoin a cheannach, bhí áit ar cíos acu ó Chomhairle Cathrach na Gaillimhe. Tá 85 iasacht cheadaithe tarraingthe anuas ag na hiarratasóirí, suas le luach iomlán de €13,650,581 agus tá 3 thairiscint iasachta fós bailí agus féadfar iad a tharraingt anuas.

## Cóiríocht don Lucht Siúil

Sonraíodh sa Chomhaireamh Measta Bliantúil de Theaghlaigh den Lucht Siúil agus a n-ionad lóistín in 2025 figiúr measta de 633 teaghlach den Lucht Siúil i gCathair na Gaillimhe oíche an chomhairimh, méadú 36 ar an mbliain seo caite.

Ghlac Comhairle Cathrach na Gaillimhe leis an gClár Cóiríochta don Lucht Siúil (TAP) i mí na Nollag 2024 agus clúdaítear leis an tréimhse ama ó 2025 go 2029. Réamh-mheastar sa phlean go mbeidh gá le 259 aonad cóiríochta do theaghlaigh den Lucht Siúil sa chathair le linn shaolré an phlean, thar mheascán de chineálacha tionachta (láithreáin stad, scéimeanna tithíochta grúpa agus tithíocht shóisialta chaighdeánach).

In 2025, seachadadh 5 Aonad Tithíochta Grúpa nua (Bóithrín na Saoirse, An Cuarbhóthar) agus ceannaíodh 3 réadmhaoin trí úsáid a bhaint as maoiniú ón Aonad Cóiríochta don Lucht Siúil. Cuireadh 12 leithdháileadh ar thithíocht shóisialta chaighdeánach ar aghaidh chuig teaghlaigh a dúirt gur daoine den Lucht Siúil a bhí iontu ar a bhfoirm iarratais ar thithíocht

shóisialta. Fuair 5 theaghlach iasacht tríd an Scéim Iasachta Carbhán le go bhféadfaí carbhán nua a cheannach.

Tháinig an Coiste Comhairleach um Chóiríocht don Lucht Siúil Áitiúil (LTACC) le chéile ceithre huaire in 2025. Tá dhá fhoghrúpa LTACC bunaithe freisin – foghrúpa bainistíochta eastáit agus foghrúpa oibriúcháin.

In 2025, fuair Comhairle Cathrach na Gaillimhe maoiniú trí Chiste na gCuntas Díomhaoin chun taighde a dhéanamh ar Rannpháirtíocht Tionóntachta i gCóiríocht Shonrach don Lucht Siúil. Roghnaíodh Bóithrín na Saoirse mar shuíomh píolótach don tionscadal agus rinne Ollscoil na Gaillimhe an taighde. Foilseofar an tuarascáil a bheidh mar thoradh air in 2026 agus déanfaidh na torthaí eolas do thionscadail amach anseo agus d’obair rannpháirtíochta tionóntachta a bhaineann le cóiríocht don Lucht Siúil.

## Foireann Lánpháirtíochta na nÚdarás Áitiúil

In 2025, chuir Foireann Lánpháirtíochta na nÚdarás Áitiúil (LAIT) clinicí tacaíochta ar fáil thar 20 suíomh i gCathair na Gaillimhe, ag tairiscint cúnamh saincheaptha do 1,642 Iarratasóir ar Chosaint Idirnáisiúnta (IPA) agus 507 Tairbhí de Chosaint Shealadach (BTP). Reáchtáladh clinicí ar an láthair uair sa choicís, agus bhí clinicí ar líne ar fáil do chliaint nach raibh in ann freastal orthu go pearsanta.

Bhí comhoibriú lárnach in obair Fhoireann Imeasctha na nÚdarás Áitiúil le linn 2025. Áiríodh ar na príomh-chomhpháirtíochtaí agus tionscnaimh:

- Taispeánadh taispeántas frithchiníochais SALAAM, comhoibriú idir foireann LAIT agus an tionscadal Comhghuaillíocht Inbhuanaithe i gCoinne Fuath Frith-Mhoslamach (SALAAM), faoi stiúir Ollscoil Luimnigh agus maoinithe ag an gCoimisiún Eorpach, ag roinnt áiteanna ar fud na cathrach, lena n-áirítear Halla na Cathrach, Ospidéal na hOllscoile Gaillimh agus OTA.
- Oiliúint ‘Pathways to Belonging’ i gcomhpháirtíocht le Pernet, d’Iarratasóirí ar Chosaint Idirnáisiúnta.
- Cruinnithe a chomhéascú leis an gComhpháirtíocht Sábháilteachta Pobail don Gharda Síochána agus le bainisteoirí Ionad Seirbhísí Cóiríochta um Chosaint Idirnáisiúnta i gCathair na Gaillimhe chun saincheisteanna a bhaineann le sábháilteacht na gcónaitheoirí agus na foirne sna hionaid a phlé.
- Ceardlann sábháilteachta rothar a chomhóstáil leis an gComhpháirtíocht Sábháilteachta Pobail agus leis an nGarda Síochána ag ionad Seirbhísí Cóiríochta um Chosaint Idirnáisiúnta Bhaile an Bhriotaigh.
- Cruinniú Oibrithe Tacaíochta Lánpháirtíochta Réigiúnacha i mí na Nollag 2025.

Lean LAIT lena thiomantas chun acmhainn earnála a fhorbairt tríd an Tionscnamh Oiliúna Oscailte, clár oiliúna cuimsitheach atá deartha do ghníomhaireachtaí

comhphháirtíochta agus eagraíochtaí a oibríonn le hiarrthóirí tearmainn.



D'fhreastail 332 rannpháirtí san iomlán ar sheisiúin oiliúna in 2025. I measc na n-ábhar oiliúna bhí Conas Oibriú le hAteangairí, Eolas faoi gháinneáil ar ghnéas, athaontú teaghlaigh, an Próiseas Tearmainn agus Seirbhísí Tacaíochta d'Imircigh, Cearta agus Teidlíochtaí Tithíochta, Ag obair le Marthanóirí Tráma sa Chomhthéacs Tearmainn, Garchabhair Shíceolaíoch (do Pháistí agus do Dhaoine Fásta), Frithgháinneáil ar Dhaoine, Eolas faoi chiorrú ball giniúna ban, Oiliúint Inniúlachta Cultúrtha, Foréigean Inscnebhunaithe sa Chomhthéacs Tearmainn, Oiliúint Feasachta Féinmharaithe agus Oiliúint Frithchiníochais. Chuir raon soláthraithe oiliúint ar fáil, lena n-áirítear Comhairle Dídeanaithe na hÉireann, Ruhama, Doras, Jane Mulcahy PhD, Cros Dhearg na hÉireann, An Chomhairle um Inimircigh in Éirinn, Safetalk, INAR agus AKidwa.

Bhí an Fóram um Lánpháirtíocht Pobail gníomhach in 2025. Tháinig baill an Fhóraim le chéile chun riachtanais na ngrúpaí cliant atá ag teacht chun cinn a phlé, chun aird a tharraingt ar bhacainní nó ar fhadhbanna atá roimh an ngrúpa cliant agus chun eolas agus imeachtaí spéise atá le teacht a roinnt le gach gníomhaireacht.
Tá scéim 'Tairg Réadmhaoin', atá nasctha le freagairt na hÚcráine, ag tacú faoi láthair le 35 réadmhaoin atá geallta ar fud Chathair na Gaillimhe le 114 tionónta cláraithe.

# Rialú Tógála

Is éard atá i gceist leis an bhfeidhm Rialaithe Tógála ná a chinntiú go gcomhlíontar na Rialacháin Rialaithe Tógála, na Rialacháin Tógála, na Rialacháin maidir le Táirgí Foirgníochta agus Feidhmíocht Fuinnimh i bhfoirgnimh nua agus i bhfoirgnimh atá ann cheana. Áirítear leis an athbhreithniú agus an scrúdú Iarratais ar Dheimhniú Sábháilteachta ó Dhóiteán, Fógraí Tosaithe, Iarratais ar Dheimhniú Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas agus Iarratais ar Dheimhniú Comhlíonta ar Chríochnú a eisíodh faoin gCóras Bainistíochta Rialaithe Foirgníochta.

Tá achoimre sa tábla thíos ar líon iomlán na bhfógraí, na dteastas agus na n-iniúchtaí do 2025:

| | |
|---|---|
| Líon na bhFógraí Tosaithe bailí | 152 |
| Líon na nIarratas bailí ar Dheimhniú Sábháilteachta ó Dhóiteán | 97 |
| Líon na nDeimhnithe bailí Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas | 48 |
| Líon na nIarratas bailí ar Dheimhniú Comhlíonta ar Chríochnú | 97 |
| Líon na nIniúchtaí Rialaithe Tógála | 44 |

# Áiseanna

Déanann an Rannóg Áiseanna na hoibreacha cothabhála, uasghrádaithe agus forbartha riachtanacha go léir ag Halla na Cathrach, chuig an iosta foirne lasmuigh ag Bóthar an Ghainimh chomh maith leis an gcóiríocht oifige ag Faiche an Aonaigh, 401 an Fhaiche Mhór agus an Scoil Ghramadaí. Cuireann an rannóg cúnamh ar fáil freisin d'áiseanna eile sa Chathair mar an Músaem agus aonaid tráchtála faoi úinéireacht na Comhairle. Tá an rannóg Áiseanna freagrach as cothabháil na gcóras uile i bhfoirgnimh oifigí Chomhairle Cathrach na Gaillimhe agus Iosta Bhóthar an Ghainimh. Áirítear ar na córais seo aláraim ionraidh, aláraim dóiteáin, teas, aeráil, aonaid aerchóirithe, trealamh ceaintín, soilsiú éigeandála, soilsiú taisc, soláthar spáis oifige, agus gach suiteáil mheicniúil agus leictreach.

# Cóiriú Áite agus Caomhnú agus Oidhreacht Ailtireachta

## Cóiriú Áite

Is cur chuige uileghabhálach é cóiriú áite maidir le pleanáil, dearadh, cur i bhfeidhm agus bainistiú spásanna poiblí agus forbairtí straitéiseacha. Bunaíodh foireann Uirbeachta agus Cóirithe Áite Chomhairle Cathrach na Gaillimhe i nDeireadh Fómhair 2023 chun cur i bhfeidhm na bpríomhthionscadail réimse poiblí atá i Straitéis Réimse Poiblí na Gaillimhe a chur chun cinn agus a tugadh isteach i bPlean Forbartha Chathair na Gaillimhe 2023-2029.

### An Fearann Poiblí

Bronnadh maoiniú €8.64m faoin gCiste Athghiniúna agus Forbartha Uirbeach (URDF), agus thacaigh cistiú meaitseála ón Údarás Náisiúnta Iompair leis chun na tionscadail seo a leanas a chur chun cinn:

- **Tionscadal Athnuachana na Sráide Trasna** - An tSráid Thrasna, An tSráid Láir, Bóithrín na Bláthaí agus Slí na Bláthaí. In 2025 chríochnaigh comhairleoirí an Réamhchás Gnó agus dréacht den Réamhdhearadh don tionscadal seo a ullmhú.

- **Tionscadal Athnuachana Shráid na Lombardach** - Sráid na Lombardach/Sráid an Mhargaidh, Sráid na Cille, Lána an Teampaill. I Ráithe 4 2025, foilsíodh tairiscint le haghaidh seirbhísí gairmiúla do eTenders chun tús a chur le dearadh an tionscadail.

### Nascacht Iompair

D'fhoilsigh an Fhoireann Uirbeachta tairiscint seirbhísí gairmiúla freisin do Chéim 2 de thionscadal sna hArdáin, a bhain €10.95m amach faoin URDF agus a fuair tacaíocht ó Ranníocaíochtaí Forbartha.

# Caomhnú agus Oidhreacht Ailtireachta

Bunaíodh an Rannóg Caomhnaithe Ailtireachta i mí Aibreáin 2024, agus baineann a príomhfheidhmeanna le bainistiú, cosaint agus cur chun cinn Oidhreacht Thógtha Chathair na Gaillimhe. Baineann príomhghníomhaíochtaí na rannóige leis an gcosaint reachtúil a thugtar do Struchtúir Chosanta agus Limistéir Chaomhantais Ailtireachta trí phleanáil, forfheidhmiú agus tacaíochtaí don phobal.

Áiríodh leis na príomh-mhíreanna a rinneadh in 2025

- 'Seandálaíocht Foirgneamh a Fhiosrú' a óstáil (i gcomhpháirtíocht leis an NBHS, NMS agus IWTN); Suirbhé Oidhreachta Dúchasaí Bhaile an Dúlaigh a choimisiúnú;
- An 2ú Cruinniú Caomhnaithe Ailtireachta i gCathair na Gaillimhe, 'AG OIBRIÚ SIAR, AG BOGADH AR AGHAIDH' a óstáil - Imeacht Athúsáide Oiriúnaitheach (i gcomhpháirtíocht leis an NBHS);
- Deontais na Scéime Infheistíochta Oidhreachta Tógtha a riar,
- An Stocáireamh Oidhreachta Tógtha a chur i bhfeidhm agus a chríochnú;
- Tacú le feidhmiú céimneach Scéim 2026 chun Aghaidh Siopaí a Fheabhsú
- Tabhairt faoi oiliúint agus rannpháirtíocht scileanna tógála traidisiúnta ag Feirm Úi Fhathaigh;
- Tacú leis an Straitéis Uirbeach Comhtháite Thrive don Cheantar Thiar, lena n-áirítear comhordú a dhéanamh ar ullmhú Plean Bainistíochta Caomhnaithe do 47 Sráid Dhoiminic Íochtarach (Ionad Ealaíon na Gaillimhe);
- Cosáin Shiúlóid na nIontas a chur agus a fhorbairt ar an bhFaiche Mhór agus i gcroí-limistéir Chaomhantais Ailtireachta na Cathrach;
- Rannpháirtíocht sa taispeántas 'Tithe ón Seansaol' ag an bhféile Ailtireacht ar an Imeall; Clinicí Caomhnaithe saor in aisce d'úinéirí/áititheoirí foirgneamh i Limistéir Chaomhantais Ailtireachta;
- Cainteanna éagsúla eile agus cur chun cinn ar líne.

In 2025, chuir an Oifig Oidhreachta oidhreacht Chathair na Gaillimhe chun cinn go gníomhach trí chomhairle, treoir agus rannpháirtíocht phoiblí. Le tacaíocht ón gComhairle Oidhreachta, d'fhoilsigh sí 'Galway's Heritage in Stone, Catalogue 11 - Heraldic Panels'. Reáchtáladh an 15ú Comhdháil Bhliantúil Oidhreachta Chathair na Gaillimhe - bhí an lucht féachana an-sásta leis na fionnachtana agus an taighde nua in Aibhneacha, Lochanna agus Farraigí na hÉireann.


Glacadh leis an bPlean Oidhreachta 2025-2030 i mí an Mhárta 2025. Bhí turais threoraithe agus ceardlanna mar chuid de Sheachtain na hOidhreachta i mí Lúnasa, rud a chuir le rannpháirtíocht an phobail. Coinníodh comhpháirtíochtaí leanúnacha trí rannpháirtíocht i Líonra na nOifigeach Oidhreachta agus i gcruinnithe Líonra Bhailte Múrtha na hÉireann.

# Pleanáil chun Cinn

Déileálann an Rannóg um Pleanáil chun Cinn leis na cáipéisí, na straitéisí agus na pleananna reachtúla/neamhreachtúla úsáide talún a ullmhú do chathair na Gaillimhe. Féachann siad le pleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe na cathrach a sholáthar, forbairt pobal inbhuanaithe agus fiontraíocht a chur chun cinn agus a éascú, agus cosaint oidhreacht nádúrtha agus tógtha agus taitneamhacht an cheantair a chinntiú, ar bhealach atá ag teacht leis an bhfís agus leis na torthaí straitéiseacha atá mar bhonn le Plean Forbartha Chathair na Gaillimhe 2023 – 2029.

## Thrive

Glacadh go foirmiúil le Straitéis don Chomhtháthú Uirbeach i Limistéar Thiar lár Chathair na Gaillimhe ag Cruinniú Iomlánach Chomhairle Cathrach na Gaillimhe a tionóladh Dé Luain an 8 Nollaig 2025. Tá sé mar aidhm ag an straitéis foirgnimh stairiúla agus spásanna uirbeacha a athghiniúint trí phróiseas fís-threoraithe faoi stiúir an phobail. Le tacaíocht ó mhaoiniú THRIVE, cuireann sé cóiriú áite inbhuanaithe, cuimsitheach agus saibhir ó thaobh cultúir de chun cinn atá ag teacht le prionsabail nua Bauhaus na hEorpa. Aithnítear sa straitéis roinnt príomhthionscadail agus deiseanna athnuachana, tugtar aghaidh ar fholús agus ar fhoirgnimh thréigthe agus aithnítear idirghabhálacha praiticiúla chun sráideanna, spásanna poiblí, acmhainní cultúrtha agus inrochtaineacht a fheabhsú, ag cinntiú go mbeidh an Ceantar Thiar ina cheathrú uirbeach bríomhar agus tarraingteach.




Léaráid ghrafach de Cheantar Thiar Chathair na Gaillimhe



Radharc ar limistéar staidéir Thrive ón gCanáil

## Creatphlean Shráidbhaile agus Chladach Bhóthar na Trá

Tá Creatphlean Shráidbhaile agus Chladach Bhóthar na Trá á chur chun cinn chun fís fhadtéarmach a sholáthar do Bhóthar na Trá i gcomhréir le Plean Forbartha Chathair na Gaillimhe 2023–2029 Beartas 10.3. Le linn 2024–2025 dhírigh an tionscadal ar na céimeanna "Éisteacht agus Foghlaim" agus céimeanna luatha "Fís", le clár ceardlann, siúlóidí agus seisiúin dearaidh ina raibh ranna inmheánacha, páirtithe leasmhara áitiúla agus an pobal i gcoitinne, struchtúrtha thart ar thrí théama: CÓSTA (lena n-áirítear An Charraig Dhubh, coincheapa linn taoide agus naisc le Coirib go Cósta agus Páirc Toft), PROM (Sráid na Trá, An Phromanáid Thoir agus suíomh na hOifige Turasóireachta roimhe seo) agus SRÁIDBHAILE (Páirc Bhóthar na Trá agus Leisureland).




Chabhraigh tuarascálacha tosaigh agus léaráidí ealaíontóirí le roghanna a chur in iúl do réimse poiblí athléimneach ó thaobh na haeráide de, inrochtaineacht fheabhsaithe, agus caitheamh aimsire feabhsaithe, agus glacadh go maith leo go ginearálta mar bhunús uaillmhianach ach réalaíoch d'athrú céimnithe.

Déanfaidh an chéad chéim eile na smaointe seo a bheachtú ina bpunann tionscadail, ag idirdhealú idir idirghabhálacha luathbhua agus idirghabhálacha píolótacha, scéimeanna meántéarmacha a éilíonn athruithe beartais nó ainmniúcháin agus tograí claochlaitheacha níos fadtéarmaí don phromanáid, do chroílár an tsráidbhaile, agus do thailte páirce cósta. Chomh maith leis sin, ullmhófar dréachtphlean don chomhairliúchán poiblí foirmiúil.

## Comhstraitéis Miondíola do Mhórcheantar Chathair agus Chontae na Gaillimhe

In 2025, chuir Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus Comhairle Chontae na Gaillimhe tús le Comhstraitéis Miondíola (JRS) a ullmhú do Mhórcheantar Chathair agus Chontae na Gaillimhe. Ghlac an dá Chomhairle leis an straitéis ina dhiaidh sin go luath in 2026. Soláthraíonn an JRS anailís chuimsitheach ar gach gné de ghníomhaíocht mhiondíola laistigh den Mhórcheantar agus tá sé bunaithe ar rannpháirtíocht fhairsing leis an bpobal agus le príomhpháirtithe leasmhara miondíola, lena n-áirítear gnólachtaí áitiúla.

Leagtar amach fís chomhroinnte sa JRS chun timpeallacht mhiondíola dhinimiciúil, inbhuanaithe agus athléimneach a chruthú do Mhórcheantar na Gaillimhe, rud a neartóidh Croílár Chathair na Gaillimhe mar phríomhcheann scríbe miondíola. Tá sé mar aidhm aige tacú le fás dlúth, príomhionaid a athbheochan, folús a laghdú agus meascán éagsúil d'úsáidí miondíola, cultúrtha, pobail agus fiontair áitiúla a chumasú chun beogacht a fheabhsú agus chun freastal ar dhaonra atá ag fás.

### Athruithe ar Phlean Forbartha Chathair na Gaillimhe 2023-2029

Cuireadh tús le dhá athrú molta ar Phlean Forbartha Chathair na Gaillimhe 2023-2029 in 2025. Vótáil na Comhaltaí Tofa le rún chun Athrú 1 a dhéanamh ag an gcruinniú iomlánach a tionóladh an 9 Feabhra 2026. Féachann an t-athrú seo le hathchriosú tailte i Ros Cam, ó Chónaithe (R2) go Talmhaíoch (A), tar éis aighneachtaí a rinne na húinéirí talún mar fhreagra ar léarscáil an RZLT a foilsíodh i mí Eanáir 2025. Molann Athrú 2 cuspóir criosaithe úsáide talún a chur i bhfeidhm ar thailte ar fud na Cathrach nach raibh criosaithe roimhe seo de réir Threoir an Aire.

# Bainistíocht Forbraíochta Pleanála

## Bainistíocht Forbraíochta

Is é Bainistíocht Forbraíochta an téarma a úsáidtear chun cur síos a dhéanamh ar an raon leathan próiseas trína gceadaíonn agus trína ndéanann an t-údarás pleanála forbraíocht a cheadú agus a bhainistiú.

Le linn 2025, lean an Rannóg um Bainistíocht Forbraíochta Pleanála (DM) le cur chuige dírithe ar an gcustaiméir maidir le seachadadh a seirbhísí lena n-áirítear iarratais phleanála a phróiseáil agus a dheimhniú, comhairle réamhphleanála a sholáthar, iniúchtaí láithreáin a dhéanamh, comhlíonadh na gceadanna a ceadaíodh a chinntiú agus rialacháin phleanála a fhorfheidhmiú.

Bliain ghnóthach eile a bhí in 2025 don Rannóg um Bainistíocht Forbraíochta

### Iarratais réamhphleanála

Leagtar síos in Alt 247 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú) eolas faoi chomhairliúcháin réamhphleanála d'iarratasóirí atá ag iarraidh saincheisteanna a bhaineann le hiarratas pleanála amach anseo a aithint. In 2025 rinneadh 173 iarratas ar chruinnithe réamhphleanála chuig Comhairle Cathrach na Gaillimhe.

## Iarratais phleanála

Fuarthas 454 iarratas pleanála agus eisíodh 324 cinneadh d'iarratasóirí.

As na cinntí a eisíodh, ba chinntí ceadaithe 277 acu, ba iarratais ar thuilleadh eolais 75 acu agus cinntí diúltaithe a bhí i 47.
Rinneadh achomharc in aghaidh 43 cinneadh chuig An Coimisiún Pleanála agus seasadh le 33 cinn díobh.

## Forbraíochtaí RED III

Trasuíodh an Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite (RED III) i reachtaíocht na hÉireann trí Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Pleanáil agus Forbairt) (Fuinneamh In-athnuaite) 2025 (IR 274 de 2025). Tháinig formhór na bhforálacha faoi RED III i bhfeidhm an 7 Lúnasa 2025, seachas forálacha tuairime an EIA a thiocfaidh i bhfeidhm an 1 Bealtaine 2026.

Phróiseáil Comhairle Cathrach na Gaillimhe iarratas pleanála amháin faoin reachtaíocht seo in 2025. Bhain an t-iarratas seo le foirgneamh lárionad fuinnimh, píblíne líonra teasa, agus fótavoltachas gréine suite ar an díon a fhorbairt. Is é seo an chéad chóras teasa ceantair ar scála mór don chathair.

## Forbraíocht Chónaitheach ar Mhórscála (FCM)

Baineann iarratais FCM le forbraíochtaí 100 teach nó níos mó nó 200 spás leapa nó níos mó nuair a bhaineann sé le lóistín do mhic léinn. Ní mór do FCM dul trí 3 chéim den phróiseas pleanála: comhairliúchán réamhphleanála Alt 247, iarratas ar chruinniú FCM agus tuarascáil tuairime, agus iarratas pleanála iomlán faoi Alt 34 den Acht. Éilíonn na comhairliúcháin seo go rachaidh an Rannóg um Bainistíocht Forbraíochta i gcomhairle go forleathan le rannóga inmheánacha eile den Chomhairle Cathrach amhail comhshaol, draenáil, bonneagar, páirceanna, beartas pleanála, bóithre srl.

Le linn 2025, reáchtáladh 2 chruinniú FCM, arbh fhiú 733 aonad cónaithe, lóistín do mhic léinn agus áiseanna eile ar nós 2 naíolann agus áiseanna pobail.

Fuarthas 4 iarratas pleanála le haghaidh FCM. Ceadaíodh dhá iarratas ar 168 aonad cónaithe agus 84 spás leapa do mhic léinn. Seasadh leis an dá chinneadh ar achomharc chuig an gCoimisiún Pleanála

Tá dhá iarratas ag fanacht ar fhreagra mar gheall ar iarratas ar thuilleadh eolais.

## Cuid 8 agus Cuid X

Ní mór d'fhorbairt áirithe a dhéanann údarás áitiúil dul trí phróiseas pleanála Chuid 8. Tacaíonn an Rannóg um Bainistíocht Forbraíochta leis an bpróiseas seo trí thuarascálacha pleanála a ullmhú lena mbreithniú ag na Comhaltaí Tofa. Le linn 2025, chuir an rannóg um Bainistíocht Forbraíochta 6 thuarascáil phleanála ar fáil ar fhorbraíocht bheartaithe timpeall na cathrach.

Sa chás go dteastaíonn Measúnacht Tionchair Timpeallachta ó fhorbraíocht údaráis áitiúil, ní mór an t-iarratas a dhéanamh go díreach chuig an gCoimisiún Pleanála. D'éascaigh an Roinn Pleanála 2 Fhorbraíocht Chuid X le linn 2025 lena n-áirítear forbraíocht chónaithe ar Bhóthar na Díge do 219 aonad.

## Iarratais Alt 5

Faoi Alt 5 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000, arna leasú, má thagann ceist chun cinn i dtaobh an forbraíocht dhíolmhaithe nó nach forbraíocht dhíolmhaithe í forbraíocht ar leith, féadfaidh duine iarratas a dhéanamh chuig an údarás pleanála ar dhearbhú ar an gceist sin. Próiseáladh 28 iarratas ar Dhearbhuithe Forbartha Díolmhaithe faoi Alt 5 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 in 2025.

## Alt 254 Troscán agus Scafall ar an tSráid a cheadúnú

Faoi Alt 254 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000, tá sé de chúram ar Údaráis Áitiúla ceadúnais a eisiúint chun fearais, cáblaí, comharthaí agus/nó nithe eile a chur ar bhóthar poiblí nó ar chosán poiblí.

Ní mór do chaiféanna/bialanna/tithe tábhairne ar mian leo troscán ar nós bord agus cathaoireacha a chur ar an mbóthar poiblí nó ar an gcosán poiblí iarratas a dhéanamh ar cheadúnas faoi alt 254 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000, arna leasú. Phróiseáil Comhairle Cathrach na Gaillimhe 48 iarratas ar Bhoird agus ar Chathaoireacha in 2025.

Teastaíonn ceadúnais faoin alt seo freisin chun mórchlár fógraíochta nó scafalra a chur in airde feadh an bhóthair phoiblí nó feadh an chosáin phoiblí. Phróiseáil Comhairle Cathrach na Gaillimhe gur eisíodh 51 ceadúnas le haghaidh Scafalra/Mórchlár Fógraíochta in 2025.

## Ceadúnais Imeachtaí

D'eisigh an Rannóg um Bainistíocht Forbraíochta Pleanála 4 cheadúnas d'imeachtaí lasmuigh le linn 2025. Orthu sin bhí: Lá Fhéile Pádraig 2025, Taispeántas Sráide GIAF 2025, Macnas 2025 agus Margadh na Nollag 2025.

# Comhlíonadh Pleanála

De ghnáth bíonn coinníollacha ag gabháil le ceadanna pleanála nach mór cloí leo. Teastaíonn cead ón údarás pleanála sula gcuirtear tús leis an bhforbairt do roinnt coinníollacha. Ceanglaítear ar an bhforbróir aighneacht a dhéanamh do chomhaontú i scríbhinn agus déantar é seo a mheasúnú sa rannóg ábhartha. Áirítear ar na coinníollacha sin comhaontuithe Chuid V, pleananna tógála, scartála agus bainistíochta dramhaíola; Comhaontuithe Alt 47; tírdhreachú agus comhlíonadh an réimse phoiblí i measc go leor eile.

Fuarthas 478 aighneacht comhlíonta san iomlán le linn 2025.

## Bannaí

Éilíonn Comhairle Cathrach na Gaillimhe urrúis airgeadais a sholáthar le haghaidh forbraíochtaí áirithe, chun cosaintí a sholáthar i gcás mainneachtana ag an bhforbróir, nó ar mhainneachtain nó ar dhiúltú an fhorbróra an fhorbraíocht a chríochnú de réir an cheada pleanála (nó aon síneadh air). Is éard atá i gceist le hurra, mar shampla banna, ná chun a chinntiú go gcríochnófar go sásúil bonneagar riachtanach de chineál comhroinnte nó poiblí, go háirithe maidir le bonneagar a fhéadfaidh an t-údarás áitiúil a thógáil i gcúram agus a choimeádfaidh an t-údarás sin amach anseo.

Próiseáladh 4 bhanna árachais agus 3 chomhaontú maidir le taisce airgid thirim in 2025

## Scéim Ranníocaíochta Forbartha

Cuireann Alt 48(1) den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, arna leasú, ar chumas údaráis phleanála, nuair atá cead á thabhairt faoi Alt 34 den Acht, coinníollacha a chur san áireamh lena gceanglaítear ranníocaíocht a íoc i leith bonneagair phoiblí agus áiseanna poiblí a théann chun sochair na forbartha i limistéar Chomhairle Cathrach na Gaillimhe.

Ag eascairt as an bPlean Gníomhaíochta um Thithíocht do Chách, tugadh isteach Tarscaoileadh Ranníocaíochta um Fhorbairt Shealadach chun gníomhachtú an tsoláthair tithíochta mhéadaithe a spreagadh, agus cuireadh síneadh ama leis go dtí 2025, le haghaidh forbairtí a bheadh críochnaithe go hiomlán tráth nach déanaí ná an 31 Nollaig 2026.

Faoin scéim um tharscaoileadh, in ionad go mbeadh ar fhorbróirí/tionscnóirí tionscadail na ranníocaíochtaí forbartha ábhartha a íoc, d’fhéadfadh an t-údarás áitiúil an ranníocaíocht atá dlite ón Roinn a fhorchúiteamh.

Bhailigh Comhairle Cathrach na Gaillimhe €10,048,492 i dtobhaigh ranníocaíochta forbartha in 2025, agus aisghabhadh €8,820,462.30 tríd an Scéim Tarscaoilte Ranníocaíochta um

Fhorbairt Shealadach cé go mbaineann €6,195,413 le héilimh a cuireadh isteach in 2024.

## Forfheidhmiúchán maidir le Cúrsaí Pleanála

Is éard is forfheidhmiúchán maidir le cúrsaí pleanála ann ná an próiseas trína gcinntíonn údaráis áitiúla go gcomhlíonann forbairtí ceadanna, coinníollacha agus dlíthe pleanála, ag gníomhú in aghaidh forbairt neamhúdaraithe nó sáruithe. Baineann sé le gearáin a imscrúdú, litreacha rabhaidh nó fógraí forfheidhmithe foirmiúla a eisiúint, agus d'fhéadfadh ciontóirí a ionchúiseamh. Maidir leis seo, oibríonn údaráis phleanála faoi Chuid VIII den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000. Is cion é forbairt neamhúdaraithe a dhéanamh.

Tháinig méadú 39% in 2025 ar líon na ngearán a fuarthas i gcomparáid leis an mbliain roimhe agus imscrúdaíodh 392 gearán. Soláthraítear sa tábla miondealú ar ghníomhaíocht a rinneadh i rith na bliana.

| | |
|---|---|
| Gearáin a fuarthas | 398 |
| Litreacha rabhaidh a eisíodh | 290 |
| Fógraí forfheidhmithe a eisíodh | 83 |
| Tús curtha le hImeachtaí Dlí | 4 |
| Cásanna a Tarraingíodh siar/a Dúnadh | 96 |

# Ailtirí

Bunaíodh an Rannóg Ailtirí in 2025 leis an saineolas ó thaobh na hailtireachta de ar fud Chomhairle Cathrach na Gaillimhe a thabhairt le chéile agus le leas a bhaint as an saineolas sin le tionchar a imirt ar fud na cathrach. Bíonn an t-aonad tras-Stiúrthóireachta seo ag tacú le gach ceann de na cúig Stiúrthóireacht agus ag obair go dlúth le Caipiteal Tithíochta, Comhfhorbairt Áite agus Pleanáil, agus Bainistíocht Tionscadal agus Seachadadh Caipitil. Cuireann an rannóg seirbhísí ar fáil, idir phleanáil tionscadal agus scríobh coimrí, idir sholáthar agus dearadh á threorú ag an ailtire. Acmhainn chomhchoiteann atá sa rannóg. Cuimsíonn sé Foireann na nAiltirí um Chaipiteal Tithíochta, Foireann na nAiltirí Pobail agus Foireann Suirbhéireachta Cainníochta.

Cuireadh roinnt ball foirne nua le Roinn na nAiltirí in 2025 lena n-áirítear Ailtire Sinsearach Feidhmiúcháin, Ailtire Feidhmiúcháin, Ailtire Cúnta agus Oifigeach Sinsearach Foirne.

# Foireann na nAiltirí um Chaipiteal

### Forbairt Bhóthar na gCeannaithe:

Cuimsíonn togra Bhóthar na gCeannaithe meascán de spás cultúrtha ar urlár na talún agus áit chónaithe ar thrí urlár thuas. Os cionn spás cultúrtha/gailearaí ar urlár na talún, tá 12 aonad Tithíochta Sóisialta beartaithe ar féidir teacht orthu trí staighre agus ardaitheoir. Iarradh maoiniú Chéim 2 a chur isteach arís i bhfianaise éifeacht na moille pleanála agus an bhoilscithe thar an tréimhse sin. Cuireadh é sin isteach i mí an Mhárta 2025 agus ba chúis le moill shuntasach é. Ceadaíodh an t-iarratas athbhreithnithe ar mhaoiniú Tithíochta Sóisialta Céim 2 i mí na Samhna 2025. Tá obair ag dul ar aghaidh ar an dearadh sonraí agus táthar ag súil le tairiscint a dhéanamh do phríomhchonraitheoir in 2026.

### Suíomh breise ar Bhóthar an Chlaí Bháin:

Ceannaíodh teach agus cúirtealáiste in aice le suíomh Bhóthar an Chlaí Bháin in 2025. Tá sé beartaithe go lorgóidh sé seo pleanáil mar thionscadal ar leith ach go mbeidh sé comhchuimsithe i dtógáil láithreán Bhóthar an Chlaí Bháin mar chéim 2. Léirítear leis na féidearthachtaí luatha go mbainfear amach 13 aonad Tithíochta Inacmhainne breise. Iarradh meastacháin praghais do bhaill na Foirne Deartha chun dearadh mionsonraithe a chur chun cinn.

### Forbairt Shóisialta Ascaill na Muimhneach:

Is tionscadal tithíochta inlíonta uirbeach ardchaighdeáin é tionscadal togra Ascaill na Muimhneach i suíomh lár na cathrach. Déanfar athchóiriú ar an teach folamh atá ann faoi láthair agus beidh foirgneamh nua ina mbeidh 3 aonad cónaithe le seomra leapa amháin

mar fhoirm láidir uirbeach. D'éirigh leis an tionscadal pleanáil a bhaint amach i Ráithe 3 2025. Tá an tionscadal tar éis dul ar aghaidh chuig doiciméid tairisceana agus tá sé ag fanacht le ceadú maoinithe Tithíochta Sóisialta Chéim 3. Is é an aidhm atá ann ná conraitheoir a cheapadh go déanach i Ráithe 2 2026.

### Forbairt Shóisialta agus Inacmhainne Bhóthar na Ceapaí:

Is scéim chónaithe molta í Forbraíocht na Ceapaí ina bhfuil 38 aonad comhdhéanta de 16 aonad Tithíochta Sóisialta agus 22 aonad Tithíochta Inacmhainne. Áirítear leis an scéim seo freisin 2 aonad lena ndoirse féin, deartha go huilíoch le réiteach maolaithe uisce dromchla atá bunaithe ar nádúr do dhearadh tírdhreacha nuálach. Cheadaigh an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta maoiniú Tithíochta Sóisialta Céim 2 an 9 Meán Fómhair 2025. Ceannaíodh cuid den talamh in aice láimhe a chinnteoidh go mbeidh an draenáil bheartaithe chomh heacnamaíoch agus is féidir i bhfianaise leibhéal ard na carraige sa cheantar. Cuirfear Cuid VIII isteach i Ráithe 1 2026.

### Forbraíocht Chónaithe Oibreacha Uisce Thír Oileáin:


Tá 102 aonad tithíochta i gceist le forbraíocht Thír Oileáin, a bhfuil rochtain uirthi ó Bhóthar na Díge agus atá suite ar an taobh thuaidh de na hoibreacha uisce atá ann, comhdhéanta de 77 aonad inacmhainne, 25 aonad sóisialta agus naíolann amháin. Tá an dearadh forbartha, agus tá pacáiste pleanála beagnach críochnaithe. Tá an t-iarratas ar mhaoiniú Tithíochta Sóisialta Chéim 2 curtha isteach agus, ag brath ar a cheadú, táthar ag súil lena chur isteach le haghaidh Pleanála go déanach i Ráithe 2 2026.

### Forbraíocht Cóiríochta Sóisialta agus Lucht Siúil an Chaoráin:

Dhiúltaigh an Bord Pleanála d'fhorbraíocht chónaithe an Chaoráin ar dtús an 17 Eanáir 2023. Bhí 71 aonad cónaithe sa scéim seo comhdhéanta de 63 aonad Tithíochta Sóisialta agus 8 n-aonad Cóiríochta don Lucht Siúil. In 2025, leanadh le hiarrachtaí chun déileáil leis na cúiseanna a diúltaíodh na tailte criosaithe cónaithe seo. Áiríodh leis seo plé dearfach le húinéirí talún in aice láimhe maidir le dearadh leathnaithe bóthair agus plé leis an ÚNI freisin ar cheann scríbe bus a bheadh ag teacht leis an scéim Bus Connects atá beartaithe. Tá cainteanna ar siúl le NRPO agus le hOifig Deartha Chuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe.



Figiúr 1 - Bóthar na Ceapaí



Figiúr 2 - Bóthar na gCeannaithe Íochtarach

# Foireann na nAiltirí Pobail

## Tionscadal na Straitéise Inlíonta:

In 2025, rinne Roinn na nAiltirí dul chun cinn suntasach ar an Straitéis Inlíonta chun suíomhanna deiseanna forbartha a aithint chun píblíne láidir fadtéarmach de láithreáin chónaithe a thógáil.

Chomhoibrigh Roinn na nAiltirí lenár gcomhpháirtithe Eorpacha ón Iorua, ón mBulgáir, ón mBeilg, ón Iodáil agus ón Liotuáin agus ghlac ionadaithe tionscadail páirt i gceardlanna a d'óstáil comhpháirtithe Eorpacha i rith na bliana trí thionscadal NEBA arna mhaoiniú ag an Eoraip.

I mí Dheireadh Fómhair, d'óstáil Roinn na nAiltirí imeacht dhá lá NEBA do thoscaireacht AE ina bhfuil daichead duine. Mar chuid den chlár dhá lá bhí cuairteanna suímh, cur i láthair, agus ceardlann chomhoibríoch.

## Cairt na Gaillimhe:

Bhí Roinn na nAiltirí ina hóstach ar an tríú Uasdátú bliantúil ar Chairt na Gaillimhe le linn na féile Ailtireacht ar an Imeall (AATE), ina raibh díospóireacht phainéil ar thodhchaí Chathair na Gaillimhe, agus bhí an Príomhfheidhmeannach, an Méara, an tAiltire Stáit agus cainteoirí saineolaithe eile i láthair.

Tar éis imeachtaí mhí Dheireadh Fómhair, thug OOP cuireadh do Roinn na nAiltirí taispeántas a thabhairt ag an gComhdháil Eorpach ar Bheartas Ailtireachta (ECAP) le linn Uachtaránacht na hÉireann ar an AE i mí na Samhna 2026. Chuige sin, tá obair dheartha choincheapa ar siúl agus déantar straitéis inlíonta NEBA a chomhcheangal le samhlacha fisiceacha de thionscadail tithíochta eiseamláireacha. Ag tógáil ar thaispeántas ECAP.

Neartaigh Roinn na nAiltirí an rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara áitiúla a tógadh le cruinniú páirtithe leasmhara Chairt na Gaillimhe/NEBA i mí Dheireadh Fómhair, ina raibh ionadaithe ó RIAI, Ollscoil na Gaillimhe, OTA, Cairt na Gaillimhe, Cuideachta Chultúir na Gaillimhe, agus Oifig na nOibreacha Poiblí.




Figiúr 3 - Imeacht Chairt na Gaillimhe - mar chuid d'Fhéile AATE 7 Deireadh Fómhair 2025



Figiúr 4 - Toscaireacht Comhpháirtí Eorpach NEBA ag teacht le chéile na gComhpháirtithe 27-28 Deireadh Fómhair 2025

# Foireann Suirbhéireachta Cainníochta

- Rinneadh athbhreithniú ar Chomhaontuithe de réir Chuid V agus cuireadh i gcrích iad i gcás scéimeanna, cuir i gcás Timecore Teo. (Bóthar an Chlaí Bháin), Maolchnoc (Baile an Mhóinín), Ascaill Bhréanainn (Barr an Chalaidh), Culgharraí (Rathún), Cearnóg na Corónach, Cuan an Rois (Cnoc Rois), Tobar Shéamais (Bóthar Leitrí) agus Garraí na Sailí.
- Iarratais ar an gCiste Tithíochta Inacmhainne a cuireadh i gcrích agus deontais a bronnadh: Coillte Mhuirlinne agus Bóthar an Chlaí Bháin.
- Iarratais ar mhaoiniú a cuireadh i gcrích agus maoiniú a bronnadh: Baile na mBúrcach, Tír Oileáin, Baile an Phoill, Bóthar an Chlaí Bháin.
- Athbhreithnithe doiciméad curtha i gcrích ag an bhFoireann Sheachtrach Deartha do Bhóthar na gCeannaithe, Ascaill na Muimhneach, Tír Oileáin agus an Cuarbhóthar.
- Rinneadh tairiscintí a ullmhú do Shuirbhéireachtaí Baile na Foirne Deartha agus don Chreat do Sheirbhísí Foirne Deartha do Chonarthaí D agus B.
- Athbhreithniú ar thairiscintí curtha i gcrích. Iad siúd á n-úsáid mar bhonn eolais i dtaca le maoiniú a bronnadh: Foireann Deartha Bhaile na mBúrcach agus an Príomhchonradh don Chuarbhóthar.
- Tugadh tacaíocht chun oifigí an Údaráis Áitiúil i gCearnóg na Corónach a chur i gcrích, obair a chuimsigh comhairle tairisceana faoin bhfeistiú, athbhreithniú ar phleananna costais agus athbhreithniú ar an scóráil de réir LEED.
- Bhí ról ag na seirbhísí Suirbhéireachta Cainníochta ar an bpainéal moltóireachta don Chiste Pobail don Ghníomhú ar son na hAeráide.

# Forbairt Eacnamaíochta

## Geilleagar Oíche Chathair na Gaillimhe (NTE)

Tá Cathair na Gaillimhe ar cheann de naoi n-áit phíolótacha a roghnaíodh do Chomhairleoir Geilleagar Oíche (NTE) faoi thionscnamh náisiúnta chun beogacht agus sábháilteacht siamsaíochta oíche a fheabhsú. In 2025, lean an Chomhairle Cathrach ar aghaidh ag seachadadh tionscnamh sa chathair ag obair trí Fhóram Comhairleach Páirtithe Leasmhara an Gheilleagair Oíche. Thacaigh comhoibriú le tionscnaimh náisiúnta ar nós Éire Ildánach, Fáilte Éireann, agus an tÚdarás Náisiúnta Iompair le tionscadail ar nós cláir phíolótacha iompair phoiblí déanach san oíche agus feachtais sábháilteachta sóisialta. I measc na dtionscnamh ar éirigh go maith leo bhí Café Lates, Youth Lates, Cruinniú Late, Oíche Chultúir, Feabhsuithe ar Pháirc an Athar de Búrca mar spás d'imeachtaí, tionscnamh maidir le Feasacht ar Mhíchumas, feachtas Slán Sábháilte, rannpháirtíocht sa tionscadal maoinithe ag Interreg NITIES agus tionscadal URBACT agus Imeachtaí do Theaghlaigh ar Oíche Chinn Bliana. Choinnigh Cathair na Gaillimhe agus Bóthar na Trá araon a dteideal don Bhrat Corcra le haghaidh eispéireas oíche ar ardchaighdeán a bhainistítear go maith.









# Féile Fhéiltiúil do Theaghlaigh Oíche Chinn Bhliana

In 2025 rinne Comhairle Cathrach na Gaillimhe tuilleadh forbartha ar Fhéile Fhéiltiúil do Theaghlaigh Oíche Chinn Bliana agus leathnaigh siad an ceiliúradh cuimsitheach a bhí oiriúnach do theaghlaigh ar cuireadh tús leo in 2024. Bhí ceol beo ag Eaglais Choláisteach San Nioclás mar chuid den imeacht, mar aon le siamsaíocht ar na sráideanna do choisithe sa Chathair. Chruthaigh sé seo atmaisféar tarraingteach agus sábháilte do gach aois. Bhí nóiméad machnamhach ag baint le bualadh na gclog ag Eaglais Choláisteach San Nioclás ag 8pm, rud a chuir doimhneacht leis an gceiliúradh. Chuir Margadh Nollag na Gaillimhe go mór le timpeallacht na féile agus mheall sé lucht féachana níos mó ná an bhliain roimhe. Trí phríomhspásanna poiblí a chur i ngníomh agus cultúr saibhir ceoil na Gaillimhe a chur os comhair an phobail, léirigh an ócáid cáil na cathrach mar mhol bríomhar cultúrtha.







# Oifig Fiontair Áitiúil na Gaillimhe

Lean Oifig Fiontair Áitiúil na Gaillimhe (LEO), seirbhís chomhroinnte de chuid Chomhairle Cathrach na Gaillimhe, de bheith mar ionad ilfhreastail d'fhiontraíocht nuathionscanta sa chathair agus chuir sí réimse seirbhísí agus tacaíochtaí ar fáil chun gnó a thosú nó a fhás lena n-áirítear meantóireacht, oiliúint agus tacaíochtaí airgeadais.

In 2025, cruthaíodh 76 post i gcomhlachtaí a fuair tacaíocht ó Oifig Fiontair Áitiúil na Gaillimhe. Ar fud na scéimeanna go léir, chlúdaigh formheasanna 131 cliant/tionscadal le comhaoiniú ceadaithe de €1.188 milliún. Seachadadh 76 clár oiliúna san iomlán, ag tacú le 1,423 rannpháirtí ar an iomlán. Ina theannta sin, seachadadh 882 seisiún meantóireachta do ghnólachtaí áitiúla.

Bhí an t-imeacht is uaillmhianaí go dtí seo ag an Aonach Bia agus Ceardaíochta Áitiúil in 2025. Leathnaigh sé ón leagan amach traidisiúnta dhá lá go taispeántas sé lá sa Dubhlann ó 27 Samhain go 2 Nollaig. Arna eagrú ag Oifig Fiontair Áitiúil na Gaillimhe, mealladh suas le 15,000 siopadóir chuig an aonach agus bhí os cionn 50–60 dearthóir, déantóir agus táirgeoir bia ceardaí áitiúla i láthair, rud a léirigh éileamh ó thaispeántóirí nach raibh a leithéid ann riamh cheana. Bhain cuairteoirí taitneamh as réimse maith táirgí ardchaighdeáin a dhéantar go háitiúil, cosúil le hearraí ceardaíochta, seodra, cúram craicinn, ealaín agus bia *gourmet*, chomh maith le díoltóirí bia lasmuigh agus siamsaíocht do gach ball den teaghlach.

# Ionad Gníomhaíochta an Taoibh Thiar agus Bhóthar an Ghainimh

Lean Aonad Forbartha Eacnamaíochta Chomhairle Cathrach na Gaillimhe ag feidhmiú áiseanna fiontraíochta ag Ionad Gníomhaíochta an Taoibh Thiar agus Bhóthar an Ghainimh. D'oibrigh an tAonad le fiontair atá lonnaithe ann agus chuir sé comhairle orthu faoi na tacaíochtaí gnó atá ar fáil dóibh. Mar fhreagra ar mhórfhorbairtí dearfacha ar fud éiceachóras goir agus fiontraíochta na Gaillimhe, agus iad bunaithe ar infheistíocht phoiblí leanúnach, choimisiúnaigh Comhairle Cathrach na Gaillimhe Athbhreithniú ar Spás Fiontraíochta Chathair na Gaillimhe chun measúnú nua-aimseartha, fianaise-bhunaithe a sholáthar ar bhonneagar fiontraíochta na cathrach. Scrúdaigh an t-athbhreithniú cineál, scála, cáilíocht agus cumas spásanna goir agus fiontraíochta a fhaigheann tacaíocht phoiblí, lena n-áirítear Platform94, PorterShed, Ionad Nuálaíochta Gnó Ollscoil na Gaillimhe, ATU iHub, CREW, SCCUL Enterprises, Ionaid Fiontraíochta an Taoibh Thiar agus Bhóthar an Ghainimh, agus eile.

# Conair Eacnamaíoch an Atlantaigh (AEC)

In 2025, bhí ról lárnach ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe i gcur chun cinn thionscnamh Chonair Eacnamaíoch an Atlantaigh, ag tacú le príomhthionscadail réigiúnacha agus ag tabhairt straitéis athbhreithnithe chun críche a raibh sé mar aidhm léi fás eacnamaíoch cothrom a chur chun cinn feadh chósta thiar na hÉireann. Leag an obair seo béim ar leith ar inbhuanaitheacht fhadtéarmach Chathair na Gaillimhe, ag cinntiú go mbeidh forbairt amach anseo ag teacht le tosaíochtaí réigiúnacha agus le huaillmhian na cathrach fás mar ionad uirbeach athléimneach, nuálach agus bríomhar ó thaobh an gheilleagair de.

## Plean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail 2025

In 2025, lean Comhairle Cathrach na Gaillimhe leis an bPlean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail (PÁEP) 2024–2029 a chur i bhfeidhm, an creat reachtúil sé bliana a threoraíonn forbairt eacnamaíoch, shóisialta agus phobail sa chathair. Leagtar amach sa PÁEP cúig sprioc ardleibhéil agus 17 gCuspóir Inbhuanaithe Pobail agus Eacnamaíochta, lena gcinntítear go bhfuil gníomhaíochtaí áitiúla ag teacht le beartas náisiúnta agus réigiúnach, lena n-áirítear Plean Forbartha Chathair na Gaillimhe 2023–2029 agus an Straitéis Réigiúnach Spásúlachta agus Eacnamaíoch 2020–2032.

In 2025, chuir Comhairle Cathrach na Gaillimhe a Sprioc PÁEP Ardleibhéil 2 – Cathair Nuálaíoch chun cinn trí chlár deontas spriocdhírithe a sholáthar chun nuálaíocht, cruthaitheacht agus forbairt eacnamaíoch inbhuanaithe a neartú ar fud na cathrach. Trí ghairm oscailte ar thograí comhpháirtíochta, ceadaíodh maoiniú do thrí eagraíocht, agus bronnadh €32,940 san iomlán ar thionscadail a chuireann an geilleagar sóisialta agus ciorclach chun cinn, a chothaíonn fiontraíocht agus nuálaíocht chruthaitheach, agus a fhorbraíonn éiceachóras nuálaíochta níos leithne na Gaillimhe.

I measc na dtionscnamh ar tugadh tacaíocht dóibh bhí cláir chun acmhainn a fhorbairt laistigh d’fhiontair shóisialta, máistir-ranganna atá dírithe ar an todhchaí a sheachadadh don earnáil chruthaitheach, agus deiseanna fiontraíochta agus forbartha scileanna atá bunaithe ar an intleacht shaorga a sholáthar do dhaoine óga. Le chéile, treisíonn na tionscadail seo tiomantas na Gaillimhe chun tírdhreach dinimiciúil, réidh don todhchaí a chothú agus a chinntiú go mbeidh an chathair fós ina timpeallacht iomaíoch agus thacúil do ghnólachtaí nuathionscanta, d’fhiontair bheaga agus mheánmhéide agus do thallann chruthaitheach.

## Scéim chun Aghaidh Siopaí a Fheabhsú 2025

In 2025, chuir Comhairle Cathrach na Gaillimhe an chéad bhliain dá Scéim chun Aghaidh Siopaí a Fheabhsú ar fáil, ag leithdháileadh €200,000 chun tacú le 51 gnó ar fud Chroílár na Cathrach, Sráid Dhoiminic Íochtarach, agus Limistéir Chaomhantais Ailtireachta na Faiche Móire. Bhí éileamh an-mhór ar an scéim, le 59 iarratas faighte, rud a léirigh breis agus €609,000 i saothair bheartaithe agus thacaigh sí le raon leathan feabhsuithe ardchaighdeáin,


lena n-áirítear athchóiriú aghaidheanna, comharthaíocht dhátheangach agus íogair ó thaobh na hoidhreachta de, uasghrádú inrochtaineachta, glanadh amach, agus comhoibriú ealaíne le daoine cruthaitheacha áitiúla. Léirítear le ceadú 2025 tionchar na scéime maidir le réimsí tráchtála na Gaillimhe a athbheochan agus tacaíocht á tabhairt do mhiondíoltóirí neamhspleácha agus do ghnólachtaí fáilteachais.










Freeneys roimh na hoibreacha agus ina ndiaidh.

# Feachtas chun Siopadóireacht a dhéanamh go hÁitiúil 2025 - "Think, Spend and Support Local"

In 2025, thacaigh Comhairle Cathrach na Gaillimhe leis an bhfeachtas chun cónaitheoirí agus cuairteoirí a spreagadh chun siopadóireacht a dhéanamh laistigh dá bpobal féin agus tacaíocht a thabhairt do ghnóthaí áitiúla. Dhírigh an feachtas ar chur i gcuimhne do dhaoine smaoineamh ar roghanna áitiúla ar dtús, airgead a chaitheamh go háitiúil, agus fiontair áitiúla a mholadh go gníomhach do dhaoine eile. Cuireadh maoiniú ar fáil do ghrúpaí gnó agus pobail ar fud na cathrach, lena n-áirítear Ceann Thiar na Gaillimhe, Cairt na Gaillimhe, Sráidbhaile Bhóthar na Trá, an Cheathrú Mheánaoiseach, Barr an Chalaidh, agus An Fhaiche Mhór/Sráid na Siopaí chun sraith tionscnamh poiblíochta a chur ar fáil. I measc na dtionscnamh bhí feachtais físe, margaí na Nollag, bolscaireacht ar na meáin shóisialta agus féiríní séasúracha. Leagadh béim ar leith ar gheilleagar oíche na cathrach a threisiú, le himeachtaí le ceol beo, ceardlanna oíche, agus gníomhaíochtaí cultúrtha a léirigh spiorad bríomhar pobail na Gaillimhe, go háirithe le linn na féile.



# Gnólacht Dea-fheistithe na Gaillimhe

In 2025, thug Comhairle Cathrach na Gaillimhe, i gcomhpháirtíocht le Comhlachas Tráchtála na Gaillimhe agus Gaillimh le Gaeilge, tacaíocht bhródúil don chomórtas bliantúil 'Gnólacht Dea-fheistithe na Gaillimhe', ag ceiliúradh cruthaitheacht agus spiorad na féile i bpobal gnó na cathrach. Tugadh cuireadh do ghnólachtaí áitiúla ar fud na n-earnálacha go léir taispeántais shamhlaíocha fuinneoige agus aghaidh siopa na Nollag a dhearadh. Chuir go leor acu gnéithe Gaeilge san áireamh chun féiniúlacht dhátheangach na Gaillimhe a léiriú agus a chur chun cinn. Bhí ról lárnach ag an bpobal trí vótáil ar líne, ag cuidiú le béim a chur ar na taispeántais is fearr agus le rannpháirtíocht an phobail a neartú. Fuair na buaiteoirí gné-ailt bholscaireachta, duaiseanna agus aitheantas poiblí as cur le hatmaisféar ar leith na Nollag i nGaillimh.





# Gradaim 2025 Chambers Ireland as Barr Feabhais sa Rialtas Áitiúil

In 2025, tugadh aitheantas náisiúnta do Chomhairle Cathrach na Gaillimhe as a ceannaireacht agus a nuálaíocht, agus cuireadh ceithre thionscadal ar an ngearrliosta ag Gradaim Chambers Ireland as Barr Feabhais sa Rialtas Áitiúil. I measc na dtionscnamh a cuireadh ar an ngearrliosta bhí Féile Inspioráidí Aeráide na Gaillimhe, CREW Galway, Youth Lates, agus an chéad Sráid Scoile i lár na cathrach in Éirinn ag Scoil Iognáid, ag léiriú obair leathan agus uaillmhianach na Comhairle ar son na gníomhaíochta aeráide, forbairt eacnamaíoch, tionscail chruthaitheacha, gníomhachtú geilleagair oíche, agus taisteal gníomhach.

Le 259 aighneacht, an líon is airde aighneachtaí a fuarthas riamh ó 26 údarás áitiúil, léiríodh le hionadaíocht láidir na Gaillimhe tiomantas leanúnach na cathrach don tseirbhís phoiblí ar ardchaighdeán agus nuálaíocht atá dírithe ar an bpobal. Bhuaigh Comhairle Cathrach na Gaillimhe 'Gradam Fhéile na Bliana' d'Fhéile Inspioráidí Aeráide na Gaillimhe, a d'aithin cur chuige cruthaitheach, comhoibríoch na cathrach chun an pobal a mhealladh chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíocht dhearfach ar son na haeráide.

# Forbairt Turasóireachta

Sheol Fáilte Éireann agus Comhairle Cathrach na Gaillimhe Plean Forbartha Eispéireas Ceann Scríbe Chathair na Gaillimhe in 2025. Léiríonn an plean seo an bealach chun cinn d'fhorbairt bhreise earnáil na Turasóireachta sa chathair. Tá tús curtha le hobair ar na príomhthionscadail atá sa phlean a chur i bhfeidhm agus é mar chuspóir acu giniúint ioncaim níos mó a chruthú ón Turasóireacht ar bhealach inbhuanaithe.



Chuir Comhairle Cathrach na Gaillimhe an pharáid Lá Fhéile Pádraig is mó sa chathair go dtí seo ar siúl mar chuid d'Fhéile Phádraig 2025, le breis agus 2,200 rannpháirtí agus slua ar na sráideanna de bhreis is 40,000 duine. Eagraíodh ceol agus siamsaíocht saor in aisce dírithe ar theaghlaigh ag an bhFaiche Mhór i rith an deireadh seachtaine.

Fuair an Mol Spóirt Uisce ar Bhóthar na Díge cead pleanála ón mBord Pleanála in 2025 agus déanfar é a chur ar aghaidh anois go dtí an chéim tógála.

Bunaíodh féile nua sa Chathair faoi stiúir Oifig Féilte agus Imeachtaí Chomhairle Cathrach na Gaillimhe, Gaillimh Ah Boo!, mar chuid den chlár Home of Halloween Failte Éireann a bhfuil sé mar aidhm aige Éire a chur i gcroílár cheiliúradh Oíche Shamhna ar fud an domhain. D'éirigh thar barr leis an bhféile nua seo agus léirigh sí buanna na Gaillimhe maidir le Beochan Sráide, Rince, Bia agus Ceol. Bhí líon na ndaoine a thug cuairt ar an gcathair le linn an cheiliúrtha níos airde ná riamh agus tá pleananna agus maoiniú i bhfeidhm chun an fhéile a mhéadú in 2026 agus 2027.
Leanadh ar aghaidh le hiarrachtaí chun Cathair na Gaillimhe a dhéanamh mar cheann scríbe na Nollag in Éirinn in 2025, le tuilleadh infheistíochta i soilse na Nollag agus le méadú ar eispéireas na Nollag sa chathair. Tá an clúdach dearfach atá á fháil sna meáin ag an gcathair ag fás gach bliain agus déanfar tuilleadh tógála ar an infheistíocht seo i soilsiú agus gníomhaíochtaí in 2026.

Cé gur tháinig laghdú beag ar líon na gcuairteoirí go hÉirinn faoi 3% in 2025, d'fhan siad seasmhach den chuid is mó i gCathair na Gaillimhe. Tháinig méadú 2.1% go 77.2% ar áitíocht in óstáin ar fud Chathair na Gaillimhe. Mhéadaigh an ADR (Meánráta Laethúil – táscaire a thomhaiseann an meánphraghas a ghin gach seomra áitithe in aghaidh an lae) faoi 4.7% go €165.11. Léirítear le méadú láidir ar an Ráta Áitíochta agus Seomra go raibh an earnáil chóiríochta an-láidir in 2025, tacaíodh leis seo in aiseolas ón tionscal cóiríochta.

Mheall Biúró Coinbhinsiúin na Gaillimhe, a fhaigheann tacaíocht ó Chomhairle Cathrach na Gaillimhe i gcomhar le Fáilte Éireann, 43 imeacht idirnáisiúnta go Gaillimh in 2025, ag cur breis agus €14 milliún leis an ngeilleagar áitiúil agus ag cruthú 27,889 iostas oíche.

Chomh maith leis sin, chuir Biúró Coinbhinsiúin na Gaillimhe 70 imeacht in áirithe agus dheimhnigh siad iad le haghaidh imeachtaí amach anseo, agus táthar ag súil le 13,916 toscaire idirnáisiúnta a ghinfidh luach eacnamaíoch de bhreis is €21 milliún.








# Oifigeach Caidrimh Idirnáisiúnta

In 2025, bhunaigh Comhairle Cathrach na Gaillimhe oifig chaidrimh idirnáisiúnta agus cheap sí a céad oifigeach caidrimh idirnáisiúnta a bhfuil sé de chúram air an caidreamh idirnáisiúnta a bhfuil baint ag an gCathair leis a eagrú agus a uasmhéadú trí ghníomhaíochtaí comhchathracha, socruithe nasctha, comhaontuithe cairdis idir-réigiúnacha, toscaireachtaí thar lear agus cuairteanna ar Chathair na Gaillimhe ag toscaireachtaí agus ambasadóirí idirnáisiúnta. I measc na ngníomhaíochtaí in 2025 bhí cuairt toscaireachta ar Fhéile Éireannach Chicago agus Milwaukee 2025, gníomhaíochtaí le Lorient sa Fhrainc chun

aitheantas a thabhairt don 50ú bliain ó bunaíodh an nascadh den chéad uair, cuairteanna ar Chathair na Gaillimhe ag go leor toscaireachtaí agus ambasadóirí thar lear.

# Tionscadail AE

Is comhpháirtí tionscadail í Comhairle Cathrach na Gaillimhe sna tionscadail thíos a fuair maoiniú ón AE in 2025. Cuirfear na tionscadail sin i bhfeidhm in 2026 agus sna blianta ina dhiaidh sin. Ghlac an Chomhairle páirt freisin i malartú piarfhoghlama trí chlár Interreg i mí na Samhna.

NITIES - Maoinithe faoi Chlár Interreg na hEorpa, éascóidh an tionscadal seo malartú dea-chleachtas idir na comhpháirtithe tionscadail i réimse fhorbairt an gheilleagair oíche.

URBACT – Maoinithe faoi Chlár URBACT IV 2021 – 2027, éascóidh an tionscadal seo malartú dea-chleachtas idir na comhpháirtithe tionscadail maidir le feabhas a chur ar inrochtaineacht uilíoch sa Gheilleagar Oíche.

SLOWTOUR – Maoinithe faoi chlár Interreg North West, cuirfidh an tionscadal seo ar chumas na gcomhpháirtithe tionscadail oibriú lena chéile chun tionscnaimh a chur i bhfeidhm chun an méid ama a chaitheann cuairteoirí ina gcathracha faoi seach a mhéadú.

# Forbairt Ealaíon agus Cultúir

Tá clár agus seirbhís iomlán curtha ar fáil ag Oifig Ealaíon Chathair na Gaillimhe in 2025. Chuaigh an fhoireann i dteagmháil le páirtithe leasmhara agus d'fhorbair siad cláir agus tacaíochtaí do bhreis is 80 eagraíocht ealaíon áitiúil agus náisiúnta agus do bhreis is 500 duine a bhfuil baint acu leis an bpobal ealaíon áitiúil. Riar foireann Oifig Ealaíon GCC breis agus 600 íocaíocht le linn 2025.

Soláthraíonn Clár Ealaíon Chathair na Gaillimhe meicníocht phraiticiúil seachadta chun cláir, tionscadail, imeachtaí, gníomhaíochtaí agus coimisiúin ealaíon a chur i bhfeidhm. Comhlíonann sé riachtanais aitheanta, go háirithe maidir le pobail nach bhfuil in ann teacht ar na healaíona go héasca.

Is í an aidhm ná go mbainfidh an pobal taitneamh agus tairbhe as soláthar ealaíon ar ardchaighdeán ionas go mbainfear amach na torthaí ealaíne is fearr i gcomhthéacs níos leithne luach cultúrtha agus leas an phobail. Tá tiomantas do chuimsiú sóisialta agus éagsúlacht chultúrtha mar bhonn faoi seo – ag tacú le healaíontóirí ar fud na bhfoirmeacha ealaíne beart a dhéanamh de réir a mbriathair i suíomhanna éagsúla.

Tá príomhghníomhaíocht an chláir tiomnaithe chun tacú le forbairt agus le gairmeacha na n-ealaíontóirí comhaimseartha atá lonnaithe i nGaillimh, agus chun a gcuid oibre a spreagadh agus a éascú. Tá cultúr tacaíochta tógtha ag an Oifig Ealaíon trí dheontais agus sparánachtaí ealaíontóirí aonair, chomh maith le bearta sonracha a chuirtear ar fáil trí Chlár Ealaíon na Cathrach, amhail cónaitheachtaí ealaíontóirí, meantóireacht d'ealaíontóirí aonair agus eagraíochtaí ealaíon.

Sparántacht do Chleachtóirí Cruthaitheacha: In 2025, bronnadh Sparántacht do Chleachtóirí Cruthaitheacha ar 21 duine.

Clár Ealaíontóra Cónaithe agus CPD: In 2025 tairgeadh tacaíochtaí do bhreis is 40 ealaíontóir

Oíche Chultúir 2025: Tugadh tacaíocht do 83 imeacht ar leith i gCathair na Gaillimhe ar Oíche Chultúir.

Comhpháirtíochtaí Réigiúnacha agus Straitéiseacha:

- Ciste Léiriúcháin Closamhairc Réigiúnach an Iarthair (WRAP)
- Comhpháirtíocht Chathair Scannán UNESCO
- Clár um Chothromú Rochtana sa Chleachtas Ealaíontóirí
- Ciste Comhpháirtíochta na Comhairle Ealaíon.

## Comhpháirtíochtaí Cultúir

In 2025, chuir an Oifig Ealaíon an clár Comhpháirtíochta Cultúrtha i bhfeidhm chun Plean Áitiúil Eacnamaíochta Pobail Chomhairle Cathrach na Gaillimhe Sprioc Ardleibhéil a hAon - Cathair Chruthaitheach den Scoth agus plean Ealaíon Chomhairle Cathrach na Gaillimhe a chur i bhfeidhm: Treonna Nua Plean Straitéiseach do na hEalaíona 2021-2026 a threoraíonn infheistíocht Chomhairle Cathrach na Gaillimhe sna healaíona.
Cuireann Comhpháirtíochtaí Cultúrtha ar chumas na hOifige Ealaíon agus eagraíochtaí comhchuspóirí agus gníomhaíochtaí a sheachadadh. In 2025 cuireadh comhpháirtíochtaí cultúrtha chun cinn leis na heagraíochtaí cultúrtha seo a leanas sa chathair; Sorcas Pobail na Gaillimhe, Branar, Baboró, Cúirt, Cónaitheacht Cheoil na Gaillimhe, Druid, Dánlann Outset, Ionad na Gaillimhe um Maireachtáil Neamhspleách agus Cellissimo.
Rinneadh obair freisin in 2025 chun oibriú le grúpaí eile chun tuilleadh comhpháirtíochtaí cultúrtha a chur chun cinn in 2026.

# An tAcht Ealaíon 2003; Deontas Eagraíochta Ealaíon Chomhairle Cathrach na Gaillimhe

De réir an Achta Ealaíon 2003, d'iarr Comhairle Cathrach na Gaillimhe iarratais ar mhaoiniú i dtreo tionscadal agus clár sa chathair a spreagfadh suim an phobail sna healaíona, a chuirfeadh eolas, léirthuiscint agus cleachtas na n-ealaíon chun cinn agus a chuirfeadh feabhas ar chaighdeáin sna healaíona laistigh dá limistéar feidhme. Leithdháileadh €450,000 i maoiniú faoin tionscnamh seo agus maoiníodh 34 iarratasóir go rathúil sa tSraith Ghairmiúil agus moladh 24 iarratasóir ar mhaoiniú tríd an tSraith Dheonach Pobail agus Amaitéarach, rud a d'fhág go bhfuair 58 iarratasóir maoiniú in 2025.

# Clár Deontas Chomhairle Cathrach na Gaillimhe do Bhannaí

Soláthraíonn Comhairle Cathrach na Gaillimhe an Deontas bliantúil do Bhannaí dar luach €20,000, agus bronnadh an maoiniú ón Deontas ar sheacht ngrúpa in 2025. Dúirt an seachtar ar bronnadh an deontas orthu go raibh siad ag obair le leanaí, seisear acu i mbannaí scoile. Feidhmíonn an deontas mar bhunmhaoiniú do bhannaí pobail seanbhunaithe, ag tacú le léirithe ag príomhimeachtaí. Bronnadh an deontas ar gach duine a fuair maoiniú i mbliana roimhe seo.

# Clár Music Generation:

In 2025, lean Music Generation Chathair na Gaillimhe ar aghaidh ag cur cláir deartha, bunaithe ar riachtanais ar fáil a thugann oideachas ceoil do leanaí agus do dhaoine óga ar fud Chathair na Gaillimhe i suíomhanna lena n-áirítear bunscoileanna agus meánscoileanna, clubanna iarscoile, moil óige, ionaid phobail, leabharlanna, láithreáin stad, ionaid Seirbhísí Cóiríochta um Chosaint Idirnáisiúnta, ionaid ealaíon agus timpeallachtaí réaltachta fíorúla.

Ghlac thart ar 3,000 leanbh agus duine óg páirt sa gclár i rith na bliana, an chuid is mó acu ar bhonn seachtainiúil. Bhí rannpháirtíocht ó dhaoine idir 0-4 bliana d'aois i soláthar Luathbhlianta go daoine óga 16-19 mbliana d'aois tríd an gclár Future Sounds. Chomh maith leis sin, seachadadh 12 imeacht ghairmiúla ceoil don óige.

# Scannánaíocht

Oibríonn Oifig Ealaíon Chomhairle Cathrach na Gaillimhe i gcomhpháirtíocht le Ardán chun clár Chathair Scannán na Gaillimhe UNESCO a chur i bhfeidhm. Is é bunluach Líonra na gCathracha Cruthaitheacha UNESCO (UCCN) an chruthaitheacht a úsáid mar ghné straitéiseach d'fhorbairt inbhuanaithe. Is é an infheistíocht a bhaineann leis an ainmniú idirnáisiúnta seo ná €40,000 in aghaidh na bliana. Is ionann maoiniú cláir agus €10,000 in aghaidh na bliana. Tá Gaillimh i gcomhpháirtíocht freisin le húdaráis áitiúla in aice láimhe agus le Coimisiún Forbartha an Iarthair chun Ciste Léiriúcháin Closamhairc Réigiúnach an Iarthair (WRAP) a bhainistiú le hinfheistíocht €25,000 ó Chomhairle Cathrach na Gaillimhe.

# Músaem Cathrach na Gaillimhe

I mí Mheán Fómhair 2025, chuir Comhairle Cathrach na Gaillimhe togra maoinithe athbhreithnithe don chlár forbartha caipitil do Mhúsaem Cathrach na Gaillimhe faoi bhráid Fháilte Éireann. Táthar ag fanacht le cinneadh faoi seo. In 2025, bhí raon leathan taispeántas, imeachtaí, ceardlann, cainteanna agus forbairt bailiúcháin ar siúl i rith na bliana agus méadaíodh líon na gcuairteoirí in 2025 faoi 25,000. Leanann an músaem le bheith ina óstach ar Oifig Turasóireachta Fáilte Éireann.

# Amharclann Halla na Cathrach

Bhí bliain ghnóthach eile ag Amharclann Halla na Cathrach, amharclann cathrach na Gaillimhe, in 2025 agus iad ag tairiscint clár éagsúil d'imeachtaí áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta. Lean na hionaid ar aghaidh ag seachadadh líon ard imeachtaí agus díolaíocht ard ticéad in Amharclann na Cathrach agus sa Dubhlann araon, ag coinneáil a stádas mar an dara hionad is gnóthaí a fhaigheann tacaíocht ón gComhairle Ealaíon lasmuigh de Bhaile Átha Cliath agus Corcaigh.

# Leisureland

Lean líon na ndaoine a bhain úsáid as Leisureland in 2025 ag fás agus bhí an áis ag druidim le lánacmhainneacht i réimsí áirithe. Tá níos mó páistí ag glacadh páirt i gceachtanna snámha ag an ionad seo ná mar a bhí riamh. Rinneadh infheistíocht shuntasach in athsholáthar trealaimh ghiomnáisiam in 2025 chun a chinntiú go gcuirtear áis ar fáil sa seomra aclaíochta atá ar chomhchéim le haon cheann eile sa Chathair. Tá an-éileamh i gcónaí ar an halla imeachtaí ó cheann ceann na bliana. Tháinig páirc shiamsaíochta an tsamhraidh ar ais ó mhí an Mhárta agus rinc oighir ó Shamhain go Eanáir mar chuid de ghníomhaíochtaí lasmuigh ag an áis in 2025.

# Acmhainní Daonna

Tá sé mar aidhm ag an Roinn Acmhainní Daonna go leor acmhainní foirne a chinntiú chun cuspóirí Chomhairle Cathrach na Gaillimhe a bhaint amach, tacú le forbairt foirne, agus cúnamh leasa a sholáthar de réir mar is gá. I measc na bpríomhfheidhmeanna tá tacú le tionscadail straitéiseacha amhail an Plean Straitéiseach Fórsa Saothair agus Aistriú Seirbhísí Uisce, chomh maith le hearcaíocht, caidreamh tionsclaíoch, caidreamh fostaithe, daoine, am agus tinreamh, aoisliúntas, bainistíocht feidhmíochta, leas foirne, foghlaim agus forbairt, agus obair chumaisc a bhainistiú.

## Fórsa Saothair 2025

Cuimsíonn Foireann Bainistíochta Chomhairle Cathrach na Gaillimhe an Príomhfheidhmeannach, agus cúigear
Stiúrthóirí Seirbhíse:

| Príomhfheidhmeannach | |
|---|---|
| **Stiúrthóir Seirbhíse - Stiúrthóireacht Uirbeach** | Patricia Philbin |
| **Stiúrthóir Seirbhíse - Forbairt Oibriúcháin** | Patrick Greene |
| **Stiúrthóir Seirbhíse - Forbairt Tionscadal** | Derek Pender |
| **Stiúrthóir Seirbhíse - Forbairt Chorparáideach** | Helen Kilroy |
| **Stiúrthóir Gníomhach Seirbhíse - Forbairt Shóisialta** | Elizabeth Fanning |

Ba é an líon foirne san eagraíocht an 31 Nollaig 2025 ná 684 ball foirne ar a raibh fostaithe sealadacha/buan laistigh agus lasmuigh, a dhéanann róil bhainistíochta, riaracháin, theicniúla, cheardaíochta agus eile.

## Plean Straitéiseach an Fhórsa Saothair

Múnlaíonn Plean Straitéiseach an Fhórsa Saothair éileamh agus soláthar an fhórsa saothair thar thréimhse níos fadtéarmaí, bunaithe ar an tionchar a bheidh ag timpeallachtaí sonracha inmheánacha agus seachtracha ar scileanna, ar phoist agus ar riachtanais tallainne an ghnó agus is próiseas trasfheidhmeach é. Chríochnaigh Comhairle Cathrach na Gaillimhe a Plean Straitéiseach don Fhórsa Saothair (SWP) 2025-2029 agus chuir sí faoi bhráid na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta é an 06 Deireadh Fómhair 2025.

## Earcaíocht

In 2025, in ainneoin timpeallacht earcaíochta iomaíoch, d'éirigh leis an Roinn Acmhainní Daonna foireann cháilithe a earcú chun freastal ar riachtanais na heagraíochta i gcomhréir

le plean earcaíochta bliantúil AD. Bhainistigh an Rannóg Earcaíochta 67 comórtas agus rinneadh 194 ceapachán, lena n-áirítear 118 fostaí nua (105 buan, 13 sealadach/conradh/séasúrach). Bhain na 76 ceapachán eile le poist ghníomhacha agus arduithe céime. Chuaigh 9 fostaí ar scor. Ina theannta sin, rinneadh dul chun cinn maidir le hobair chun printísigh ceirde a earcú.

## Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (PMDS)

Leanadh le cur i bhfeidhm an Chórais Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (PMDS) i rith 2025. Thacaigh an próiseas le rannpháirtíocht struchtúrtha idir bainisteoirí agus baill foirne, ag cinntiú soiléireacht maidir le cuspóirí róil, plé leanúnach feidhmíochta, agus sainaithint riachtanais oiliúna agus forbartha aonair. Bhí PMDS fós ina phríomhuirlis chun feidhmíocht na foirne a ailíniú le spriocanna eagraíochta, chun cumarsáid a neartú, agus chun cultúr feabhsaithe leanúnach a chur chun cinn ar fud na ranna go léir.

## Foghlaim agus Forbairt

Leanann Comhairle Cathrach na Gaillimhe ag tacú le foghlaim leanúnach ar feadh an tsaoil ar fud na heagraíochta. In 2025, cuireadh clár leathan oiliúna forbartha eagraíochta agus pearsanta ar fáil. Bhí an oiliúint dírithe ar phríomhréimsí inniúlachta lena n-áirítear ceannaireacht agus bainistíocht, scileanna gnó agus riaracháin, treoirlínte bonneagair, rialachas agus feasacht reachtach, pleanáil ghairme agus scoir, chomh maith le feasacht ar ghníomhaíocht aeráide chun tacú le spriocanna inbhuanaitheachta na Comhairle. Éascaíodh cláir chreidiúnaithe teastais agus dioplóma a bhaineann leis an earnáil rialtais áitiúil freisin. Ina theannta sin, tugadh tacaíocht do roinnt ball foirne cáilíochtaí tríú leibhéal a bhaint amach chun a bhforbairt ghairmiúil agus a bhfás gairme amach anseo a chur chun cinn.

Chomhordaigh an Fhoireann Oiliúna clár cuimsitheach oiliúna Sláinte agus Sábháilteachta le linn 2025, a cuireadh ar fáil i ndlúthchomhar leis an Rannóg Sláinte agus Sábháilteachta. Áiríodh leis seo oiliúint éigeantach agus oiliúint a bhain le róil ar leith, a dearadh chun comhlíonadh na gceanglas reachtúil a chinntiú, cleachtais oibre shábháilte a chur chun cinn, agus tacú le cultúr láidir sábháilteachta eagraíochta. Cuireann na cláir seo le feasacht na foirne ar rioscaí san ionad oibre, neartaíonn siad cumas na heagraíochta chun teagmhais a chosc, agus cinntíonn siad go leanann Comhairle Cathrach na Gaillimhe dá freagrachtaí maidir le timpeallacht shábháilte oibre a sholáthar do gach fostaí.

# Clár Time to Read

Ghlac oibrithe deonacha ó Chomhairle Cathrach na Gaillimhe páirt sa Chlár Time to Read le Bunscoil na Trócaire don Bhliain Acadúil 2024/2025. Fuair daltaí ó rang a dó tacaíocht léitheoireachta ó oibrí deonach de chuid na Comhairle Cathrach thar 12 seachtaine. Bhí seisiún léitheoireachta acu i Leabharlann na Cathrach, agus cuireadh ar an eolas iad faoi oibríochtaí GCC le linn cuairt a thabhairt ar Halla na Cathrach.

# Obair Chumaisc

Lean Comhairle Cathrach na Gaillimhe dá Beartas Oibre Cumaisc a chur i bhfeidhm in 2025. Bhí an próiseas bliantúil athiarratais ar siúl i Ráithe 4 de 2025 agus rinneadh é a bhainistiú go hiomlán trí chóras ar líne, rud a chinntigh cur chuige éifeachtach comhsheasmhach ar fud na heagraíochta.

# Leas na Foirne

Lean Comhairle Cathrach na Gaillimhe ag tabhairt tosaíochta d'fholláine foirne in 2025, le rannpháirtíocht leanúnach idir fostaithe agus bainisteoirí líne ar chúrsaí leasa. I measc na bpríomhthacaíochtaí bhí riar na Scéime Saoire Breoiteachta, an Clár Cúnaimh d'Fhostaithe, agus raon Scéimeanna um Chothromaíocht Oibre is Saoil. Rinneadh na scéimeanna seo, cosúil le Saoire do Thuismitheoirí, Scéim na Bliana Oibre Níos Giorra, an Scéim um Rothaíocht chun na hOibre, agus Scéim na dTicéad Coigilteora Cánach, a bhainistiú go gníomhach chun socruithe oibre solúbtha agus inbhuanaithe a chur chun cinn. Cuireadh tacaíochtaí agus tionscnaimh fholláine chun cinn i rith na bliana freisin, rud a threisíonn tiomantas na Comhairle do thimpeallacht shláintiúil, thacúil agus chuimsitheach san ionad oibre a chothú.

# Caidreamh Tionsclaíoch agus Fostaíochta

Éascaíonn an Roinn Acmhainní Daonna caidreamh tionsclaíoch agus fostaíochta trí rannpháirtíocht le baill foirne agus/nó ceardchumainn ar chúrsaí fostaíochta éagsúla agus ar thionscadail straitéiseacha. Áirítear leis sin tacaíocht leanúnach d'fhoireann na Seirbhísí Uisce ar an aistriú go hUisce Éireann (UÉ) agus roghanna athraithe chuig GCC nó aistriú chuig UÉ.

# Tuairisc ar an mBearna Phá idir na Fir agus na Mná

Foilsíodh an Tuairisc bhliantúil ar an mBearna Phá idir na Fir agus na Mná i mí na Samhna 2025. Léirigh an tuairisc meánbhearna phá de -0.31% agus bearna airmheánach de -10.33% idir na hinscní. Léiríonn bearna phá dhiúltach idir na hinscní go mbíonn róil le pá níos airde

ag mná ar an meán ná ag fir.

# Aoisliúntas

Cuireadh treoir agus tacaíocht ar fáil don fhoireann reatha agus d'fhoireann ar scor le linn 2025 trí oibriú le MyPay ar sheirbhísí aoisliúntais, chomh maith le baill foirne a chur ar an eolas faoi athruithe a rinne an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhísí Poiblí agus Digitiúcháin ar phinsin na hearnála poiblí.

# Imeachtaí Scoir/Foirne

Reáchtáladh Cóisir Bhliantúil na Nollag d'fhoireann ar scor an 6 Nollaig 2025, rud a thug deis aitheantas a thabhairt dóibh agus ceiliúradh a dhéanamh ar an gceangal leanúnach idir an Chomhairle agus a hiarfhostaithe.

Bhí Searmanas na nGradam Scoir agus Seirbhíse ar siúl an 26 Samhain 2025, áit ar aithin Méara Chathair na Gaillimhe, an Comhairleoir Mike Cubbard, agus an Príomhfheidhmeannach, an tUasal Leonard Cleary, go foirmiúil dúthracht, tiomantas agus seirbhís fhadtéarmach na foirne a bhí ag dul ar scor agus ag freastal ar an ócáid araon. Léirigh an ócáid an obair mhór agus luachmhar a rinne na daoine seo don eagraíocht agus do sholáthar seirbhísí poiblí i gCathair na Gaillimhe.

# Daoine atá ar scor ar an Liosta Onóracha

| | |
|---|---|
| An tUasal Barry Cummins | An Roinn Iompair |
| An tUasal Thomas Molloy | An Roinn Comhshaoil |
| An tUasal Paul Daly | An Roinn Comhshaoil |
| An tUasal Thomas Hynes | An Roinn Comhshaoil |
| An tUasal Thomas Lydon | An Roinn Comhshaoil |
| An tUasal Brian Mannion | An Roinn Comhshaoil |
| An tUasal Vincent O'Connor | An Roinn Iompair |
| An tUasal Gerry O'Loughlin | An Roinn Iompair |
| An tUasal Justin Wynne | Saoráidí Caithimh Aimsire agus Taitneamhachta |

# Faighteoirí Gradaim le haghaidh 20 Bliain de Sheirbhís in 2025

| | |
|---|---|
| An tUasal Derek Healy | An Rannóg Taistil Ghníomhaigh |
| Caroline O'Donnell Uasal | An Rannóg Caithimh Aimsire agus Taitneamhachta |
| Mairead Keane Uasal | An Rannóg Caithimh Aimsire agus Taitneamhachta |
| An tUasal Pat Burke | An Rannóg Tithíochta |
| An tUasal Kieran McGlynn | An Roinn Iompair |
| Louise McNamara Uasal | Cúrsaí Airgeadais |

# Searmanas Bliantúil na nGradam Scoir agus Seirbhíse an 26 Samhain 2025



**Ó Chlé go Deas:** Kieran McGlynn; Barry Cummins; Louise McNamara; Derek Healy; Caroline O'Donnell; An Méara Mike Cubbard; Leonard Cleary, Príomhfheidhmeannach; Patrick Green, Stiúrthóir Seirbhísí; Mairead Keane; Anita Kenny, AD; Attracta Lyons, Ceannasaí AD

# Tosaíochtaí do 2026

- Seachadadh clár earcaíochta bliantúil AD ag teacht leis an bPlean Straitéiseach don Fhórsa Saothair
- Córas Rianaithe Iarratasóirí earcaíochta nua a chur i bhfeidhm
- Comhairle agus tacaíocht leasa foirne a chur ar fáil don fhoireann
- Clár foghlama agus forbartha a sheachadadh
- Rannpháirtíocht ar ábhair a bhaineann le fostaíocht le páirtithe leasmhara ábhartha
- Leasuithe a bhaineann le pá a chur ar aghaidh
- Próisis AD a dhigitiú go leanúnach chun cur i bhfeidhm a chur san áireamh

# An Stiúrthóireacht um Fhorbairt

## Forbairt Pobail, Sócmhainní Corparáideacha agus Suíomhanna Tréigthe 71


Is é cuspóir na Roinne caighdeán na beatha a fheabhsú trí rannpháirtíocht an phobail, comhtháthú sóisialta, teacht ar sheirbhísí a chothú agus réadmhaoin thréigthe nó tearcúsáidte a fheabhsú chun pobail a athbheochan. Féachann an Roinn le héagsúlacht na nglór áitiúil a chumhachtú, a tharraingt isteach agus aghaidh a thabhairt ar riachtanais éagsúla an phobail trí chláir agus trí thionscnaimh, agus ag an am céanna sábháilteacht an phobail a fheabhsú agus infheistíocht phobail a spreagadh.

## An Coiste Forbartha Pobail Áitiúil (CFPÁ) agus an Plean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail (PÁEP)

Bunaíodh CFPÁ Chathair na Gaillimhe in 2014 chun cur chuige stuama agus comhtháite a fhorbairt, a chomhordú agus a chur i bhfeidhm i leith
forbairt áitiúil agus pobail. Tá an Coiste CFPÁ comhdhéanta d'ionadaithe ón rialtas áitiúil agus ó na hearnálacha forbartha áitiúla, ó chomhlachtaí poiblí agus ó ionadaithe leasanna sóisialta, eacnamaíocha, comhshaoil agus pobail. Tá cóip de Thuarascáil Bhliantúil CFPÁ Chathair na Gaillimhe 2025 ar fáil ag Tuarascáil Bhliantúil CFPÁ 2025

LCDC
Coiste um Fhorbairt Pobail Áitiúil Chathair na Gaillimhe
Galway City Local Community Development Committee

Comhaontaíodh Plean Forfheidhmithe an Phlean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail (PÁEP) 2026 – 2027 in 2025, bunaithe ar na Cuspóirí Ardleibhéil atá leagtha amach i gCreat PÁEP 2024 – 2029. Tá 66 ghníomhaíocht sa bPlean chomh maith le príomhthorthaí ábhartha chun meastóireacht a éascú. Tá athbhreithniú deiridh ar an gcéad bhliain



agus ar an dara bliain de Phlean Cur Chun Feidhme LECP 2024 – 2025 le cur i gcrích agus le cur faoi bhráid an LCDC in 2026. Is féidir eolas ar an PÁEP a fháil anseo.

## Comhpháirtíocht Pobail Áitiúil Sábháilteachta

Ba chloch mhíle shuntasach í 2025 maidir le sábháilteacht an phobail nuair a bunaíodh Comhpháirtíocht Sábháilteachta Pobail Áitiúil Chathair na Gaillimhe (CSPÁ) faoin Acht um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024. Thug an cruinniú tionscnaimh, a tionóladh i mí na Samhna, ionadaithe ó Chomhairle Cathrach na Gaillimhe, ón nGarda Síochána, ó Tusla, ó FSS, ó eagraíochtaí pobail agus deonacha, agus cónaitheoirí áitiúla le chéile i múnla nua comhoibríoch atá ceaptha chun sábháilteacht agus folláine a fheabhsú ar fud na cathrach.

Beidh ról lárnach ag CSPÁ Chathair na Gaillimhe chun cathair níos sábháilte agus níos nasctha a chruthú trí ghníomhaíocht bunaithe ar fhianaise agus ar chomhpháirtíocht. D’aithin na comhaltaí príomhthosaíochtaí do Phlean Sábháilteachta Pobail Chathair na Gaillimhe atá le teacht agus le forbairt in 2026, lena n-áirítear rannpháirtíocht na hóige, drochíde sa teaghlach agus foréigean inscnebhunaithe, ag tacú le pobail imeallaithe, agus sábháilteacht uirbeach a fheabhsú.



Cruinniú tionscnaimh Chomhpháirtíocht Sábháilteachta Pobail Áitiúil Chathair na Gaillimhe i mí na Samhna 2025

An Clr Toghadh Níall McNelis ina Chathaoirleach agus deimhníodh an tUasal Tommy Flaherty mar Leas-Chathaoirleach ar an CSPÁ. Leanfaidh CSPÁ Chathair na Gaillimhe ar aghaidh ag neartú comhpháirtíochtaí agus ag baint leas as guthanna pobail chun plean sábháilteachta a sheachadadh a léireoidh riachtanais athraitheacha na cathrach.

## Gradaim an Mhéara



An Méara Peter Keane le buaiteoirí Ghradaim an Mhéara 2025.

Bhronn Méara na Gaillimhe, an Clr Peter Keane Gradaim an Mhéara i mbliana ag Óstán Chuan na Gaillimhe. Tugadh aitheantas do bhreis is 90 duine aonair agus grúpa as an méid a chuir siad le saol an phobail go deonach. Bronnadh Gradam Oibrí Deonach na Bliana ar Oibrithe Deonacha Fhondúireacht Ospís na Gaillimhe mar aitheantas ar a dtacaíocht chomhbhách d'othair agus do theaghlaigh, chomh maith lena n-iarrachtaí tiomsaithe airgid ríthábhachtacha

## Scéimeanna Maoinithe Pobail

Leithdháileadh €1,617,752 faoin gCiste Aitheantais Pobail chun bonneagar pobail agus réimsí tacaíochta a chuir fáilte roimh phobail nua a neartú, agus tionscadail le seachadadh le linn 2025–2026. Ceadaíodh 19 dtionscadal thar thrí fhuinneog maoinithe: €936,693 le haghaidh 11

thionscadal i mí Lúnasa 2024, €290,735 le haghaidh 2 thionscadal i mí Feabhra 2025, agus €390,325 le haghaidh 6 thionscadal i mí an Mheithimh 2025, agus dhírigh an dara ceann ar an taobh thoir den chathair chun infheistíocht chothromaithe a chinntiú. I measc na dtionscadal a seachadadh in 2025 bhí uasghrádú soilsithe, feabhsuithe ar éifeachtúlacht fuinnimh ar áiseanna pobail, ceannach feithiclí pobail, athchóiriú agus feabhsú clubanna áitiúla, áiseanna scoile agus spóirt.

Leithdháileadh €137,000 ar 91 grúpa pobail agus deonach faoin gClár Feabhsaithe Áitiúil 2025. Thacaigh cistiú caipitil le huasghráduithe beaga ar áiseanna agus le trealamh a cheannach le haghaidh úsáid an phobail, agus chabhraigh an cistiú reatha le grúpaí freastal ar chostais reatha riachtanacha ar nós billí fuinnimh, íocaíochtaí cíosa nó léasa, agus árachas.




Bhunaigh Comhairle Cathrach na Gaillimhe an Scéim Deontais um Ghníomhaíocht Phobail, Cuimsiú, Athghiniúint, Forbairt agus Comhshaol (CAIRDE) in 2025 chun tacú le grúpaí pobail, spóirt agus deonacha, fiontair shóisialta agus cumainn ghnó chun tionscadail a chur ar fáil a neartaíonn forbairt áitiúil agus a fheabhsaíonn caighdeán na beatha.

Iarradh iarratais ar líne i mí Aibreáin agus fuarthas 111 aighneacht, agus leithdháileadh €565,000 ar 66 iarratasóir ar éirigh leo ag cruinniú na Comhairle i mí an Mheithimh le haghaidh tionscnamh ó fhorbairt pobail agus tionscadail chultúrtha go huasghrádú áiseanna spóirt, feabhsúcháin spáis phoiblí, inbhuanaitheacht comhshaoil, inrochtaineacht, agus cur chun cinn na Gaeilge.

Maidir le scéim 2026, osclaíodh iarratais i mí Dheireadh Fómhair agus fuarthas 126 iarratas, agus tá na deontais ar éirigh leo sceidealta le ceadú ag cruinniú na Comhairle i mí Eanáir 2026.




Tugadh tionscnamh nua isteach in 2025 dar teideal Scéim Rannpháirtíochta an Phobail, lena dtugtar cuireadh do phobail tionscadail a mholadh ar mhian leo iad a chur ar fáil ina gceantar suas le €25,000, agus an chéad bhliain dírithe ar Chathair na Gaillimhe Thoir. Cuireadh trí thogra inmharthana agus incháilithe ar an ngearrliosta do vóta poiblí as ar tháinig uasghrádú ar Chlós Súgartha Mervue chun cinn mar bhuaiteoir.

Leithdháileadh €25,000 faoin Deontas Féile Pobail Áitiúil ar 24 grúpa pobail, rud a chuir ar a gcumas imeachtaí agus féilte ar scála beag a sheachadadh. Chuidigh na gníomhaíochtaí seo le comhtháthú an phobail a neartú, le muintearas agus bród a chur chun cinn, le rannpháirtíocht a spreagadh, agus tacú le caidreamh dearfach ar fud grúpaí éagsúla.

Riar Comhairle Cathrach na Gaillimhe maoiniú deontais ón Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála chun tacú le ceiliúradh áitiúil Lá na hAfraice, a thionóltar gach bliain ar an 25 Bealtaine chun aitheantas a thabhairt do dhaoine, do chultúir agus d'acmhainneacht mhór-roinn na hAfraice. Bhí clár ilghnéitheach imeachtaí cultúrtha, ealaíon agus teaghlaigh ar siúl ar fud na cathrach, ag taispeáint cultúr comhaimseartha na hAfraice-na hÉireann trí ghníomhaíochtaí faisin, ealaíne, ceoil, damhsa, bia agus pobail.

Is sraith de cheiliúradh pobail agus lón comharsanachta é Street Feast a reáchtáladh i mí na Bealtaine. Cuireann imeachtaí cuimsiú sóisialta, imeascadh, agus pobail níos láidre agus níos athléimní chun cinn. Reáchtáladh seó bóthair 'Street Feast' roimh an imeacht i Leabharlann Chathair na Gaillimhe i mí Aibreáin. Reáchtáladh 25 Street Feast ar fud Chathair na Gaillimhe thar an deireadh seachtaine.




## Tionscnaimh Forbartha Pobail agus Rannpháirtíocht

Ceapadh triúr Oifigeach Forbartha Uirbeach agus Pobail (UCDO) nua chun tacaíocht spriocdhírithe a sholáthar do ghrúpaí pobail agus deonacha sa chathair. Tacóidh na róil seo le forbairt agus cumasú pobal áitiúil, ag obair le cónaitheoirí, grúpaí pobail, agus páirtithe leasmhara eile chun tionscnaimh forbartha a chur i bhfeidhm, agus chun aontacht pobail a fheabhsú.

Tacóidh na róil nua seo le seachadadh LECP, agus le tionscnaimh eile, trí chaidreamh láidir a chothú agus a chothabháil idir Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus an pobal. Tá Oifigeach Forbartha Uirbí agus Pobail tiomnaithe ag gach toghlimistéar áitiúil (LEA) sa chathair (Iarthar, Lár, Oirthear), agus tá freagrachtaí téamacha agus cláir ag na hOifigigh atá dírithe ar an gCathair ar fad, amhail a bheith ag obair go dlúth le grúpaí agus eagraíochtaí a thacaíonn le daoine fásta níos sine, grúpaí eitneacha mionlaigh, daoine óga, daoine faoi mhíchumas agus pobail LADT+.

Fuair an Fhoireann Forbartha Pobail €40,500 ó Chiste Infheistíochta Sóisialta na Gníomhaireachta Airgeadais Tithíochta (HFA) chun tacú le caifé pobail a fhorbairt sa Bhaile Bán. Léirigh Anailís ar Riachtanas an Bhaile Bháin go bhfuil géarghá le mol nó lárphointe áitiúil inar féidir le cónaitheoirí teacht le chéile agus teagmháil a dhéanamh lena chéile go nádúrtha ar bhonn laethúil. Chuaigh an fhoireann i dteagmháil arís freisin le ballraíocht Chathair na Gaillimhe sa Chomhghuaillíocht Eorpach de Chathracha i gCoinne an Chiníochais.

Dhírigh na UCDOnna ar aithne a chur ar a bpobail agus ar thuiscint a fháil maidir le láidreachtaí, deacrachtaí agus riachtanais na bpobal sin.  Bhí 127 grúpa pobail/eagraíocht soláthraithe seirbhíse rannpháirteach agus áiríodh rochtain ar mhaoiniú, tacaíocht le struchtúir rialachais, le nósanna imeachta airgeadais, agus le dea-chleachtas do ghrúpaí pobail agus deonacha leis na tacaíochtaí a cuireadh ar fáil.  Is ról ríthábhachtach de chuid an UCDO é tacú le hinrochtaineacht don phobal laistigh de Chomhairle Cathrach na Gaillimhe, agus ba phríomhthosaíocht é rannpháirtíocht thras-roinne a éascú maidir le riachtanais an phobail.

## Líonra Pobail / Líonra Rannpháirtíochta Pobail Chathair na Gaillimhe

Déanann Líonra Pobail Chathair na Gaillimhe (GCCN), an Líonra Rannpháirtíochta Pobail do Chathair na Gaillimhe, ionadaíocht ar níos mó ná 190 eagraíocht phobail, dheonach, chuimsithe shóisialta agus chomhshaoil. Agus iad á dtreorú ag fís na heagraíochta de chathair chruthaitheach, chuimsitheach agus inbhuanaithe a bhfuil rialachas trédhearcach inti, lean GCCN ar aghaidh le rannpháirtíocht an phobail a neartú, le tacaíocht a thabhairt do struchtúir ionadaíocha, agus leis an gcuimsiú sóisialta a chur chun cinn.



In 2025, dhírigh GCCN ar rannpháirtíocht an phobail a neartú, tionchar a imirt ar bheartas áitiúil, agus cuimsiú a chur chun cinn. Thacaigh sé le hionadaithe pobail thar phríomhstruchtúir cinnteoireachta, chomhordaigh sé aighneachtaí móra beartais ar thionscadail iompair, pleanála agus spáis phoiblí, agus bhí ról lárnach aige i bhforbairt na Straitéise Idirchultúrtha.

Léiríodh scannán oideachais faoi na bacainní a bhaineann le míchumais mar chuid de chomhoibriú GCCN le Access for All.
Aithníodh é mar mhúnla dea-chleachtais san Eoraip, threoraigh sé rannpháirtíocht an phobail do na píolótaí hidreachumhachta Uiscebhealaí, agus thacaigh sé le tionscnaimh um ghníomhaíocht aeráide. Chomh maith leis sin, chuidigh GCCN le Gaillimh Shláintiúil, cuimsiú an Lucht Siúil agus na Romach, le hobair fhrithchiníochais trí GCARD, agus leis an bhFóram um Chomhtháthú Imirceach, agus ag an am céanna chuidigh sé le Plean Forfheidhmithe an PÁEP a mhúnlú le béim láidir ar chomhionannas agus ionchuimsiú sóisialta.

## An Clár Forbartha Pobail

Ba í 2025 an tríú bliain de AMACH! LADTA+ ag cur scéim mhaoinithe CDP trí bliana i bhfeidhm, rud a chuir ar ár gcumas oibríochtaí Ionaid Acmhainní LADTA+ Teach Solais a leathnú tuilleadh. Bhain AMACH LGBT+ úsáid as maoiniú faoin gClár Forbartha Pobail chun sraith chuimsitheach oiliúna d'oibrithe deonacha a chur ar fáil do bhaill foirne agus d'oibrithe deonacha lena n-áiríodh na Meáin, Seoladh Teachtaireachtaí don Athrú Sóisialta, Ceannaireacht Óige, Tacaíocht Piaraí, Bainistíocht agus nósanna imeachta Sláinte agus Sábháilteachta.

Tá AMACH ag obair i gcomhpháirt le raon grúpaí chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna atá ag teacht chun cinn agus chun réitigh chomhchoiteann a fhorbairt do na trí thionscnamh forbartha pobail seo a leanas: Ceannairceacht Phobail na Gaillimhe. Grúpa Gníomhaíochta Comhchoiteann don Phobal Trasinscne, agus Freagairt faoi stiúir piaraí a fhorbairt chun tacú le daoine LADT+ i Soláthar Díreach.

## Cathair na Gaillimhe Shláintiúil (HFC)

Is ionann Éire Shláintiúil agus tionscnamh náisiúnta faoi stiúir an rialtais atá dírithe ar shláinte agus folláine an uile dhuine atá ina gcónaí in Éirinn a fheabhsú. Mar chuid den iarracht seo, oibríonn Cathair na Gaillimhe Shláintiúil (HGC), tionscnamh de chuid CFPÁ Chathair na Gaillimhe, chun cathair a chruthú inar féidir le gach duine a bhfolláine iomlán coirp agus meabhrach a bhaint amach.

Faoi Chiste Éire Shláintiúil 2022–2025, leithdháileadh €75,000 in 2025 chun tacú le gníomhaíochtaí tosaíochta sláinte agus folláine. Ceapadh Cathair na Gaillimhe go hoifigiúil mar Chathair Shláintiúil Eorpach na hEagraíochta Domhanda Sláinte (WHO) faoi Chéim VII, anois in éineacht le Corcaigh, Luimneach agus Port Láirge i Líonra Náisiúnta Chathracha agus Chontaetha Sláintiúla na hÉireann. Chun tuilleadh eolais a fháil, tabhair cuairt ar Chathracha agus Contaetha Sláintiúla - Éire Shláintiúil Rialtas Áitiúil

Gné lárnach d'obair HGC ab ea Deontas Pobail Chathair na Gaillimhe Shláintiúil, ciste €40,000 a thacaíonn le 20 grúpa pobail agus club ar fud na cathrach. I measc na dtionscadal maoinithe bhí ceardlanna laghdaithe riosca alcóil agus tionscnaimh gharraíodóireachta go cláir chuimsithe shóisialta, grúpaí aclaíochta, agus gníomhaíochtaí cruthaitheacha.

Chuir HGC raon leathan clár ar fáil freisin a bhí dírithe ar leibhéil ghníomhaíochta coirp a mhéadú i measc daoine fásta agus leanaí, go háirithe daoine faoi mhíchumas, daoine fásta breacaosta, pobail faoi mhíbhuntáiste, agus daoine aonair atá ag téarnamh ó alcól nó drugaí. I measc na dtionscnamh bhí oiliúint do cheannairí rothaíochta, cláir dornálaíochta, grúpaí siúlóide agus reatha, agus an clár folláine coillearnaí “Nature for Health”. I measc na dtacaíochtaí spriocdhírithe d'fhir bhí an clár “Men on the Move” agus tionscnamh aclaíochta dornálaíochta d'fhir an Lucht Siúil. Bhain daoine níos sine leas as an gclár damhsa “Céimeanna Sóisialta” a cuireadh ar fáil i dtrí shuíomh sa chathair.

Chun tacú le meabhairshláinte dhearfach, mhaoinigh HGC Comhpháirtíocht Chathair na Gaillimhe agus Gluaiseacht Lucht Siúil na Gaillimhe chun grúpaí amhránaíochta pobail, clubanna sóisialta na bhfear, gníomhaíochtaí ealaíon agus folláine, tacaíochtaí oideas sóisialta, agus cláir folláine atá dírithe ar an Lucht Siúil a sholáthar. I measc na ngníomhaíochtaí bhí teiripe eachaí, ranganna damhsa, grúpaí iascaireachta, agus forbairt giomnáisiam pobail. D'eagraigh GTM turais folláine freisin do mhná den Lucht Siúil agus turais pobail do Lá Náisiúnta Meabhairshláinte an Lucht Siúil.



# An Clár Aoisbhá




Rinne Comhairlí Cathrach agus Chontae na Gaillimhe comhfhorbairt ar Straitéis Aoisbhá na Gaillimhe 2026–2031. Pleanáil HUB
ar conradh chun an straitéis a ullmhú, a múnlaíodh trí chomhairliúchán fairsing, anailís sonraí, agus ceardlanna ar phleanáil gníomhaíochta le comhpháirtithe inmheánacha agus seachtracha. Rinne an Comhaontas Aoisbhá, Comhairle na nDaoine Scothaosta, SPC, CFPÁ, agus an Fhoireann Idir-Rannach an dréacht sular ghlac Comhairleoirí go foirmiúil leis i mí na Nollag 2025 agus seoladh go hoifigiúil é i mí Eanáir 2026.

Chun an Straitéis a fheiceáil, cliceáil anseo.

Bhí réimse tionscnamh Aoisbhá ar siúl i rith na bliana. Rinne an tSeachtain um Aosú Dearfach (26 Meán Fómhair – 3 Deireadh Fómhair) ceiliúradh ar an méid a chuireann seandaoine leis an tsochaí, agus thug an taispeántas suaitheanta “Laochra Áitiúla” ómós do 27 ainmní ar cuireadh a gcuid scéalta ar taispeáint ar fud na Gaillimhe.

Chathair agus Chontae na Gaillimhe. Is féidir an taispeántas suaitheanta “Laochra Áitiúla” a fheiceáil ag an tSeachtain um Aosú Dearfach | Gaillimh

Chomh maith leis sin, d’óstáil Comhairlí Cathrach agus Chontae na Gaillimhe na Gradaim Náisiúnta Aitheantais agus Gnóthachtála Aoisbhá i mí Dheireadh Fómhair 2025, ag mealladh ainmnithe, daoine mór le rá agus ionadaithe Aoisbhá ó gach cearn den tír. Cuireadh Feachtas na Laochra Áitiúla ar an ngearrliosta faoin gcatagóir “Aosú Gníomhach agus Sláintiúil”. Chun tuilleadh a fhoghlaim faoi na Gradaim Náisiúnta Aitheantais agus Gnóthachtála Aoisbhá, téigh chuig Gradaim 2025 | Aoisbhá Éireann

Chun cleachtas aoisbhá a neartú laistigh den údarás áitiúil, bhunaigh Comhairle Cathrach na Gaillimhe Foireann Aoisbhá Idir-Rannach in 2025. Is í an aidhm atá leis ná cuspóirí aoisbhá a leabú thar gach réimse seirbhíse, comhoibriú a spreagadh, agus a chinntiú go ndéantar monatóireacht ar dhul chun cinn agus go dtuairiscítear don Chomhaontas Aoisbhá é.



## Comhairle na nÓg

Comhairle óige do dhaoine óga idir 12-17 mbliana d'aois atá ina gcónaí nó ag fáil oideachais i gCathair na Gaillimhe is ea Comhairle na nÓg Chathair na Gaillimhe. Ba é an t-ábhar do 2025 ná Sábháilteacht / Sábháilteacht Phearsanta le béim ar shábháilteacht agus inrochtaineacht, spásanna sábháilte do dhaoine óga chun casadh ar a chéile, sábháilteacht phearsanta i spásanna poiblí agus sábháilteacht ar líne.

Rinne an Chomhairle cur i láthair do na Teachtaí Dála agus na Seanadóirí náisiúnta i dTeach Laighean ar an obair a bhí ar siúl acu agus ar an ngá atá le hionad óige i gCathair na Gaillimhe. Bhuail an tAire Dlí agus Cirt Jim O'Callaghan leis an gComhairle nuair a thug sé cuairt ar Ghaillimh tar éis an bhronnta níos luaithe sa bhliain.
Rinne an Chomhairle cur i láthair do Mhéara Chathair na Gaillimhe agus na Gardaí áitiúla ar a n-ábhar agus ar thorthaí suirbhéanna a fuair siad. Bhí an Chomhdháil Óige bhliantúil ag Comhairle na nÓg Chomhairle Cathrach na Gaillimhe i mí Dheireadh Fómhair agus chuir an coiste fáilte roimh os cionn 60 duine óg ó na meánscoileanna éagsúla sa chathair.

# Ionaid Pobail




Lean gníomhaíochtaí agus áirithintí Ionad Pobail Bhaile an Phoill ag méadú i gcónaí, le méadú leanúnach ar líon na ndaoine a tháinig isteach.  Tar éis próiseas tairisceana don ionad a bhainistiú, rinneadh Comhaontú Ceadúnais agus Bainistíochta 2025-2026 idir Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus SCCUL Enterprises CLG. I measc na bhfeabhsuithe ar an ionad bhí áit chaife nua, suíocháin lasmuigh agus stáisiún uisce lasmuigh.

Thacaigh an Fhoireann Forbartha Uirbí agus Pobail le forbairt an ionaid nua sa Chaisleán Nua agus tá siad ag cabhrú le hiarratais ar threalamh a mhaoiniú.

# Comhpháirtíocht Spóirt na Gaillimhe (GSP)

Lean GSP ag dul i bhfeidhm ar sholáthar spóirt agus aclaíochta le linn 2025. Chuir Oifigeach na gCathracha Gníomhacha, Oifigigh Forbartha Spóirt Pobail agus Oifigeach Míchumais um Chuimsiú Spórt tionscnaimh ar fáil in éineacht le gníomhaireachtaí agus clubanna comhpháirtíochta.
Leithdháileadh €140,000 ar 49 club faoi Dheontas Chlubanna Spóirt Chomhairle Cathrach na Gaillimhe agus leithdháil an Chomhpháirtíocht Spóirt €26,000 faoin Chiste Rannpháirtíochta Méadaithe i Spórt agus i nGníomhaíocht Fhisiciúil agus €10,000 faoi Chiste Tacaíochta Oibrithe Deonacha na gCuntas Díomhaoin ar 40 club agus eagraíocht ar fud na Gaillimhe.

Bhí Seachtain na Rothar ar siúl i mí na Bealtaine agus ghlac thart ar 2,300 duine páirt i mbreis agus 20 imeacht, agus ba é an buaicphointe ná babhta rothaíochta i lár na cathrach. Le linn Sheachtain Spóirt na hEorpa, chuir Cathracha Gníomhacha na Gaillimhe rith dathanna 3k spraíúil ar siúl mar chuid de #BEACTIVENIGHT, arna mhaoiniú ag Spórt Éireann le 275 duine ag glacadh páirt ann.

I measc na n-imeachtaí suntasacha eile bhí an Lá Náisiúnta Súgartha (Iúil) le breis agus 300 leanbh agus 150 duine fásta ag freastal ar an imeacht ag an bhFaiche Mhór. D'fhreastail Lá Spraoi Teaghlaigh Lá Fhéile Phádraig ar bhreis is 200 rannpháirtí de gach aois. I measc na gclár suntasach a cuireadh ar fáil bhí Men on the Move (An Taobh Thiar, Baile an Phoill agus An Baile Bán), Games for All (An Baile Bán, OTA), cláir na ngníomhachtóirí, Nature for Health (Coill Mhuirlinne), HER Outdoors Week, Seachtain na mBan sa Spórt agus HER Moves.

Chuir GSP oiliúint ar 739 duine i gcúrsaí cumhdaigh (cosaint leanaí), 60 duine in Uathachas sa Spórt, 15 duine i dTraenáil Cailíní sna Déagóirí i measc tairiscintí eile. Tá na cláir BoxUp ag dul ó neart go neart le 1,808 úsáideoir, 7,397 líon úsáidí agus 3,746 uair an chloig d'am úsáide.

# Sócmhainní Corparáideacha, Láithreáin Thréigthe agus Struchtúir Chontúirteacha

## Sócmhainní Corparáideacha

Rinneadh obair chun cinn ar shócmhainní corparáideacha, léasanna agus ceadúnais a bhainistiú agus ar an gcéad chlárú sócmhainní stairiúla talún le Tailte Éireann. Tá an próiseas fíoraithe do shócmhainní talún beagnach críochnaithe. Leanadh den obair ar aistriú na sócmhainní seirbhísí uisce atá fágtha go hUisce Éireann in 2025 agus tá sé le bheith críochnaithe faoi Ráithe 3 2026.

## Láithreáin Thréigthe

Bhí 95 láithreán ar Chlár na Láithreán Tréigthe ag deireadh 2025, méadú ó 11 ag deireadh 2024. Aithníodh 190 láithreán a d'fhéadfadh a bheith tréigthe agus eisíodh sraith fógraí d'úinéirí réadmhaoine faoin Acht um Láithreáin Thréigthe 1990. Eisíodh fógra go raibh sé beartaithe láithreán a fháil go héigeantach maidir le 5 láithreán tréigthe in 2025. Ardaíodh tobhaigh dar luach iomlán €192,850 ar 7 láithreán tréigthe in 2025 agus d'fhabhraigh ús de €17,185 ar na tobhaigh seo i rith na bliana. Leanfar den obair in 2026 ar réadmhaoin thréigthe a aithint, tobhaigh a ardú atá le híoc ar 39 réadmhaoin atá ar Chlár na Láithreán Tréigthe faoi láthair agus réadmhaoin thréigthe a fháil go héigeantach nuair is cuí.

I mí an Mheithimh 2025, ghlac na comhaltaí tofa le Beartas agus Nósanna Imeachta maidir le Láithreáin Thréigthe nua do Chomhairle Cathrach na Gaillimhe. Soláthróidh an cháipéis seo treoir chuí d'Fhoireann na Láithreán Tréigthe chun clár na láithreán tréigthe a riar ar feadh 2026 agus ina dhiaidh sin.

## Struchtúir Chontúirteacha

Liostaíodh 44 struchtúr ar chlár na Struchtúr Contúirteach ag deireadh 2025.
Tuairiscíodh 38 struchtúr chontúirteacha le linn 2025, ar eisíodh litreacha comhairleacha ina leith. Tharla go leor de na tuarascálacha seo mar gheall ar Stoirm Éowyn a tharla an 24 Eanáir 2025. Eisíodh 11 fógra Alt 3 faoin Acht um Sheirbhísí Sláintíochta 1964 in 2025.

Leanfar le hathbhreithniú a dhéanamh ar réadmhaoin atá ar an gClár faoi láthair le linn 2026 agus déanfar tuilleadh beart de réir mar is gá, faoin Acht um Sheirbhísí Sláintíochta 1964 chun iad a chosc ó bheith contúirteach don phobal.

# Taisteal Gníomhach

Leanann an fhoireann Taistil Ghníomhaigh de bheith tiomanta do bhealaí níos sábháilte, níos sláintiúla agus níos inbhuanaithe a chruthú do phobail bogadh thart. Trí bhonneagar nua siúil agus rothaíochta agus rannpháirtíocht pobail, tá an fhoireann ag feabhsú nascachta, ag tacú le spriocanna aeráide agus ag cur ar chumas cónaitheoirí de gach aois taisteal gníomhach a roghnú le haghaidh turais laethúla.

## BusConnects Gaillimh: Bóthar Bhaile Átha Cliath



Cuirfidh tionscadal Chonair Bhus Bhóthar Bhaile Átha Cliath conair leanúnach ar fáil d’áiseanna iompair phoiblí, coisithe agus rothaíochta ar ardchaighdeán a ritheann feadh fad 3.9km Bhóthar Bhaile Átha Cliath an R338. Cuirfidh na saoráidí bus nua, a mbeidh lánaí bus tiomnaithe breise sa dá threo agus stadanna bus feabhsaithe mar chuid de, turais níos iontaofa agus níos compordaí ar fáil do chomaitéirí. Trí bhonneagar taistil gníomhaigh a sholáthar, beifear in ann turais níos sábháilte agus níos compordaí a dhéanamh do shiúlóirí agus rothaithe. Rinne an Coimisiún Pleanála an scéim a cheadú i mí Mheán Fómhair 2025.

# BusConnects Gaillimh: Nasc Traschathrach

I mí Mheán Fómhair 2024, cheadaigh an Bord Pleanála an tionscadal BusConnects Gaillimh: Nasc Traschathrach (Bóthar na hOllscoile go Bóthar Bhaile Átha Cliath). Cuirfidh an tionscadal seo bonneagar feabhsaithe bus ar fáil feadh conaire soir-siar trí Lár Chathair na Gaillimhe. Rachaidh an tionscadal chun tairbhe coisithe agus rothaithe freisin agus áireofar leis feabhsuithe ar an réimse poiblí. Bhí cinneadh an Bhoird Phleanála faoi réir imeachtaí Athbhreithnithe Bhreithiúnaigh os comhair na hArd-Chúirte. Bhí an éisteacht chúirte ar siúl i mí na Nollag 2025 agus táthar ag fanacht le cinneadh.

# Scéim Líonra Rothaíochta Bhóthar an Bhaile Bháin agus Pháirc an Chaisleáin

Cuireadh tús le hoibreacha ar Scéim Líonra Rothaíochta Bhóthar an Bhaile Bháin agus Pháirc an Chaisleáin i mí Feabhra 2025 agus tá siad ag dul ar aghaidh de réir sceidil. Tá oibreacha ar siúl i gcomhthráth ar Bhóthar an Bhaile Bháin agus ar Bhóthar an Chaisleáin, agus tá plean bainistíochta tráchta i bhfeidhm. Nuair a cuireadh tús leis na hoibreacha go luath sa bhliain 2025, bhíothas ag súil go mbeadh an tionscadal críochnaithe faoi Ráithe 3 2026, ach tá Comhairle Cathrach na Gaillimhe ag súil anois go mbeidh na hoibreacha críochnaithe den chuid is mó laistigh de Ráithe 2.

# Uasghrádú ar Acomhal an Chorráin/Bhóthar na Mara



Tá na chéad ghairdíní báistí de chuid Chomhairle Cathrach na Gaillimhe faoi bhláth anois tar éis don Roinn Taistil Ghníomhaigh uasghrádú a dhéanamh ar Acomhal an Chorráin/Bhóthar na Mara. Súnn na gairdíní uisce báistí chun tuilte a laghdú, draenáil a fheabhsú agus chun bithéagsúlacht a threisiú. Soláthraíonn spás a bhí mar chuid den bhóthar roimhe seo cosáin níos leithne anois, trasbhealaí níos sábháilte agus trácht níos moille. Nascann cosán nua Stad Bus 401 leis an Ionad Leighis, le huasghráduithe sábháilteachta ag Scoil Fhursa faoin scéim Bealaí Sábháilte chun na Scoile. Arna mhaoiniú ag an Údarás Náisiúnta Iompair (ÚNI), críochnaíodh oibreacha i mí an Mhárta 2025. Chuir Méara na Gaillimhe, an Clr Mike Cubbard fáilte roimh na feabhsuithe ag an ócáid oscailte i mí Iúil 2025, agus tá tionscadail bhreise beartaithe ar fud na cathrach.

## Gréasán Raonta Rothar Bhóthar Stiofáin

Cuireadh tairiscint isteach do scéim Ghréasán Raonta Rothar Bhóthar Stiofáin i mí an Mheithimh 2025 le haghaidh na céime tógála. Ceapadh Jons Civils Ltd. mar phríomhchonraitheoir tar éis próiseas tairisceana iomaíoch. Tá obair ar siúl agus tá sé le bheith críochnaithe i Ráithe 2 2026.

## Trasrian Coisithe Dhroichead na mBradán

Cuireadh tús leis an obair thógála ar thrasrian coisithe nua ag Droichead na mBradán i mí na Samhna 2025. Bhí an tionscadal i bhfeidhm i Ráithe 1 2026.



## Scéim Tosaíochta Bus Bhóthar na Páirce Móire

Osclaíodh lána bus nua ó dheas feadh Bhóthar na Páirce Móire, ó Thimpeallán na Páirce Gnó i dtreo acomhal Bhóthar Mhuine Mheá, go hoifigiúil i mí Aibreáin 2025. Tógadh stadanna bus agus cosáin nua mar chuid den scéim seo freisin. Tá amanna comaitéireachta níos tapúla curtha ar fáil ag an tionscadal d'úsáideoirí bus agus d'éascaigh sé síneadh ar an tseirbhís bus 409 isteach i bPáirc Ghnó na Páirce Móire.

Bainfear úsáid as caschiorcal bus ar an mbealach seo atá beartaithe a thógáil sa Pháirc Mhór. Thug Comhairle Chontae na Gaillimhe cead pleanála don chaschiorcal seo i Ráithe 3 2025. Déanfar é seo a thairiscint le haghaidh tógála i Ráithe 2 2026, leis an sprioc tús a chur leis an tógáil i Ráithe 3 2026. Tá an tionscadal laistigh de Cheantar Teorainn Chomhairle Chontae na Gaillimhe.

## Athdhearadh Líonra Bus

Tá an Tionscadal seo ag céim 3 de réamhdhearadh faoi láthair agus tá Comhairle Cathrach na Gaillimhe ag obair i gcomhar leis an ÚNI maidir le stadanna bus nua a chur isteach agus bealaí a athrú ar fud na cathrach.

## Lána Rothaíochta Bhóthar Dáileacháin an Iarthair

Cuireadh an Scéim Chuid 8 faoi bhráid an tSeisiúin Eolais do Chomhairleoirí i Meán Fómhair 2025. Ceadaíodh Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh Chuid 8 go foirmiúil ag cruinniú iomlánach na Comhairle i mí Dheireadh Fómhair. Cuireadh tús le dearadh mionsonraithe tar éis cead pleanála a fháil agus tá an tógáil le tosú i Ráithe 1 2027.

## Bealaí ciúine

Forbraíodh sraith bealaí timpeall na cathrach i gcomhar leis an ÚNI le haghaidh rothaíochta agus eiseofar tairiscint do chomhairleoir dearaidh in 2026.

## Bealaí Sábháilte chun na Scoile (SRTS) (Babhta 3)

Tugadh an tairiscint deartha chun críche i Ráithe 4 2025 do na scoileanna seo a leanas agus tá comhairleoir le ceapadh.

- Scoil Speisialta Naomh Iosef/ Scoil Náisiúnta GET, Lána Moyola, An Caisleán Nua, Gaillimh.
- Coláiste Iognáid, Bóthar na Mara, Gaillimh
- Gaelscoil Dara, Bóthar Bhaile an Locháin, An Rinn Mhór, Gaillimh.

- Scoil Chaitríona Sinsir & Sóisir, Ascaill na Rinne Móire, Gaillimh.
- Coláiste Éinde, Bóthar na Mine, Gaillimh.
- Scoil Phádraig Naofa, Sráid na Lombardach, Gaillimh.

Roghnaíodh Gaelscoil Mhic Amhlaigh agus Bunscoil an Chladaigh i mí na Nollag 2025 faoi Bhabhta 4 den chlár SRTS agus tá siad san áireamh sa tairiscint seo. Tá dearadh intí do Scoil Náisiúnta Chnoc na Cathrach ag dul ar aghaidh. Bóthar Sheantalaimh – Ionchorpróidh pleananna Bainistíochta Tráchta/Taistil Ghníomhaigh an ceantar thart ar Scoil Bhríde.

## Cosc Tráchta

Tá dearaí tugtha chun críche do 9 láthair straitéiseacha ar fud na cathrach mar chuid de thionscadal Cosc Tráchta Ghrúpa 1. Tá na critéir roghnúcháin maidir le suíomhanna idirghabhála rialaithe rochtana bunaithe ar inrochtaineacht, tréscaoilteacht, nascacht le hiompar poiblí agus comhtháthú le bonneagar taistil gníomhaigh atá ann cheana agus atá beartaithe. Cuireadh tús le hoibreacha tógála i Ráithe 4 2025 agus tá an idirghabháil rialaithe rochtana críochnaithe anois ag Baile an Locháin. Tá tuilleadh idirghabhálacha le déanamh le linn 2026.

## Nuachtlitir Taistil Ghníomhaigh

Tá nuachtlitir rialta nua um Thaisteal Gníomhach á foilsiú, ina leagtar amach obair na Roinne Taistil Ghníomhaigh. Beidh eagráin eile le linn 2026.

## Gradaim



Bhuaigh Comhairle Cathrach na Gaillimhe an Gradam don Chonair/Uiscebhealach is Fearr in Éirinn do Scéim Taistil Ghníomhaigh na Canála Eglinton ag Gradaim Pobail agus Comhairle Uile-Éireann 2025, ag an searmanas náisiúnta in Óstán Pháirc Bhaile an Róistigh, Corcaigh Dé Sathairn 22 Feabhra 2025.

# Gníomhú ar son na hAeráide

## Príomhchuspóirí na Roinne

- Laghdú 51% a bhaint amach ar astaíochtaí gás ceaptha teasa (GCT) faoi 2030 (i gcomparáid le leibhéil 2018), i gcomhréir le spriocanna náisiúnta.
- Athléimneacht aeráide na cathrach a fheabhsú, ag díriú ar straitéisí oiriúnaithe a chosnaíonn daoine leochaileacha, bonneagar agus éiceachórais nádúrtha.
- Gníomhaíocht ar son na haeráide a thabhairt isteach ar fud oibríochtaí agus phróisis chinnteoireachta uile na Comhairle, lena gcinntítear cur chuige uilechathrach.

## Colúin Straitéiseacha

1. **Fuinneamh & Foirgnimh a dhícharbónú**
   Leathnú ar chláir iarfheistithe, suiteálacha fuinnimh in-athnuaite a chur chun cinn, agus éifeachtúlacht fuinnimh fheabhsaithe in earnálacha poiblí agus príobháideacha.

2. **Gluaiseacht Inbhuanaithe**
   An t-aistriú chuig modhanna iompair ghníomhacha agus phoiblí a luathú, flíteanna na Comhairle agus flíteanna tráchtála a leictriú, agus feabhas a chur ar bhonneagar rothaíochta agus siúil.

3. **Geilleagar Ciorclach & Laghdú Dramhaíola**
   Tacú le cleachtais gheilleagair chiorclaigh, dramhaíl na cathrach a laghdú, agus samhlacha áitiúla athúsáide, athchúrsála agus tomhaltais inbhuanaithe a chur chun cinn.

4. **Réitigh atá Bunaithe ar an Dúlra & Bithéagsúlacht**
   Spásanna glasa a leathnú, conairí bithéagsúlachta a fheabhsú, agus bonneagar nádúrtha a úsáid chun tacú le bainistiú tuilte agus leithlisiú carbóin.

5. **Rannpháirtíocht an Phobail & Litearthacht Aeráide**
   Comhpháirtíochtaí a neartú le saoránaigh, le scoileanna, le gnólachtaí agus le heagraíochtaí áitiúla chun fís aeráide roinnte a thógáil agus chun gníomhaíocht aeráide a chumasú ag gach leibhéal.

# Gníomhú ar son na hAeráide agus Spriocanna Inbhuanaitheachta na NA

Tá Cathair na Gaillimhe anois ag pointe ríthábhachtach ina turas aeráide. Athdhearbhaíonn an t-uasdátú seo in 2025 ár dtiomantas comhroinnte do cheartas aeráide, freagracht idirghlúine, agus cathair athléimneach a chruthú do chách.

Tá ról tábhachtach le himirt ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe chun na gníomhaíochtaí laistigh de dhul chun cinn LACAP a chinntiú agus chun SFI na NA a chur chun cinn a bhfuil sé mar aidhm acu todhchaí níos fearr agus níos inbhuanaithe a bhaint amach do chách. Tá Comhairle Cathrach na Gaillimhe roghnaithe go hoifigiúil mar Churadh na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFI) náisiúnta do 2025-2027 ag an Roinn Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil.

Mar Churadh SFI, beidh Comhairle Cathrach na Gaillimhe mar shampla náisiúnta dea-chleachtais, ag léiriú conas is féidir leis an rialtas áitiúil cur go fiúntach leis na 17 Sprioc Forbartha Inbhuanaithe. Sna 18 mí atá romhainn, oibreoimid leis an Roinn chun na SFI a chur chun cinn, foghlaim a roinnt, páirt a ghlacadh in imeachtaí náisiúnta, agus aird a tharraingt ar an obair iontach atá ar bun cheana féin i ngach roinn.

# Oibreacha Aisfheistithe um Fhuinneamh agus Laghdú Astaíochtaí Chomhairle Cathrach na Gaillimhe

## Cás Staidéar: Ionad Pobail Chnoc na Cathrach





Mar chuid de Chlár Fionnachtaithe Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann, roghnaíodh Ionad Pobail Chnoc na Cathrach chun oibreacha doimhne iarfheistithe fuinnimh a dhéanamh

air d'fhonn spriocanna 2030 don éifeachtúlacht fuinnimh agus laghdú carbóin a bhaint amach. Tá an t-ionad ar cheann de na 10 nÚsáideoir Shuntasacha Fuinnimh (SEU) is mó i stoc foirgnimh Chomhairle Cathrach na Gaillimhe. Tógadh an t-ionad in 2005; ionad spórt tirim agus fóillíochta é ina bhfuil seomraí ilchuspóireacha, oifigí, áiteanna gléasta agus halla spóirt atá oscailte don phobal. Cuireadh síneadh leis in 2015. Bhí sé mar aidhm ag na hoibreacha a rinneadh faoin gclár, lena n-áirítear teaschaidéal a chur isteach, córas fótavoltach 40kWp a chur isteach, uasghrádú soilsithe LED agus uasghrádú gloinithe;

- Astaíochtaí carbóin a laghdú 50% ar a laghad
- Rátáil BER a fheabhsú go leibhéal A3
- Teicneolaíochtaí fuinnimh in-athnuaite a úsáid
- An compord teirmeach agus an aerdhíonacht a fheabhsú

Ba é an méid iomlán fuinnimh a sábháladh ná 147,151(kWh) agus sábháladh 34.6 tCo2e i dtreo 2030.

## Cás Staidéar: Ionad Pobail Bhaile an Phoill

Mar chuid de Chlár Fionnachtaithe Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann, roghnaíodh Ionad Pobail Bhaile an Phoill chun oibreacha doimhne iarfheistithe fuinnimh a dhéanamh air d'fhonn spriocanna 2030 don éifeachtúlacht fuinnimh agus laghdú carbóin a bhaint amach. Tógadh an t-ionad in 2016; ionad spórt tirim agus fóillíochta é ina bhfuil seomraí ilchuspóireacha, oifigí, áiteanna gléasta agus halla spóirt atá oscailte don phobal.

Bhí sé mar aidhm ag na hoibreacha a rinneadh faoin gclár Pathfinder seo, lena n-áirítear teaschaidéal agus córas fótavoltach 40kWp a chur isteach;

- Astaíochtaí carbóin a laghdú 50% ar a laghad
- Rátáil BER a fheabhsú go leibhéal A2
- Teicneolaíochtaí fuinnimh in-athnuaite a úsáid

# Tionscnaimh Gheilleagair Chiorclaigh Chomhairle Cathrach na Gaillimhe

### Cás Staidéar: Caifé Deisiúcháin Chathair Chiorclach na Gaillimhe

Tá Caifé Deisiúcháin na Gaillimhe mar chuid de ghluaiseacht an phobail atá dírithe ar dhramhaíl, ró-thomhaltas agus dífheidhmeacht phleanáilte a laghdú trí chabhrú le daoine earraí a dheisiú seachas iad a chaitheamh amach. Bíonn caiféanna deisiúcháin éadaí i nGaillimh, a bhíonn ar siúl go minic i Músaem Cathrach na Gaillimhe, áit a dtugann daoine éadaí leo agus oibríonn siad in éineacht le hoibrithe deonacha oilte a threoraíonn trí dheisiúcháin bhunúsacha iad. Cuireann na seisiúin seo uirlisí agus ábhair ar fáil chun rudaí a dheisiú agus cabhraíonn siad le rannpháirtithe scileanna deisiúcháin fadtéarmacha a fhoghlaim.

Tá imeachtaí an Chaifé Deisiúcháin mar chuid de Chathair Chiorclach na Gaillimhe freisin, tionscnamh níos leithne na cathrach maidir le geilleagar ciorclach a thacaíonn le hathúsáid, deisiú agus laghdú dramhaíola.
Tá na ceardlanna ag bailiú figiúirí do na cileagraim de theicstílí a deisíodh ag gach siopa. Rinneadh na caiféanna deisiúcháin ar bhonn píolótach chun spéis an phobail a thriail. Meastar go bhfuil an tionchar timpeallachta a bhaineann le hathúsáid teicstílí 70 uair níos ísle ná éadaí nua a tháirgeadh agus in aghaidh an chileagraim éadaí: sábhálann athúsáid 1 kg éadaí thart ar 25 kg de CO2. Mar sin, tá sé ina thosaíocht mhór ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe na ceardlanna seo a chur chun cinn. Is é an buntáiste is mó a bhain leis na ceardlanna a reáchtáil ná Caifé Deisiúcháin buan míosúil a bunaíodh in 2026:

# Coirib go Cósta – Scéim Cosanta Tuilte Chathair na Gaillimhe:

Comhaontaíodh an dréachtrogha is dealraithí a roghnófar don scéim i Ráithe 4 2025. Is éard a bhí i gceist leis an bpróiseas seo ná an t-aiseolas a fuarthas le linn phróiseas comhairliúcháin phoiblí 2025, aiseolas ó pháirtithe leasmhara agus aiseolas ó gach roinn laistigh de Chomhairle Cathrach na Gaillimhe a chur san áireamh. Críochnaíodh measúnú ilchritéar a bhreithníonn na himpleachtaí sóisialta, eacnamaíocha, comhshaoilagus teicniúla a bhaineann le gach rogha scéime inmharthana chun an próiseas seo a threorú freisin. Tabharfar an rogha is dealraithí a roghnófar chun críche i Ráithe 1 2026 agus cuirfear faoi bhráid an phobail í le haghaidh tuilleadh comhairliúchán neamhreachtúil. Tá sé seo le bheith ar siúl an 28 agus 29
Aibreán. Cuirfear comhaltaí tofa ar an eolas roimh an imeacht rannpháirtíochta agus cuirfear tréimhse 5 seachtaine le haghaidh aighneachtaí ar fáil tar éis an imeachta.

# An Stiúrthóireacht um Fhorbairt

## Bóithre agus Cúrsaí Iompair

### Ceadúnú agus tógáil i gcúram

#### Príomhéachtaí

- Breis is 700 ceadúnas oscailte bóthair próiseáilte
- Breis is 200 cead eisithe le haghaidh scipe bruscair, crann tógála, scafaill, balla clár
- 20 cead d'ualaí neamhghnácha eisithe
- Breis is 40 dúnadh bóithre próiseáilte chun oibreacha tógála agus imeachtaí eile a éascú taobh istigh den chathair
- 1 eastát tithíochta glactha i gceannas
- Cuireadh lenár bhflít feithiclí leictreacha trí veain eile a cheannach. Tá ár 'bhflít glas' comhdhéanta anois de 22 feithicil leictreacha agus inneall glanta sráide leictreach amháin.
- Fás leanúnach in úsáid ár n-aipe páirceála.
- Uasghráduithe ar chórais chúloifige inár rannóg tráchta chun páirceáil, íoc agus taispeáin a bhainistiú.

#### Foirne Maor Tráchta agus Pobail

Leanadh de bheith i gceannas ar chur i bhfeidhm an chórais nua Giant Leap. Cheadaigh sé seo uasghráduithe suntasacha i mbainistíocht chúloifige ár bhfógraí muirir sheasta agus próisis bhainistíochta cásanna dá bharr.

Lean ár gcomhpháirtíocht le Payzone agus Park Magic ag forbairt, le méadú ar líon na n-úsáideoirí ar Aip Páirceála Chathair na Gaillimhe. Sa chéad 6 mhí de 2025 rinneadh níos mó ná 67% de na hidirbhearta páirceála go léir sa chathair a phróiseáil go leictreonach, rud a d'ardaigh go dtí thart ar 70% le linn na 6 mhí dheireanacha den bhliain.

Léiríonn an méadú seo ar úsáid an obair leanúnach atá ar bun chun roghanna páirceála agus íocaíochta a chur in iúl do chónaitheoirí, comaitéirí agus cuairteoirí i gCathair na Gaillimhe.

#### Dúshláin agus Réitigh

Bhí orainn freagra a thabhairt ar aiseolas agus ar thaithí an úsáideora maidir leis na hathruithe ar pháirceáil agus Páirceáil Íoc agus Taispeáin sa gcathair. Bhí sé seo dúshlánach in amanna, go háirithe do bhaill foirne a bhfuil róil acu a thugann aghaidh ar

chustaiméirí. Ní mór a admháil go raibh ról fíorthábhachtach ag ár Maoir Phobail maidir le cúnamh fíor-ama a chur ar fáil ar fud na cathrach. Bhí orainn eolas mícheart a bhainistiú freisin i roinnt aiseolais agus tráchtaireachta. Rinneamar sin go héifeachtach le comhsheasmhacht i dteachtaireachtaí agus le feachtas fógraíochta forleathan a sholáthar thar roinnt ardán sna meáin chumarsáide.

### Spriocanna do 2026

- Tá iniúchadh déanta ar phróisis bhreise chun an córas ceadanna páirceála a chuíchóiriú. Cuirfear iad seo i bhfeidhm i Ráithe 2 2026
- Déanfar iniúchadh ar chomharthaíocht ar fud na gcarrchlós i lár na cathrach agus ina dhiaidh sin ar chomharthaíocht sráide i Ráithe 1 2026 freisin. Beidh sé mar aidhm aige seo a chinntiú go gcuirfimid eolas cruinn agus sothuigthe ar fáil dár gcustaiméirí agus go n-éascóimid an próiseas páirceála sa chathair.
- Na feidhmeanna ceadúnaithe go léir a sheachadadh go leanúnach agus an tionchar ar ghréasán iompair na cathrach á mhaolú.

## Bainistiú Flít

Ba chéim shuntasach chun cinn í 2025 inár dtiomantas do sheachadadh seirbhíse inbhuanaithe agus éifeachtúil. D’éirigh linn an chuid is mó dár bhflít a aistriú ó dhíosal go Plandola Hidreachóireáilte (HVO), ag baint amach laghdú láithreach agus suntasach ar astaíochtaí carbóin agus feidhmíocht oibriúcháin a chothabháil ag an am céanna. Ag teacht lenár gcuspóirí feithiclí leictreacha níos leithne, leathnaigh muid ár gcumas astaíochtaí nialasacha a bhaint amach trí veain leictreach breise a cheannach atá tiomnaithe don Rannóg Maorachta Madraí, rud a laghdófar torann agus truailliú aeir le linn oibríochtaí laethúla. Chun ár gcumas cothabhála tailte a fheabhsú agus chun tacú le bithéagsúlacht áitiúil, rinneamar uasghrádú ar ár bhflít trealaimh trí bhuainteoir súisteach nua a chur leis. Ligeann an saintrealamh seo dúinn ár gceantair ainmnithe pailneoirí ‘Gan Bain’ a bhainistiú agus a ghearradh siar go héifeachtach, ag cinntiú go gcaomhnaítear na gnáthóga ríthábhachtacha seo go héifeachtach ag na hamanna riachtanacha den bhliain.

# Cothabháil Bóithre

## Príomhéachtaí

D'éirigh le foirne cothabhála bóithre GCC oibreacha a chríochnú ag 87 ionad éagsúil ar fud na cathrach le linn 2025. Is féidir iad seo a rangú faoi thrí phríomh-cheannteideal:

### Láidriú agus Deisiúcháin Dromchla




Baineann na hoibreacha seo le raon teicnící chun aghaidh a thabhairt ar mheath cosán, lena n-áirítear paisteáil, athdhromchlú, agus é mar sprioc feidhmiúlacht agus sábháilteacht bóithre a athchóiriú. Críochnaíodh 13 thionscadal faoin gClár Feabhsúcháin Athchóirithe agus críochnaíodh deisiúcháin ar scála níos lú ag 23 suíomh.

### Oibreacha Feabhsúcháin Sábháilteachta agus Soghluaisteachta

Cuireann foirne córais shábháilte oibre i bhfeidhm, ag soláthar dromchlaí sásúla, comharthaíocht fheabhsaithe, agus marcálacha bóthair, agus ag an am céanna ag smaoineamh ar riachtanais gach úsáideoir bóithre, lena n-áirítear iad siúd a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe agus iad siúd a úsáideann iompar gníomhach. Críochnaíodh 41 tionscadal san iomlán le linn 2025.

Leithdháileadh €250,000 faoin gcéad bhliain den Chiste Infheistíochta agus Deisiúcháin Cosán agus roinneadh go cothrom é idir na trí thoghcheantar. Rinneadh atógáil cosán faoin gciste seo ag:

- Toghcheantar an Oirthir: Bóthar na Rinne Móire
- Toghcheantar Láir: An Bóthar Mór agus Plás Naomh Bríd
- Toghcheantar an Iarthair: Páirc Devon





Oibreacha Feabhsúcháin Soghluaisteachta ag Páirc Devon agus Bóthar na Trá Uachtarach.

## Oibreacha Feabhsúcháin Draenála

Tá sé mar aidhm ag na hoibreacha seo feabhas a chur ar uisce dromchla agus fodhromchla a bhaint ó bhóithre chun damáiste a chosc, sábháilteacht agus fad saoil cosán a chinntiú, agus tionchar comhshaoil a íoslaghdú. Críochnaíodh 13 thionscadal san iomlán le linn 2025 chomh maith le hoibreacha cothabhála ginearálta agus coisctheacha.

## Achoimre Airgeadais

Eisíodh leithdháileadh deontais na Roinne Iompair do Chomhairle Cathrach na Gaillimhe i mí Feabhra agus b'ionann é agus €3,928,500. Baineann sé seo le cothabháil agus feabhsúcháin ar bhóithre réigiúnacha agus áitiúla.

Tá naoi gcatagóir sa mhaoiniú seo agus an clár Feabhsúcháin Athchóirithe mar phríomhfhócas le leithdháileadh €1,983,500.

Eisíodh an leithdháileadh deontais ó Bhonneagar Iompair Éireann do GCC do Chothabháil Reatha – Cosaint agus Athnuachan Bóithre Náisiúnta i mí Feabhra freisin agus b'ionann é agus €189,517.

## Dúshláin agus Réitigh

Lean muid orainn ag baint leas as conradh fadtéarmach ar phraghas seasta lenár bpríomhchonraitheoir a chabhraigh linn na harduithe leanúnacha i gcostais ábhar a sheachaint.

## Spriocanna do 2026

An clár um Athchóiriú agus Feabhsú Bóithre do 2026 a sheachadadh go leanúnach laistigh den bhuiséad agus gan cur isteach ar úsáideoirí bóithre na cathrach mórán.

## Príomhéachtaí

- Ard-chomhordú ar na hAcomhail ar Bhóthar Áth Cinn agus Droichead Wolfe Tone
- D'éirigh linn idirbheartaíocht a dhéanamh faoi chonradh cothabhála nua a mhairfidh suas le 9 mbliana.
- Uasghráduithe Acomhail ag Loch an tSáile / Bóthar an Choláiste, An Lios Bán agus Cois Abhann. Athsholáthar duchtáil theipthe, cuaillí iontrála agus suiteáil LV LED.
- Athsholáthar freastalaithe tráchta as feidhm
- Ceannach 6 Chomhartha Teachtaireachtaí Athraitheacha chun samhlacha atá imithe i léig ar an Taobh Thoir a athsholáthar (seachadadh i mí Aibreáin)
- Tionscadail taistil ghníomhaigh a éascú agus méadú ar chomharthaí
- Cuireadh tús le feabhsuithe ar an gCóras Treoraithe Páirceála in 2025 a cheadóidh cumas agus taispeáint na Gaeilge. Tabharfar na hoibreacha seo chun críche in 2026 agus beidh siad ag teacht lenár dtiomantas d'Acht na dTeangacha Oifigiúla.

## Dúshláin agus Réitigh

- Dífheidhmeacht agus roinnt bonneagar atá ag éirí sean. – Athsholáthar agus uasghrádú de réir mar is gá, Cruthaíonn méadú tráchta ar an ngréasán bóithre roinnt dúshlán agus mionfheabhsuithe á ndéanamh ar stáitse, dearadh agus comhordú comharthaí.

## Spriocanna do 2026

- Cur i bhfeidhm iomlán na Gaeilge ar an gCóras Treoraithe Páirceála
- Suiteáil iomlán ar Chomharthaí Teachtaireachtaí Athraitheacha
- Acomhail nuathógtha a bharrfheabhsú agus a chomhordú sa Bhaile Bán agus Páirc an Chaisleáin

# Bainistíocht maidir le Droichid

## Príomhéachtaí


**Droichead Canála ar Bhóthar na hOllscoile**

» Tá fásra glanta.

» Tá dearadh na n-oibreacha feabhais ar siúl go leanúnach.

**Droichead na mBradán**

» Fuarthas maoiniú ón Roinn Iompair chun Tionscadal Feabhsúcháin Dhroichead na mBradán a chur chun cinn.
» Críochnaíodh oibreacha feabhais ar an uchtbhalla thiar thuaidh.
» Rinneadh imscrúduithe suímh agus oibreacha imscrúdaithe cosáin.
» Leanadh ar aghaidh le dearadh na n-oibreacha feabhsúcháin ar Dhroichead na mBradán tar éis imscrúduithe suímh agus cosáin a chur i gcrích.
» Rinneadh fásra a ghlanadh i Ráithe 4 2025.



Droichead na mBradán a thaispeánann oibreacha dífhásra críochnaithe

## Droichead Uí Bhriain

» Críochnaíodh iniúchtaí droichid chun réamhdhearadh agus dearadh mionsonraithe na n-oibreacha feabhais ar Dhroichead Uí Bhriain a threorú.
» Rinneadh fásra a ghlanadh.
» Tá dearadh na n-oibreacha feabhais ar siúl go leanúnach.

## Droichead Oilean Altanach (Foirgnimh Ollscoil na Gaillimhe)

» Críochnaíodh iniúchtaí droichid chun réamhdhearadh agus dearadh mionsonraithe na n-oibreacha feabhais ar Dhroichead Oilean Altanach a threorú.
» Rinneadh fásra a ghlanadh.
» Tá dearadh na n-oibreacha feabhais ar siúl go leanúnach.

## Droichead Bhóthar an Athar Uí Ghríofa

» Críochnaíodh oibreacha saoirseachta ag Droichead Bhóthar an Athar Uí Ghríofa.

## Spriocanna do 2026

- Droichead Uí Bhriain - oibreacha feabhais saoirseachta a chríochnú
- Droichead Bóthair Nua - Iniúchadh innealtóireachta a dhéanamh agus tús a chur le dearadh oibreacha feabhais. Oibreacha glanta fásra a dhéanamh.
- Droichead Wolfe Tone - Dearadh na n-oibreacha feabhais riachtanacha a chur chun cinn
- Tardhroichead Bhóthar an Chósta - Iniúchtaí suímh a dhéanamh agus oibreacha feabhais riachtanacha a aithint. Tús a chur leis an dearadh freisin.

- Droichead na mBradán - Dearadh iomlán na n-oibreacha cothabhála agus feabhais a chríochnú. Conraitheoir a sholáthar chun tabhairt faoi oibreacha agus iad a chríochnú faoi Ráithe 3 de 2026.
- Droichead Canála ar Bhóthar na hOllscoile - Iarratas a ullmhú faoi Chuid 8 chun oibreacha neartaithe agus feabhais a dhéanamh ar Dhroichead Canála na hOllscoile. Conraitheoir a sholáthar chun réamhoibreacha a dhéanamh.

# Plean Gníomhaithe Torainn na Cathrach 2024-2028

Chuir Comhairle Cathrach na Gaillimhe a Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn NAP 2025 faoi bhráid an EPA i gcomhréir le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Torann Timpeallachta) 2018 IR Uimh. 549 de 2018.

## Feabhsuithe Bonneagair Bhreise

### Mol Luchtaithe Feithiclí Leictreacha an Taoibh Thiar

- D'oscail an Méara Mike Cubbard agus an tAire Stáit agus an tAire Iompair Seán Canney Mol Luchtaithe Feithiclí Leictreacha an Taoibh Thiar go hoifigiúil an 27 Meitheamh 2025. An chéad cheann dá leithéid in Éirinn.
- 6 phointe luchtaithe ghrianchumhachtaithe ar fáil go poiblí d'fheithiclí leictreacha ag carrchlós an Taoibh Thiar ar phraghsanna réasúnta don phobal agus iad ag tabhairt ar ais don eangach.
- Comhpháirtíocht idir ZEVI, Comhairle Cathrach na Gaillimhe, Electric Skyline agus Abarr




Seoladh Mhol Luchtaithe Feithiclí Leictreacha an Taoibh Thiar.

# Tionscadail Ilmhódacha agus Feabhsaithe Lár na Cathrach

Tar éis oibreacha athshlánaithe pábhála a chríochnú ar an tSráid Ard i Ráithe 1 2025, díríodh ansin ar Shráid na Cille agus deireadh a chur le dromchlaí míchothroma agus uisce a bhí ag bailiú ann, rud a chuir uasghrádú a raibh géarghá leis ar cheann de na sráideanna is gnóthaí sa chathair chun cinn. Tar éis rannpháirtíocht shásúil leis na grúpaí trádálaithe agus cónaitheoirí, cuireadh tús le hoibreacha atá le cur chun cinn thar dhá chéim i Ráithe 4 2025. Cheap an conraitheoir teagmhálaí ainmnithe chun dul i gcomhairle le gnólachtaí le linn oibreacha tógála.

Críochnaíodh staidéar féidearthachta agus clár oibreacha straitéiseacha lena sainaithníodh deiseanna agus dúshláin maidir le bonneagar ilmhódach ardchaighdeáin a sheachadadh ar fud na cathrach i Ráithe 2 2025. Beidh an tuarascáil seo mar threoir d'fhorbairt scéimeanna amach anseo agus cabhróidh sí le tús áite a thabhairt do líonra iompair ghníomhaigh agus inbhuanaithe na Gaillimhe agus é a chur ar fáil. Déanfar na hamlínte don chur i bhfeidhm mar a leagtar amach sa tuarascáil a bheachtú tuilleadh nuair a dheimhneofar maoiniú agus acmhainní.

## Dúshláin agus Réitigh

Ba dhúshlánach sosanna a aontú agus a chur i bhfeidhm le haghaidh oibreacha conartha i lár na cathrach. Chabhraigh duine teagmhála ainmnithe a cheapadh le cumarsáid dhearfach a chothú le páirtithe leasmhara agus an tionscadal a choinneáil ar sprioc.

Leanfaidh Comhairle Cathrach na Gaillimhe uirthi ag tabhairt aghaidh ar na dúshláin a bhaineann le brú tráchta agus sábháilteacht ar bhóithre agus nascacht do choisithe agus rothaithe i gceantair uirbeacha suntasacha sa chathair a aithníodh sa staidéar féidearthachta.

## Spriocanna do 2026

Leanfaidh Comhairle Cathrach na Gaillimhe leis an gcás gnó a chur faoi bhráid an rialtais náisiúnta le haghaidh maoiniú don bhonneagar seo a bheidh ríthábhachtach d'fhorbairt na gcúlsoláthar talún agus a spriocanna náisiúnta i dtithíocht, iompar, taisteal gníomhach agus réimsí eile á gcomhlíonadh ag an am céanna.

Cuireadh iarratais ar mhaoiniú faoi Chláir Feabhsaithe Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla agus Straitéiseacha faoi bhráid na Roinne Iompair maidir le hoibreacha pleanáilte do roinnt codanna éagsúla bóithre.

# Soilse Poiblí

## Príomhéachtaí

Tá Comhairle Cathrach na Gaillimhe freagrach as an mbonneagar soilsithe poiblí ar fud na cathrach. Le tacaíocht ó chonraitheoir seachtrach, coinníonn sé na hacmhainní soilsithe poiblí seo a leanas:

- 10,342 soilse poiblí, bonneagar leictreach agus cáblaí a bhaineann leo

Rinne Stoirm Eowyn damáiste mór don bhonneagar soilsithe poiblí, agus chun an fearas seo a dhéanamh sábháilte b'éigean na soilse a aonrú agus an soláthar leictreachais a dhícheangal. Críochnaíodh clár oibreacha feabhsúcháin riachtanacha chun an soilsiú poiblí a athchóiriú ag na suíomhanna seo a leanas:

<table>
<tr><th>Mír</th><th>Suíomh an Tionscadail</th><th>Raon na hOibre</th></tr>
<tr><td>1</td><td>Bóthar Inis an Ghaill, Gaillimh</td><td rowspan="7">Is éard atá i gceist le hathsholáthar an bhonneagair a bhfuil damáiste déanta dó ná gach soláthar deartha agus suiteáil oibreacha innealtóireachta sibhialta agus leictreachais, tástáil agus deimhniú. I measc na n-oibreacha seo tá:<br><br>• Colúin agus lóchrainn PL damáiste a dhícheangal agus a bhaint go sábháilte.<br>• Colúin PL nua a sholáthar agus a shuiteáil le lóchrainn LED nua.<br>• Micreacholúin nua a sholáthar agus a shuiteáil chun pointí comhéadain a chruthú.<br>• Limistéir thochailte agus athchóirithe lena n-áirítear bóithre agus cosáin.<br>• Bainistíocht tráchta (TTM)<br>• Cáblaí comhlárnacha neamhchomhlíontacha a athsholáthar.</td></tr>
<tr><td>2</td><td>Ascaill na Rinne Móire</td></tr>
<tr><td>3</td><td>Páirc an Leamháin, An Rinn Mhór</td></tr>
<tr><td>4</td><td>Cúirt na Trá, Bóthar na Trá, Gaillimh</td></tr>
<tr><td>5</td><td>Plás na Sceiche Gile, Cnoc na Cathrach</td></tr>
<tr><td>6</td><td>Cnocán na Mara, Bóthar na Trá, Gaillimh</td></tr>
<tr><td>7</td><td>Páirc an Chaisleáin, Gaillimh</td></tr>
<tr><td>8</td><td>Cúirt an Mhainéir, Gaillimh</td><td>Meastacháin Chostas</td></tr>
<tr><td>9</td><td>Sruthán Thiar, Gaillimh</td><td>Ba é costais athsholáthair an bhonneagair damáiste ná thart ar € 800,000</td></tr>
</table>

## Dúshláin agus Réitigh

Is é BSL a chuirfeadh an chuid is mó den bhonneagar soilsithe poiblí i gCathair na Gaillimhe isteach, agus tá cuid mhór de seo caite anois thar a saolré ionchais nó níl sé inghlactha faoi rialachán reatha BSL ná SAFE Electric Ireland a thuilleadh. Nuair a tharlaíonn fabhtanna ar an sean-bhonneagar seo, ní bhíonn cead oibreacha deisiúcháin a dhéanamh faoi rialacháin BSL agus Safe Electric agus is é an t-aon réiteach atá ann ná an bonneagar reatha agus cáblaí a uasghrádú. Tá Stoirm Eowyn tar éis béim dhíreach a leagan ar an gceist seo agus ar an ngá atá leis an mbonneagar seo a uasghrádú.

Gréasán ar leith is ea an gréasán soilsithe poiblí seo mar go ndéantar gach obair chothabhála agus uasghrádaithe a mhaoiniú go hiomlán trí chistí ioncaim inmheánacha an údaráis áitiúil, gan aon tacaíocht Rialtais, agus níl aon roinn freagrach go díreach as. Chun aghaidh a thabhairt ar an dúshlán atá ann faoi láthair agus ar mhaithe le sábháilteacht an phobail, chuir Comhairle Cathrach na Gaillimhe tús le hathchóiriú a dhéanamh ar na fearais soilsithe poiblí a ndearnadh damáiste dóibh trí úsáid a bhaint as cistí ioncaim inmheánacha agus trí chead iasachta a cuireadh ar fáil do GCC ón Airgeadas Rialtais Áitiúil (DHLGH). Leanfaidh Comhairle Cathrach na Gaillimhe ag lorg aon mhaoiniú deontais stáit agus AE atá ar fáil.

## Spriocanna do 2026

- Suirbhé agus measúnú rioscabhunaithe ar fud na cathrach a chur chun cinn chun tosaíocht a thabhairt do dhearaí scéime ag láithreacha a bhfuil beathú díreach orthu agus dhá chábla chomhlárnacha laistigh den chathair.
- Clár forfheidhmithe oibreacha a fhorbairt faoi réir na n-acmhainní atá ar fáil chun gach cábla comhlárnach atá as dáta agus bonneagar lochtach a thabhairt suas go dtí na caighdeáin sábháilteachta riachtanacha reatha.
- Moltaí Scéim Soilse Poiblí a chur chun cinn ag Baile an Locháin agus Páirc Radharc an Locha sa Chaisleán Nua
- An clár Uasghrádú LED a chríochnú

# Draenáil Uisce Dromchla

## Príomhéachtaí

- Cuirfidh GCC úsáid gnéithe draenála inbhuanaithe atá bunaithe ar an dúlra chun cinn mar phríomh-mhodh chun draenáil uisce dromchla a bhainistiú mar bhonn eolais ag treoracha laistigh den Chreat Náisiúnta Pleanála, Pleananna Bainistíochta Abhantraí, Pleananna Gníomhaíochta Aeráide, DMURS agus pleananna forbartha éagsúla ar fud Chathair na Gaillimhe.

### Dúshláin agus Réitigh

- Chun a chinntiú go bhfuil forbairt ar fud na cathrach deartha chun riosca tuilte ó bhrúcht uisce stoirme a laghdú, agus ag an am céanna feabhas a chur ar thaitneamhacht, ar bhithéagsúlacht agus ar luach comhfhorbartha áite thírdhreacha uirbeacha na cathrach

### Sprioc do 2026

- Treoirdhoiciméad maidir le Córais Draenála Inbhuanaithe (CDI) a fhorbairt a chuideoidh le pleanáil agus a sholáthróidh treoir do chomhairleoirí a dhearann tithíocht nua, forbraíochtaí neamhchónaithe nó forbraíochtaí measctha agus tithe teaghlaigh/síntí.

## Pleanáil agus Freagairt Móréigeandála

Rinneadh dul chun cinn suntasach ar Dhréachtphlean Móréigeandála Chathair agus Chontae na Gaillimhe (MEP) agus críochnaíodh aguisíní éagsúla lena n-áirítear Pleananna Tuilte agus Drochaimsire. Tá sé beartaithe ag an Stiúrthóireacht Náisiúnta um Bainistíocht Dóiteáin agus Éigeandála (NDFEM) cóipeanna de phleananna nuashonraithe aimsire agus tuilte a iarraidh ó gach údarás áitiúil le linn shamhradh na bliana 2026.

Seoladh córas nua in 2024 chun imeachtaí a ghabháil agus chun anailís a dhéanamh ar a dtionchar le linn imeachtaí adhaimsire agus tá forbairt na teicneolaíochta seo ag dul ar aghaidh. Acmhainn thar a bheith luachmhar a bheidh anseo sa mhéid is go gceadaíonn sé d’fhoireann údaráis áitiúil nuashonruithe fíor-ama a uaslódáil ar an talamh trí úsáid a bhaint as teicneolaíocht mapála ar líne. Is féidir leis an gcomhairle teagmhais a thuairiscigh an pobal maidir le héigeandálaí adhaimsire a thaifeadadh freisin.



Damáiste a rinne Stoirm Eowyn, Bóthar Uí Mhainchín, Eanáir 2025.

## Ionaid Tacaíochta Pobail

Léiríodh leis an méid a thit amach tar éis Stoirm Eowyn (2025) agus éigeandálaí adhaimsire eile le déanaí go raibh gá le suíomhanna laistigh dár bpobal áitiúil ina bhféadfadh daoine a bhfuil drochaimsir nó éigeandálaí eile ag cur isteach orthu teacht ar bhunriachtanais leasa amhail bia, pointe luchtaithe don fhón póca, áiseanna sláinteachais, agus ceangal le Wi-Fi/idirlíon. D'fhéadfaí áiseanna den sórt sin a úsáid freisin mar mhodh chun eolas tábhachtach comhsheasmhach a roinnt ar ábhair cosúil le nuashonruithe poiblí, eolas sláinte poiblí agus comhairle maidir le teacht ar oifigí Leasa Shóisialaigh áitiúla agus ar scéimeanna daonnúla.

Aithníodh trí Ionad Tacaíochta Pobail laistigh den chathair ar féidir iad a chur i ngníomh go tapa chun tacú le daoine atá lonnaithe laistigh den phobal nó i bpobal in aice láimhe in am an ghátair. Is é príomhchuspóir Ionad Tacaíochta Pobail áit shábháilte a chur ar fáil inar féidir le hoibrithe deonacha seirbhísí bunúsacha leasa a sholáthar do dhaoine atá buailte laistigh dá bpobal.

**Ainm na háise:** Ionad Pobail Chnoc na Cathrach

**Éirchód:** H91 R6PW

**Na háiseanna atá ar fáil ar an láthair i gcás stoirme:**

- Príomh-halla spóirt (32m x 19m)
- 2 x seomra ilfheidhme (15m x 10m)
- 2 x seomra cruinnithe beag
- Seomraí feistis le cithfholcadáin d'fhir agus do mhná
- Leithris d'fhir agus do mhná
- Leithreas inrochtana do chathaoireacha rothaí
- Cistin bheag
- Wi-Fi

**Ainm na háise:** Ionad Pobail an Taoibh Thiar

**Éirchód:** H91 R853

**Na háiseanna atá ar fáil ar an láthair i gcás stoirme:**

- Príomh-halla spóirt (29m x 16m)
- Halla cleachtais (12m x 9m)
- Seomraí feistis le cithfholcadáin d'fhir agus do mhná
- Leithris d'fhir agus do mhná
- Leithreas inrochtana do chathaoireacha rothaí
- Cistin bheag
- Wi-Fi

**Ainm na háise:** Ionad Pobail na Rinne Móire

**Éirchód:** H91 W259

**Na háiseanna atá ar fáil ar an láthair i gcás stoirme:**

- Príomh-halla spóirt (31.5m x 18m)
- Halla cleachtais (12m x 11m)
- Seomraí feistis le cithfholcadáin d'fhir agus do mhná
- Leithris d'fhir agus do mhná
- Leithreas inrochtana do chathaoireacha rothaí
- Cistin bheag
- Wi-Fi

### Gineadóirí d'Ionaid Tacaíochta Pobail

Le cinntiú gur féidir le hIonaid Tacaíochta Pobail oibriú nuair nach bhfuil teacht acu ar phríomhleictreachas, tá maoiniú caipitil suntasach curtha ar fáil ag an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta d'Údaráis Áitiúla chun gineadóirí iniompartha a chur ar fáil atá oiriúnach chun foinse cumhachta gan bhriseadh a choinneáil chuig Ionad Tacaíochta Pobail ainmnithe. Déanfaidh gach Údarás Áitiúil (Comhairle Cathrach na Gaillimhe san áireamh) ceithre ghineadóir iniompartha a chur ar fáil, a stóráil agus a chothabháil, 3 100KvA agus 1 30KvA. Mar fhreagra ar éigeandáil, déanfaidh Comhairle Cathrach na Gaillimhe iompar agus nascadh le haon cheann de na trí Ionad Tacaíochta Pobail atá liostaithe thuas agus ligfidh siad dóibh oibriú.

### Dúshláin agus Réitigh

Cruthaíonn gach imeacht adhaimsire dúshláin ar leith. Mar shampla, ba é ceann de na príomhthorthaí le linn thionchar Stoirm Eowyn ná an cur isteach ar líonraí cumarsáide, lena n-áirítear 'teicneolaíocht atá slán i gcás teipe' amhail Tetra Radios. Díreofar ach go háirithe ar threalamh líonra agus an cumas chun freagairt do ghéarchéim a neartú agus a bhainistiú i gcásanna amach anseo.

### Spriocanna do 2025

- Comhphlean Móréigeandála le Comhairle Chontae na Gaillimhe a thabhairt chun críche
- Oiliúint leanúnach foirne do na príomhróil a theastaíonn le linn imeachtaí adhaimsire
- Bonneagar a fheabhsú chun déileáil le himeachtaí amach anseo.


## Sábháilteacht ar Bhóithre

### Príomhéachtaí

- Comhordaíodh dhá Imeacht Sábháilteachta ar Bhóithre le linn 2025 ar éirigh go maith leo lenár gcomhpháirtithe sa nGarda Síochana agus i gComhairle Chontae na Gaillimhe. Sa gcéad imeacht i mí Bealtaine, d'fhreastail 450+ scoláirí Idirbhliana ar an gClár Tarrthála in Leisureland a osclaíodh le timpiste bhóthair bhréige agus cás tarrthála.
- D'éirigh leo cur leis an imeacht i mí na Samhna nuair a d'fhreastail os cionn 700 scoláire ar fud na Cathrach agus an Chontae ar Ráschúrsa na Gaillimhe d'imeacht den chineál céanna. Bhí an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre ar an láthair freisin lena mhol idirghníomhach.
- Imeacht Idirghníomhach Sábháilteachta ar Bhóithre i Scoil Náisiúnta Thír Oileáin i mí Dheireadh Fómhair a chur cainteanna feasachta sábháilteachta ar bhóithre ar bun do dhaltaí rang a 3 agus rang a 5 – arís le tacaíocht ón nGarda Síochána.

## Spriocanna do 2026

- Comhstraitéis Sábháilteachta ar Bhóithre Chathair agus Chontae na Gaillimhe a sheachadadh (Ráithe 1/2026)
- Leathnú ar thionscnaimh sábháilteachta ar bhóithre faoi stiúir áitiúil le scoileanna agus le grúpaí pobail.
- Sábháilteacht ar bhóithre a chur chun cinn do gach úsáideoir bóithre i gCathair na Gaillimhe.



Seirbhísí Éigeandála i mbun gnímh ag imeacht Sábháilteachta ar Bhóithre ag Ráschúrsa na Gaillimhe.

# Seirbhísí Comhshaoil

## Feasacht Chomhshaoil

In 2025 tháinig éagsúlacht mhór tionscadal a bhain leis an bpobal agus leis na scoileanna le tacaíocht ón bhfoireann comhshaoil, agus ón Oifigeach Feasachta Comhshaoil. Orthu sin bhí: Bain Taitneamh as do Thrá, feachtas de chuid an Tascfhórsa um Bhruscar Guma, Comórtas Féilire Comhshaoil, clár Picker Pals, Comórtas Spásanna don Bhithéagsúlacht, Comórtas Frithghraifítí Gharrán Pháirc an Tobair, Tionscnamh PC sna Scoileanna, Scéim éarlaise agus aisíoca, agus Staidéar Bruscair Bhóthar na Trá, i gcomhpháirtíocht le CuriOcean CLG agus Ollscoil na Gaillimhe.

Le linn na bliana, tugadh aitheantas do phobail na Gaillimhe a fuair tacaíocht ón rannóg Comhshaoil as a gcuid oibre. Bhuaigh siad Bonn Óir ag gradaim náisiúnta na mBailte Slachtmhara, bhain siad an dara háit amach sa chatagóir Tionscnamh Óige ag Gradaim Mórtas Ceantair, agus fuair Tionscadal an Bhaile Bháin 2024 ainmniúchán don Tionscadal is fearr um Fhreagracht Shóisialta Chorparáideach ag Gradaim LAMA.




Bhain tránna Bhóthar na Trá leas as an tionscnamh ‘Bain Taitneamh as do Thrá’

# Forfheidhmiúchán maidir le Cúrsaí Dramhaíola

D'oibrigh an Fhoireann Forfheidhmiúcháin maidir le Cúrsaí Dramhaíola go dícheallach chun a gcuid spriocanna a bhaint amach, agus d'éirigh leo é sin a dhéanamh, ag obair go dlúth leis na Maoir Phobail. Mar chuid de seo, rinne an fhoireann 260 iniúchadh dramhaíola gnáthaimh, agus 700 iniúchadh neamh-ghnáthaimh.

# Plean Bainistithe

Choinnigh an Fhoireann Bainistíochta Bruscair caighdeáin arda ar fud lár na cathrach agus sna bruachbhailte, go háirithe le linn buaicshéasúir turasóireachta, féilte agus Rásaí na Gaillimhe.

I measc na dtionscadal ar leith bhí glanadh ceart a thabhairt do na céimeanna ag an bhFaiche Mhór, greamáin a bhaint ar Shráid Liam, ráillí láimhe a ghlanadh ar Dhroichead Wolfe Tone, agus boscaí bruscair breise a chur isteach go sealadach ar an Meán-Oileán le linn aimsir bhreá.

D'éascaigh an tAonad Bainistíochta Bruscair freisin Lá Bailithe Dramhaíola Guaisí 2025 ag Ráschúrsa Bhaile an Bhriotaigh. D'éirigh go hiontach leis seo, agus fuair 300 carr réidh le 18 dtonna d'ábhar dainséarach.

Atreoraíodh 218 mír (tochtanna, troscán agus vardrúis san áireamh) ó líonadh talún le haghaidh athchóirithe mar chuid de Thionscadal píolótach um Athúsáid Earraí Toirtiúla le Bounce Back (Gluaiseacht Lucht Siúil na Gaillimhe) i Ráithe 3. Tacaíonn an tionscnamh seo le cuspóirí na Comhairle faoin Straitéis um

Gheilleagar Ciorclach trí athúsáid agus athchúrsáil a chur chun cinn agus dramhaíl a théann ar aghaidh go láithreán líonadh talún a laghdú.



Ullmhaíodh an Dréachtphlean Bainistíochta Bruscair go hinmheánach, agus mar sin sábháladh airgead suntasach ar tháillí comhairliúcháin. Foilseofar an plean in 2026, tar éis comhairliúcháin phoiblí.

Fuair Cathair na Gaillimhe scór iontach freisin ar an suirbhé neamhspleách ar Ghnólachtaí na hÉireann i gCoinne an Bhruscair (IBAL), agus bhaineamar marc '

'níos glaine ná gnáthchaighdeáin Eorpacha' amach. Tá Cathair na Gaillimhe ar cheann de na 10 suíomh chun an marc seo a bhaint amach in Éirinn.

Sráid na Siopaí ag breathnú go hálainn, tar éis obair an Aonaid Bainistíochta Bruscair.

# Aer, Torann, agus Uisce

## Monatóireacht agus Comhlíonadh Cáilíochta Aeir

Rinneadh iniúchtaí gnáthaimh comhshaoil ar stáisiúin pheitril go rathúil chun comhlíonadh na reachtaíochta um Aisghabháil Astuithe Gal Pheitriliam a chinntiú.

Áiríodh le cur chuige dhá thaobh maidir le Rialáil Breosla Sholadaigh feachtas faisnéise poiblí ar bhreoslaí ísealdeataigh agus clár iniúchtaí miondíoltóirí, atá le leanúint ar aghaidh go dtí 2026. Eagraíodh cruinnithe réamhghníomhacha freisin le hiompróirí breosla sholadaigh.

## Bainistíocht Uisce Snámha

Bainistíodh an Séasúr Snámha go rathúil le sampláil sheachtainiúil ar cháilíocht an uisce ag ár gceithre thrá ainmnithe: Baile an Locháin, Bóthar Grattan, Bóthar na Trá agus Trá na gCeann. Bhí na torthaí i rith an tséasúir ard i gcónaí, agus bhí an chuid is mó rangaithe mar 'Ar fheabhas'. Rangaíodh sampla amháin ag Bóthar Grattan mar 'Go maith'. Roinneadh grafaicí eolais agus eolas faoi shnámh as séasúr ar na meáin shóisialta i mí na Nollag.

## Iniúchtaí Rialála agus Pleananna Náisiúnta

Críochnaíodh iniúchtaí ar áitribh tirimghlanta faoin Treoir um Thuaslagóirí, agus eisíodh Deimhnithe um Chomhlíonadh do gharáistí a bhí i mbun spraephéinteála.

Faoin bPlean Iniúchóireachta Náisiúnta do Chórais Chóireála Fuíolluisce Tí, tugadh faoi iniúchtaí riosca-bhunaithe i Ráithe 1 agus Ráithe 2, agus lean iniúchtaí leantacha ar chórais neamhchomhlíonta ar aghaidh ar feadh na bliana. Seoladh feachtas poiblí ar na meáin shóisialta freisin ar riachtanais do dhabhcha séarachais.

## Leithris Phoiblí Uathoibríocha (LPUnna)

Tar éis Stoirm Eowyn go luath sa bhliain, bhí cuid dár LPUanna as ord ar feadh cúpla lá tar éis Stoirm Eowyn. Tá siad seo ar ais i bhfeidhm anois. Chomh maith leis sin, rinneamar deisiúcháin ar ár LPUanna ag Oileán an Iarla, Páirc na Mílaoise do Leanaí, Trá na mBan,

agus An Charraig Dhubh

Ina theannta sin, tá 2 stáisiún athlíonta buidéal nua i bPáirc Ros Cam agus ag Ionad Pobail na Rinne Móire.

### Corrthrádáil

D'iarr an Comhshaol iarratas ar raon margaí corrthrádála i gCathair na Gaillimhe in 2025, lena n-áirítear Margaí an tSamhraidh agus Margaí na Nollag ag Ardeaglais San Nioclás.

Ina theannta sin, d'iarramar iarratas ar cheadúnais 2026 le haghaidh Margaí Dé Sathairn agus Dé Domhnaigh ag Ardeaglais San Nioclás agus Margadh na Faiche Móire.

Bhí an fhoireann i dteagmháil le Coiste Margaí San Nioclás ar na ceadúnais seo, chun an caidreamh idir Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus an coiste a fhorbairt.

## Póna madraí/Seirbhísí

### Oibríochtaí Dídine

Fuarthas úinéir nua do 90 madra san iomlán go díreach ó Dhídean Madraí Chathair na Gaillimhe in 2025, agus aistríodh 49 madra eile chuig carthanachtaí comhpháirtíochta.

I measc na scéalta a thógfadh do chroí, bhí coileán a roghnaíodh le bheith ina mhadra teiripe i dteach altranais agus 'Sammy the Dog', atá anois ina mhadra teiripe ag Ionad Cúraim Dhroichead an Chláirín. Bhí na héachtaí seo le feiceáil sna meáin áitiúla agus náisiúnta.

Fuair na Seirbhísí Madraí aird ar leith sna meáin, trí úinéir nua a fháil do mhadra le bheith ina mhadra teiripe in Ionad Cúraim Dhroichead an Chláirín, agus trí alt 'Lá sa Saol' lenár Maoir Mhadraí a foilsíodh sna nuachtáin náisiúnta.

### Ceadúnú agus Feasacht Phoiblí

Eisíodh idir 150 agus 250+ Fógra Rabhaidh 10 lá go míosúil d'úinéirí madraí neamhcheadúnaithe trí fheachtas ceadúnaithe tiomnaithe ó dhoras go doras i gceantair an Taoibh Thiar agus Chnoc na Cathrach.

Seoladh an feachtas 'Bíodh Cion agat ar do Mhadra, Bíodh Cion agat ar do Chathair' i mí Lúnasa, chun úinéireacht fhreagrach a chur chun cinn trí fhíseáin dearfacha ar na meáin shóisialta agus trí chomhoibriú le MADRA ar cheardlanna scoile.

Mar gheall ar rialacháin nua faoin Bhulaí Ollmhór, tá sé mídhleathach na madraí seo a bheith

agat nó a choinneáil gan Deimhniú Díolúine. Reáchtáil muid feachtas feasachta bunaithe air seo, agus phróiseáil muid iarratais ar cheadúnas do na madraí seo.

# An Rannóg Caithimh Aimsire agus Taitneamhachta

Is é cuspóir na Rannóige timpeallacht nádúrtha na cathrach a chosaint, a fheabhsú agus a chaomhnú, ceannaireacht a sholáthar sa bhithéagsúlacht agus áiseanna ardchaighdeáin áineasa, fóillíochta agus taitneamhachta a fhorbairt agus a chur chun cinn chun caighdeán na beatha a fheabhsú.

## Stoirm Éowyn

Tá oibríochtaí glantacháin Stoirm Éowyn fós ar siúl go dtí an lá inniu. Leithdháileadh gach acmhainn oibriúcháin (lasmuigh) ar an iarracht ón tús, rud a d'fhág go raibh impleachtaí suntasacha costais agus ama ann.

- Osclaíodh na 3 Lárionad ar feadh uaireanta breise chun freastal ar an bpobal i gcoitinne a bhí gan leictreachas, uisce reatha agus cithfholcadh deas te. Cuireadh síneadh leis seo ar feadh coicíse.
- Rinneadh damáiste mór d'áiseanna spóirt, go háirithe limistéir ilúsáide cluichí ar fud na cathrach.
- Cailleadh níos mó ná 4000 crann le linn na stoirme. Bhí oibríochtaí glantacháin fairsing sna coillearnacha chun athoscailt agus bealach sábháilte don phobal a chinntiú, ach bhí sé dúshlánach.
- Cur isteach ar fud na cathrach ar chosáin i gcoillearnacha, san fhearann páirce agus in eastáit.
- Rinneadh damáiste do chomharthaíocht agus do bhonneagar lena n-áirítear foirgnimh agus cosáin ar ár dtránna ar fud na cathrach.
- Bhí talamh poiblí truaillithe ag doirteadh ola a thabhaigh costais mhóra don oibríocht glantacháin.
- Bhí gá le ardlíontáin bhactha liathróidí nua ag páirceanna ar fud na cathrach.
- Rinneadh damáiste mór ag Reiligí. Bhí gá le clocha cinn a dheisiú/a athsholáthar, bhí tíleanna dín nua, deisiúcháin balla agus gáitéir nua ag teastáil ó na heaglaisí sna reiligí. Bhí gá le colbhaí nua agus le hathdhromchla a chur ar chosáin agus rinneadh damáiste don phríomhphíobán uisce freisin.







Damáiste a rinne Stoirm Éowyn ag Coill Bhearna

# Tionscadail Chaipitiúla Pobail agus Taitneamhachta

## Tionscadal Pháirc Bhaile an Rí agus Lána an Mhuilleora agus an Fhearainn Uirbigh Phoiblí

Ag obair i rith 2025 in éineacht le Comhairle Cathrach na Gaillimhe, lean Foireann Deartha, ar a raibh DRLA, MKO, Quinn Architects, PUNCH Consulting Engineers agus TC Estimating, le **Tionscadal Pháirc Bhaile an Rí agus Lána an Mhuilleora agus an Fhearainn Uirbigh Phoiblí** a fhorbairt.

Is deis spreagúil é **Tionscadal an Fhearainn Uirbigh Phoiblí do Pháirceanna Bhaile an Rí agus Lána an Mhuilleora** chun dhá spás ghlasa shuntasacha le haghaidh caitheamh aimsire a dhearadh chun freastal ar phobail Chnoc na Cathrach agus Rathúin. Mar thoradh ar an tionscadal beidh spásanna glasa poiblí inrochtana nasctha ann agus áiteanna leagtha amach iontu don spórt, súgradh, suaimhneas agus dúlra.

Bhí rannpháirtíocht fhairsing pobail mar chuid den tionscadal, agus i bhFómhar 2024: D'iarramar ar dhaoine a aithint cén cineál spásanna agus áiseanna a theastaigh uathu a chur san áireamh i ndearadh Pháirc Bhaile an Rí agus Lána an Mhuilleora (1ú Céim den Chomhairliúchán Neamhreachtúil)

San Earrach (Aibreán) 2025 (2ú Céim den Chomhairliúchán Neamhreachtúil): D'iarramar ar an bpobal cabhrú linn 6 dhearadh coincheapa a bheachtú agus a scrúdú (3 dhearadh coincheapa do Pháirc Bhaile an Rí agus 3 dhearadh coincheapa do Lána an Mhuilleora). Fuarthas freagra iontach ón bpobal. Tugadh aiseolas fiúntach i ngach céim den phlé.

Rinne an Fhoireann Deartha anailís ar an aiseolas ar fad, agus trí shrianta beartais agus suímh a chur san áireamh, d'fhorbair siad réamhrogha deartha do Pháirc Bhaile an Rí agus **réamhrogha deartha do Lána an Mhuilleora.**

I mí Mheán Fómhair (Fómhar 2025), tar éis go leor imeachtaí oibre le páirtithe leasmhara agus speisialtóirí reachtúla tábhachtacha, thugamar an pobal le chéile arís chun an Plean Réamhdheartha a chur i láthair (Ar a dtugtar Réamhdhearadh mar gheall gurb é an dearadh deireanach é sula ndeachaigh sé chuig an bPróiseas Pleanála Reachtúil). Leis an aiseolas a fuarthas, chuaigh na foirne deartha agus pleanála ag obair chun Pacáiste Pleanála agus próiseas Chuid X a ullmhú. Chomh maith leis na próisis deartha agus pleanála, tá ár bhfoireann ag obair ar phacáiste fála talún. Ar an dea-uair, bhí céim chomhaontaithe díolacháin bainte amach againn sa phróiseas, ach mar gheall ar an am a thóg sé chun dul chomh fada sin agus mar gheall ar na srianta a bunaíodh chun iarratas a chur isteach,

scaramar na tailte sin ónár nIarratas Cuid X. Cuireadh Iarratas faoi Alt 177AE(4) den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 isteach chuig an gCoimisiun Pleanála an 13 Samhain 2025, a chuimsigh Páirc Bhaile an Rí (tailte chéim 1 faoi úinéireacht agus cead GCC) agus Lána an Mhuilleora.

Tá ár nIarratas Pleanála Cuid X do Chéim 1 de Pháirc Bhaile an Rí agus Páirc Lána an Mhuilleora leis an gCoimisiún Pleanála anois agus táimid ag fanacht lena gcinneadh. Tá oibreacha deartha ar siúl i gCéim 2 de Pháirc Bhaile an Rí (na tailte theas); beidh aiseolas ó na 3 phróiseas comhairliúcháin neamhreachtúla mar chuid riachtanach den ullmhúchán don dara Iarratas Pleanála Cuid X chuig an gCoimisiún Pleanála go déanach in 2026.

Déantar suíomh gréasáin an Tionscadail https://kingstonparkmillerslane.com/ a nuashonrú de réir mar a théann cúrsaí chun cinn agus áirítear leis Iarratas Pleanála Cuid X agus an aighneacht a eisíodh le déanaí chuig an gCoimisiún Pleanála.



Togra Suímh Iomlán do Pháirc Lána an Mhuilleora mar atá curtha isteach chuig an gCoimisiún Pleanála

# Páirc Phoiblí na Páirce Theas agus Tionscadal an Fhearainn Uirbigh Phoiblí




Leathanach Lamairne do Shuíomh Gréasáin Thionscadal Pháirc Phoiblí na Páirce Theas agus an Fhearainn Uirbigh Phoiblí

Is deis iontach atá i dTionscadal Pháirc Phoiblí na Páirce Theas agus an Fhearainn Uirbigh Phoiblí chun an áis nádúrtha seo in aice le lár na cathrach a bhfuil stair iontach ag baint léi a athshamhlú. Beidh athruithe móra i gceist do Pháirc Phoiblí na Páirce Theas, d'Abhantrach an Chladaigh agus do Pháirc Chuimhneacháin Leanaí Celia Griffin mar thoradh ar an tionscadal seo. Samhlaítear go gcruthófar spásanna glasa inrochtana, nasctha, poiblí leis an tionscadal seo, ina gcuirfear plandaí a thacóidh leis an mbithéagsúlacht agus lena dtógfar cosáin a bheidh oiriúnach do dhaoine aosta agus do dhaoine a bhfuil deacrachtaí soghluaisteachta acu, chomh maith le spásanna súgartha agus scíthe.

Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus an Fhoireann Deartha, an chéad phróiseas poiblí neamhreachtúil comhairliúcháin phoiblí i rith mhí Eanáir agus mhí Feabhra 2025; fuarthas aiseolas luachmhar agus úsáideach ó pháirtithe leasmhara agus ón bpobal.

Chuir **Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus an Fhoireann Deartha an dara próiseas neamhreachtúil comhairliúcháin phoiblí ar fáil idir an 25 Lúnasa agus an 22 Meán Fómhair 2025, agus tugadh cuireadh don phobal dul chuig imeacht comhairliúcháin phoiblí ‘buail isteach’:**

**Dáta:** 28 Lúnasa 2025
**Am:** 1pm go 7.30pm
**Ionad:** Leabharlann Chathair na Gaillimhe, Sráid San Aibhistín, Gaillimh, H91 R6W

Tugadh cuireadh don phobal aiseolas a thabhairt tríd an Suirbhé Pobail a bhí ar fáil ag an imeacht nó trí shuíomh gréasáin an tionscadail. Iarradh aighneachtaí a dhéanamh ar dtús ó Dé Luain 25 Lúnasa go dtí Dé Luain 22 Meán Fómhair 2025. Cuireadh síneadh leis seo níos déanaí go dtí Dé hAoine 10 Deireadh Fómhair 2025.

Ullmhaíodh agus foilsíodh naoi gcoincheap deartha mar chuid den dara Próiseas

Comhairliúcháin Neamhreachtúil agus bhí siad ar fáil ar an suíomh gréasáin tiomnaithe https:// southparkpublicpark.com/. Bhí na coincheapa bunaithe ar bhailiú eolais agus anailís, agus ansin rinneadh iad a chomhtháthú le haiseolas poiblí sa chéad phróiseas comhairliúcháin.

**Bhí 9 ndearadh coincheapa ar fáil le hathbhreithniú mar seo a leanas:**

- **3 choincheap don Pháirc Theas;**
- **3 choincheap d'Abhantrach an Chladaigh; agus**
- **3 choincheap do Pháirc Chuimhneacháin Leanaí Celia Griffin.**

Tugadh cuireadh don phobal dul i ngleic leis an Suirbhé Pobail tiomnaithe chun aiseolas a thabhairt ar na 9 ndearadh coincheapa. Spreagadh an pobal chun na Boird Eolais a léamh sular chríochnaigh siad an suirbhé agus spreagadh iad chun ceisteanna a chur ag an ócáid chomhairliúcháin phoiblí i Leabharlann na Gaillimhe. Tugadh faoi deara don phobal go mbeadh tionchar ag an aiseolas ar ár réamhphróiseas deartha don chéad chéim eile agus go bhfillfeadh an fhoireann le plean (ag an tríú céim den phróiseas comhairliúcháin neamhreachtúil in 2026 le haghaidh tuairimí agus aiseolais.




Bord Eolais Comhairliúcháin na Páirce Theas ag an 1ú Céim den Chomhairliúchán Neamhreachtúil




Bord Eolais Comhairliúcháin na Páirce Theas le Coincheap Deartha ag an 2ú Céim den Chomhairliúchán Neamhreachtúil

Le linn 2025, bhí an Fhoireann i mbun comhairliúcháin agus bailiú agus roinnt eolais le comhlachtaí eile lena n-áirítear: -

- Foireann Tionscadail Coirib go Cósta maidir leis an Tionscadal Bainistíochta Tuilte ina bhfuil cuid de laistigh de Theorainn an Tionscadail;
- GCC ÚNI agus Foirne Roinne Bóithre Oibriúcháin;
- Uisce Éireann agus cuideachtaí fóntais eile;
- Bus Éireann;
- Cumainn agus Clubanna Spóirt agus Cónaitheoirí Áitiúla
- Deoise na Gaillimhe agus Ruagairí na Gaillimhe (Halla an Chladaigh);
- An tOrd Doiminiceach (Paróiste Naomh Muire (An Cladach)) agus Coiste Tréadach;
- Foireann Tionscadal Sínte Mhúsaem na Gaillimhe agus Foirne Pleanála GCC i dtaca leis an bPóirse Caoch;

Áirítear leis an tionscadal aghaidh a thabhairt ar Chlárú agus Ceadúnú Talún agus táimid buíoch as an tacaíocht a thugann ár gcomhghleacaithe i Sócmhainní Corparáideacha agus ár nIonadaithe Dlí dúinn.

Mar chuid den tionscadal freisin bhí measúnuithe ag suíomhanna éagsúla agus ag an deasc lena n-áirítear suirbhéanna mionsonraithe éan geimhridh, measúnuithe éiceolaíochta agus gnáthóige don bhliain iomlán.

Rinneadh Measúnú Seandálaíochta agus ina dhiaidh sin rinneadh measúnú le ceamara TCI ar sheirbhísí faoi thalamh atá ann cheana féin agus ar shuirbhéanna hidreolaíocha agus radair ar an talamh.

Chríochnaigh 2025 le dul chun cinn i dtreo an réamhphlean deartha, a chuirfear i láthair ag an 3ú Céim den phróiseas Comhairliúcháin Neamhreachtúil atá le bheith ar siúl faoi láthair idir an 2 – 31 Iúil 2026 (faoi réir athbhreithnithe);

Suíomh gréasáin an Tionscadail https://southparkpublicpark.com/ nuashonraithe.

# Tionscadal Pháirc na Rinne Móire agus an Fhearainn Uirbigh Phoiblí




Leathanach Lamairne do Shuíomh Gréasáin Thionscadal Pháirc Phoiblí na Páirce Theas agus an Fhearainn Uirbigh Phoiblí

Deis spreagúil is ea Tionscadal Pháirc na Rinne Móire agus an Fhearainn Uirbigh Phoiblí chun an taitneamhacht nádúrtha iontach stairiúil seo a athdhearadh i mbruachbhaile Oirthear na Rinne Móire i gCathair na Gaillimhe. Beidh athruithe móra i gceist do chomharsanacht na Rinne Móire, do Bhaile an Locháin, agus do Loch an tSáile mar thoradh ar an tionscadal seo. Samhlaítear go gcruthófar spásanna glasa inrochtana, nasctha, poiblí leis an tionscadal seo, ina gcuirfear plandaí a thacóidh leis an mbithéagsúlacht agus lena dtógfar cosáin a bheidh oiriúnach do dhaoine aosta agus do dhaoine a bhfuil deacrachtaí soghluaisteachta acu, chomh maith le spásanna súgartha agus scíthe. Ina theannta sin, cumasóidh sé nascacht coisithe agus rothaíochta idir Lár na Cathrach, agus Bruachbhailte na Rinne Móire, Pháirc an Tobair, an Bhaile Bháin agus Mhuirbhigh.

Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus an Fhoireann Deartha, an chéad phróiseas poiblí neamhreachtúil comhairliúcháin phoiblí i rith mhí Eanáir agus mhí Feabhra 2025; fuarthas aiseolas luachmhar agus úsáideach ó pháirtithe leasmhara agus ón bpobal.

Chuir Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus an Fhoireann Deartha an dara próiseas neamhreachtúil comhairliúcháin phoiblí ar fáil idir an 25 Meán Fómhair agus an 23 Deireadh Fómhair 2025, agus tugadh cuireadh don phobal dul chuig imeacht comhairliúcháin phoiblí ‘buail isteach’:

**Dáta:** 1 Deireadh Fómhair 2025 ó 4pm go 8pm.

**Am:** 1pm go 7.30pm

**Ionad:** Ionad Pobail na Rinne Móire

Tugadh cuireadh don phobal aiseolas a thabhairt tríd an Suirbhé Pobail a bhí ar fáil ag an imeacht nó trí shuíomh gréasáin an tionscadail. Iarradh aighneachtaí a thabhairt ar ais faoin 19 Deireadh Fómhair 2025.

Ullmhaíodh agus foilsíodh naoi gcoincheap deartha mar chuid den 2ú Próiseas Comhairliúcháin Neamhreachtúil agus bhí siad ar fáil ar an suíomh gréasáin tiomnaithe. Bhí na coincheapa bunaithe ar bhailiú eolais agus anailís, agus ansin rinneadh iad a chomhtháthú le haiseolas poiblí sa chéad phróiseas comhairliúcháin. Bhí 9 ndearadh coincheapa ar fáil ar an iomlán le hathbhreithniú mar seo a leanas:

- 3 choincheap don Rinn Mhór;
- 3 choincheap do Bhaile an Locháin; agus
- 3 coincheap do Loch an tSáile.

Tugadh cuireadh don phobal dul i ngleic leis an Suirbhé Pobail tiomnaithe chun aiseolas a thabhairt ar na 9 ndearadh coincheapa. Spreagadh an pobal chun na Boird Eolais a léamh sular chríochnaigh siad an suirbhé agus spreagadh iad chun ceisteanna a chur ag an ócáid chomhairliúcháin phoiblí i Leabharlann na Gaillimhe. Tugadh faoi deara don phobal go mbeadh tionchar ag an aiseolas ar an réamhphróiseas deartha don chéad chéim eile agus go bhfillfeadh an fhoireann le plean (ag an tríú céim den phróiseas comhairliúcháin neamhreachtúil in 2026 le haghaidh tuairimí agus aiseolais).




Bord Eolais Comhairliúcháin na Rinne Móire ag an 2ú Céim den Chomhairliúchán Neamhreachtúil




Bord Eolais Comhairliúcháin na Rinne Móire le Coincheap Deartha ag an 2ú Céim den Chomhairliúchán Neamhreachtúil

Le linn 2025, bhí an Fhoireann i mbun comhairliúcháin agus bailiú agus roinnt eolais le:

- Foireann Tionscadail Coirib go Cósta maidir leis an Tionscadal Bainistíochta Tuilte ina bhfuil cuid de laistigh de Theorainn an Tionscadail;
- Údaráis Chalafort na Gaillimhe agus Bus Éireann;
- An Roinn Cosanta;
- Iarnród Éireann agus CIE;
- Foirne ÚNI GCC agus Foirne Bealaí Sábháilte chun na Scoile;
- Foirne Oibríochtaí Bóithre GCC;
- Roinn Pleanála GCC;
- GRETB;
- Campas Bhráithre na Carthanachta na Rinne Móire;
- AFC na Rinne Móire agus Cumann Cónaitheoirí na Rinne Móire;
- Cumann Gníomhaíochta Lucht Scoir na Rinne Móire;
- Club Babhlála na Rinne Móire;
- Club Haca na Rinne Móire;
- Club CLG San Séamas

- Foireann Deartha Chomhairleach don Roinn Eolaíochta agus Oideachais agus Príomhoidí Scoil Caitríona;
- Paróiste na Rinne Móire, Ospís na Gaillimhe agus Ospidéal Bons Secours.

Tá obair ag leanúint ar aghaidh maidir le bainistiú a dhéanamh ar ár réimse talún agus ar ár gclárúcháin riachtanacha. Áirítear leis an tionscadal aghaidh a thabhairt ar Chlárú agus Ceadúnú Talún agus táimid buíoch as an tacaíocht a thugann ár gcomhghleacaithe i Sócmhainní Corparáideacha agus ár nIonadaithe Dlí dúinn.

Críochnaíodh roinnt conarthaí imscrúdaithe láithreáin lena n-áirítear Scagadh Seandálaíochta, anailís CCTV (Seirbhísí Faoi Thalamh) GPRS agus bailiú sonraí áirgiúlachta. Tá measúnú éiceolaíochta ceithre shéasúr iomlán ar siúl agus cuirfear i gcrích é go déanach san Earrach 2026. Tá na sonraí uaidh seo ag teastáil le tabhairt faoi na próisis phleanála reachtúla.

Cuireadh obair ar aghaidh chun an réamhphlean deartha a chur ar fáil, a chuirfear i láthair ag an 3ú Céim den phróiseas Comhairliúcháin Neamhreachtúil atá le bheith ar siúl faoi láthair idir 2 Aibreán – 3 Bealtaine 2026 (faoi réir athbhreithnithe).

Cuireadh dhá iarratas pleanála reachtúla chun cinn: -

- Iarratas Pleanála Chuid VIII do Limistéar Ilúsáide Cluichí 2G ag Melody's Field a

thiocfaidh roimhe;

» Iarratas Chuid X do Pháirc Chomharsanachta na Rinne Móire;

Déanfar suíomh gréasáin an Tionscadail https://renmorepark.com/ a nuashonrú sna míonna amach romhainn.

## Reilig Fhaiche Bheartaithe Bhóthar Bhaile Átha Cliath

Tá an dearadh mionsonraithe do Reilig Fhaiche Bheartaithe Bhóthar Bhaile Átha Cliath beagnach críochnaithe. Tá gach iarratas riachtanach maidir le nasc agus comhlíonadh curtha isteach, lena n-áirítear naisc shéaraigh agus uisce, deimhniú rochtana míchumais, aighneachtaí sábháilteachta dóiteáin agus feidhmeanna draenála uisce dromchla.

Tá comórtas réamhcháilithe tugtha chun críche, rud a fhágann gur cuireadh ceithre chonraitheoir ar an ngearrliosta don chonradh príomhoibreacha. Rachaidh na conraitheoirí seo ar an ngearrliosta ar aghaidh go dtí an chéad chéim eile den phróiseas soláthair, áit a eiseofar doiciméid tairisceana iomlána agus a ndéanfar meastóireacht orthu.



## Straitéis na Spásanna Glasa 2022-2032

Ghlac comhaltaí tofa le Straitéis na Spásanna Glasa ag cruinniú iomlánach mhí na Nollag 2025. Soláthraítear liosta d'áiseanna gníomhacha áineasa de réir an cheantair sa Straitéis. Tá soláthar na saoráidí seo bunaithe ar fhianaise agus tugtar achoimre air sa tuarascáil. Foilseofar an tuarascáil i mBéarla agus i nGaeilge araon i Ráithe 2 2026, agus cuirfear i bhfeidhm na cuspóirí ag tús 2026.

## Tionscadal Pháirc Bharr an Chalaidh

Cuireadh tús le hobair thógála i mí Dheireadh Fómhair 2025 ar Thionscadal Feabhsaithe Réimse Poiblí Pháirc Bharr an Chalaidh. Tá an tionscadal le bheith críochnaithe i mí na Bealtaine 2026. Tá costas thart ar €1.2m ag baint leis an tionscadal seo agus tá sé maoinithe trí Scéim Beochana Uirbigh Fháilte Éireann, Clár Uisce na nÚdarás Áitiúil, cáin mhaoine

áitiúil agus rátaí tráchtála.

Is tionscadal suntasach feabhsaithe don réimse poiblí é an tionscadal don chathair agus féachann sé le spás inrochtana, poiblí, glas a chruthú le plandáil atá neamhdhíobhálach don bhithéagsúlacht, cosáin atá fóirsteanach do sheandaoine agus do dhaoine a bhfuil soghluaisteacht theoranta acu, agus spásanna don spraoi agus don scíth. Beidh uasghrádú maolaithe tráchta agus áiseanna feabhsaithe do choisithe ar na sráideanna mórthimpeall i gceist leis an tionscadal freisin.




# Tionscadail Caipitil Spóirt

## Athchóiriú Limistéir Ilúsáide Cluichí Eoin Uí Dhuinnsléibhe (Glen Oaks/Drom Chaoin)

Bhronn an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt €47,953 i ndeontais (€34,000 faoi Chlár Caipitil Spóirt 2017 agus €13,953 faoi Chlár Caipitil Spóirt 2018) ar an tionscadal seo chun dromchla imeartha saorga, fál slándála, uasghrádú tuilsoilse agus cuaillí a fhorbairt. Íocadh suimeanna deontais deiridh arbh fhiú €2,398.00 san iomlán iad le Comhairle Cathrach na Gaillimhe i rith 2025.

# Páirc Uile-Aimsire Pháirc Mervue

Críochnaíodh obair thógála ar an bpáirc nua uile-aimsire i bPáirc an Bhaile Bháin i mí na Bealtaine 2025. Áiríonn an tionscadal páirc móna 70x35m 3G den scoth atá feistithe le tuilsoilsiú LED atá tíosach ar fhuinneamh agus cosáin choimhdeacha. Ba í Comhairle Cathrach na Gaillimhe a mhaoinigh an tionscadal tríd an gCáin Mhaoine Áitiúil agus rátaí tráchtála, an Clár Caipitil Spóirt agus Trealaimh agus trí dheontas ó Chlub CLG San Séamas.




# Oibreacha Draenála Pháirc Dhabhach Uisce agus Tuilsoilsiú

Tugadh faoi oibreacha feabhsúcháin draenála ar dhá pháirc sacair i nDabhach Uisce i mí Iúil 2025. Suiteáladh duchtáil le haghaidh tuilsoilse freisin, agus tá sé beartaithe na tuilsoilse a chur suas go luath in 2026. Athosclófar na páirceanna le húsáid i samhradh 2026 nuair a bheidh an féar réidh. Fuair an tionscadal maoiniú deontais €278,000 faoin gClár Caipitil Spóirt agus Trealaimh.



# Uasghrádú Pháirc Scátála Dhabhach Uisce

Chríochnaigh Comhairle Cathrach na Gaillimhe oibreacha uasghrádaithe ar Pháirc Scátála Dhabhach Uisce i mí na Samhna 2025. Páirc scátála den scoth atá i gceist leis an tionscadal seo, atá déanta as coincréit agus a bhfuil raon leathan áiseanna ann, lena n-áirítear rampaí, babhlaí, ráillí agus criosanna sráide, rud a fhágann gur áit iontach é do thosaitheoirí agus do scátálaithe agus do rothaithe a bhfuil níos mó taithí acu. Dhear agus thóg Browne Brothers Ltd an tionscadal i gcomhpháirtíocht leis na dearthóirí a bhfuil cáil idirnáisiúnta orthu Vulcano Skateparks SL.


Chosain an tionscadal €400,000 agus maoiníodh é trí Cháin Mhaoine Áitiúil, rátaí tráchtála agus an Clár Caipitil Spóirt agus Trealaimh.

Tá bród ar Chomhairle Cathrach na Gaillimhe a fhógairt go bhfuil an tionscadal ar an ngearrliosta do Ghradam Sármhaitheasa Tógála na hÉireann (ICE) 2026 sa chatagóir Fóillíochta nó Turasóireachta. Aithnítear leis an ainmniúchán an t-athrú atá tagtha ar áis a úsáideadh go maith ach a bhí ag dul in aois go páirc scátála nua-aimseartha, cuimsitheach agus forbartha go teicniúil atá anois ar cheann de na cinn is fearr dá leithéid in Éirinn.



## Saoráidí Lúthchleasaíochta Pháirc Uí Shúilleabháin

Cuireadh isteach tairiscint don gconradh oibreacha do thógáil saoráidí lúthchleasaíochta páirce ag raon reatha Pháirc Uí Shúilleabháin in 2025. Tá an obair thógála le tosú i Ráithe 2 2026 agus tógfaidh sé thart ar 3 mhí í a chríochnú. Cuimsíonn an tionscadal dhá lána ráibe 60m, áiseanna caitheamh meáchain agus léim fhada, na trí léim agus léim ard.



## Ceadanna Imeachtaí

Próiseálann an Rannóg Caithimh Aimsire agus Taitneamhachta iarratais ar imeachtaí sna páirceanna agus spásanna oscailte ar fud na cathrach. Próiseáladh breis agus 80 iarratas ar

chead imeachta tríd an Rannóg Caithimh Aimsire agus Taitneamhachta in 2025. I measc na n-imeachtaí seo bhí siúlóidí oideachais agus dúlra, rití carthanachta, imeachtaí Lá Fhéile Pádraig agus Féile Idirnáisiúnta Ealaíon na Gaillimhe gan ach cúpla ceann a lua.

# Áiseanna agus Tionscadail Phobail

## Ionaid Pobail

Leanann an áis ar líne chun páirc a chur in áirithe le háirithint Hallaí Pobail agus seomraí ilfheidhme a chur in áirithe laistigh d'ionaid, páirceanna uile-aimsire, Áis Lúthchleasaíochta Pháirc Uí Shúilleabháin agus limistéir cilúsáide cluichí. Cuirfear tús leis an togra chun athbhreithniú a dhéanamh ar reáchtáil agus úsáid iomlán na n-ionad pobail go luath in 2026.

- Le linn Stoirm Eowyn, chuir na hionaid phobail go léir áiseanna riachtanacha agus éigeandála níocháin ar fáil dóibh siúd nach raibh aon chumhacht acu de bharr na stoirme.
- Uasghrádaíodh bearta sábháilteachta dóiteáin in Ionaid Pobail na Rinne Móire, an Taoibh Thiar agus Chnoc na Cathrach. Uasghrádaíodh na seomraí feistis i roinnt áiteanna sa chathair freisin.
- Suiteáladh braiteoirí nua, aláraim deataigh agus soilsiú éigeandála nua.

## Ionad Pobail an Taoibh Thiar



Cuireadh isteach fonsa cispheile nua.
Críochnaíodh oibreacha urláir agus líneála nua don phríomh-halla spóirt.

Halla Spóirt an Taoibh Thiar - Urlár nua, fonsaí cispheile nua agus an t-urlár líneáilte le haghaidh cispheile, 4 chúirt do leadóg phicile, sacar agus eitpheil. Stuáil sábháilteachta curtha isteach i ngach ionad pobail.

## Ionad Pobail na Rinne Móire

### Conradh um Uasghrádú Earraí Dín agus Uisce Báistí

Bhí sé mar aidhm ag an gConradh easnaimh struchtúracha agus fadhbanna leanúnacha sceite ag an ionad a réiteach, fadhbanna oibríochta a réiteach mar gheall ar bhacainní inmheánacha agus cosc a chur ar dhamáiste breise uisce do chreatlach an fhoirgnimh. I measc na n-oibreacha bhí:

- Díon claonta nua a chur isteach thar an díon cothrom lochtach atá ar an taobh thoir thuaidh den ionad.
- Séalaíodh na córais draenála inmheánacha folaithe (gáitéir agus fánphíobáin) agus grútáladh iad chun sceitheadh a chosc agus chun sreabhadh a fheabhsú.

- Suiteáladh gáitéir sheachtracha, fánphíobáin agus bonneagar nua agus ceanglaíodh iad leis an ngréasán uisce dromchla faoi thalamh atá ann cheana féin, ag cinntiú go raibh córas draenála níos iontaofa agus níos éasca a choinneáil.
- Tá na hoibreacha críochnaithe den chuid is mó agus níl fágtha ach mion-mhíreanna deiridh.
- Suiteáladh dréimirí dín agus ráillí sábháilteachta.





Cuireadh línte ar na cúirteanna le haghaidh badmantain.

# Áiseanna spóirt eile

### Páirceanna, Cúirteanna agus Seomraí Feistis

Tá 51 páirc san iomlán lonnaithe ar fud na cathrach a dhéanann soláthar d'imirt gach cineál gníomhaíochtaí spóirt, agus ceadúnaíodh an chuid is mó díobh do Chlubanna/scoileanna/coláistí éagsúla ar feadh tréimhse 11 mí ó 1 Meán Fómhair – 31 Iúil 2025. Is iad sin: Rugbaí, Sacar, CLG, Gach Aimsir, Oiliúint, Astroturf/caighin agus Ilúsáid.

## Cúirteanna Leadóige Dhabhach Uisce

Cuireadh línte ar an gcúirt leadóige ag Dabhach Uisce.

## Cúirteanna Leadóige An Taoibh Thiar

Cuireadh ceithre chúirt leadóige picile leis an Taobh Thiar.

## Barr na Coille

- Suiteáladh teas agus cithfholcadáin nua sna seomraí feistis.
- Suiteáladh aonaid nua faoi na doirtil.
- Suiteáladh áit stórála nua.



Cúirt Leadóige Dhabhach Uisce



Cúirteanna Leadóige Picile An Taoibh Thiar.



Áit stórála i mBarr na Coille.



Cuireadh steach stáisiún uisce ag Dabhach Uisce.



Stáisiún uisce sa Bhaile Bán.



Stáisiún uisce i mBaile an Phoill.



Bhí ainmniú cathartha Limistéir Ilúsáide Cluichí Eoin Uí Dhuinnsléibhe ar siúl in Glenoaks, AnTaobh Thiar Dé hAoine 23 Bealtaine 2025.

Bhí




ainmniú cathartha Pháirc Pat Manogue ar siúl an 23 Bealtaine 2025.

# Páirceanna, Coillearnacha

## Páirceanna

### Páirc an Athar de Búrca

- Rinneadh oibreacha uasghrádaithe rochtana ag Páirc an Athar de Búrca nuair a cuireadh isteach cosáin/siúlbhealaí nua.

### Páirc na Ceapaí

- Rinneadh oibreacha uasghrádaithe cosáin i bPáirc na Ceapaí.

### Páirc Uí Chinnéide

Críochnaíodh oibreacha athchóirithe ar an rampa inrochtaineachta in aice leis an gclós súgartha ar an bhFaiche Mhór.

# Coillearnacha

Tá dealbha draíochtúla de theach sí, ulchabhán, iolar, madra uisce ag leanúint éisc, áiteanna le suí agus spiorad crainn críona déanta as crainn a leag  Stoirm Éowyn i gCoill Bhearna mar chuid de thionscadal Chomhairle Cathrach na Gaillimhe chun cosán draíochtúil tríd an gcoill a dhéanamh de na crainn, arna mhaoiniú ag Éire Ildánach. Is é an t-ealaíontóir sáibh shlabhraigh, 'Fear na gCoillte', Will Fogarty a bhí i mbun na saothar.




Críochnaíodh oibreacha athchóirithe ar rampa coisithe ar an bhFaiche Mhór.

Leagadh beagnach 100 crann i gCoill Bhearna i mí Eanáir 2025 nuair a réab Stoirm Éowyn tríd an tír agus d'fhág sléacht ina diaidh nach bhfacthas a leithéid riamh cheana. Sna míonna ina dhiaidh sin, dúnadh Coill Bhearna ionas go bhféadfadh speisialtóirí oibriú chun an príomhchosán tríd an gcoill a ghlanadh, agus crainn a bhí tite a bhogadh amach chuig taobhanna na gcosán. Tá cosán draíochtúil de dhealbha spreagtha ag an dúlra déanta anois de na crainn sin.



# Cuibhrinn Chathair na Gaillimhe

Tá suirbhé ar líne ar fud na cathrach ar an éileamh ar Chuibhrinn agus ar Ghairdíní Pobail nua curtha amach chuig an bpobal. Tá leaganacha clóite den suirbhé ar fáil sna leabharlanna ar fad. Cabhróidh an suirbhé le Comhairle Cathrach na Gaillimhe a aithint cá bhfuil gá le háiseanna a chur ar fáil sa chathair nó áiseanna atá ann cheana a leathnú. Beidh torthaí an tsuirbhé ar fáil ar Shuíomh Gréasáin na Comhairle i Ráithe 2 2026. Faoi láthair, cuireann Comhairle Cathrach na Gaillimhe 77 cuibhreann ar fáil in dhá láthair: An Seantalamh (Lár na Cathrach) agus Dabhach Uisce agus Coillte Mhuirlinne (Taobh thoir den Chathair).
Tá sé Ghairdín Pobail sa chathair, i mBaile an Phoill, sa Bhaile Bán, i gCoill Mhuirlinne, ar an Taobh Thiar, i mBóthar na Trá agus i mBaile an Locháin.

# Gradam Pháirceanna an Bhrait Ghlais

I mí na Samhna 2025, bhronn An Taisce ceithre ghradam do Pháirceanna an Bhrait Ghlais agus gradam amháin do Bhrat Glas an Phobail ar Chomhairle Cathrach na Gaillimhe in Ollscoil Mhá Nuad. Bronnadh na Bratacha Glasa mór le rá ar Pháirc Uí Chinnéide (An Fhaiche Mhór), Páirc Uí Shúilleabháin (Mervue), Páirc na gCúig Céad (Bóthar na Trá), Páirc Mhílaoise na bPáistí (An Caisleán Nua). Bronnadh Brat Glas an Phobail ar Pháirc Foraoise Thír Oileáin, as obair na Comhairle i gcomhar leis an ngrúpa deonach An Tuatha i bPáirc Foraoise Thír Oileáin.

# Ceiliúradh 25 bliain de Pháirc Foraoise Thír Oileáin

Ar an 5 Meitheamh 2025, rinne Uachtarán na hÉireann, Mícheál D. Ó hUigínn comóradh ar 25 bliain de Pháirc Foraoise Thír Oileáin ag ceiliúradh i gCathair na Gaillimhe. Cuireadh 'Scamhóga Glasa' Chathair na Gaillimhe i dtús na bliana 2000, in aon lá amháin (an 12 Márta), nuair a tháinig breis agus 3,000 duine le chéile i bpáirc fholamh - agus iad ag fágáil i ndiaidh dóibh foraois a chur.

Mar chuid den imeacht, a d'eagraigh Rannóg Caithimh Aimsire agus Taitneamhachta na Comhairle Cathrach i gcomhar le Tuatha Pháirc Foraoise Thír Oileáin, tugadh aitheantas do dhúthracht agus do thiomantas bhaill foirne Áineasa agus Taitneamhachtaí Chomhairle Cathrach na Gaillimhe; oibrithe deonacha ó Thuatha Pháirc Foraoise Thír Oileáin; agus an Uachtaráin Higgins – ar lena linn sin, agus é ina Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta ag an am, (1993-1997) a fuair maoiniú don tionscadal foraoise nua.

Mar chuid den chomóradh, chuir an tUachtarán Higgins crann darach díreach san áit

chéanna inar chuir sé Rí-Dhair 25 bliana ó shin - a leagadh le linn Stoirm Éowyn.



Uachtarán na hÉireann Mícheál D. Ó hUigínn ag cur crann darach ar an 5 Meitheamh mar chuid de Cheiliúradh 25 Bliain Pháirc Foraoise Thír Oileáin.







## Eastáit agus Spásanna Oscailte

- Clár cothabhála an gheimhridh/an earraigh:
- Gach bearradh fálta beartaithe.
- Oibreacha cothabhála páirceanna geimhridh.
- Cothabháil ceapacha bláthanna do Pháirceanna, Coillearnacha, Eastáit agus Spásanna Glasa na Cathrach.

- Rinneadh oibríochtaí athchúrsála crann Nollag ag Coill Mhuirlinne agus Hunters Depot.
- Cuireadh ceapacha bláthanna fiáine an tsamhraidh i bPáirc Uí Shúilleabháin, i bPáirc na Mílaoise do Leanaí agus Páirc na gCúig Céad.
- Ghlac criúnna Áineasa agus Taitneamhachta páirt i mbainistíocht tar éis Stoirm Eowyn. D'oibrigh na foirne go dícheallach chun a chinntiú go raibh na bóithre, na tránna srl go léir athchóirithe chun sábháilteacht an phobail a chinntiú i ngach ceantar ar fud na cathrach a bhí buailte.
- Osclaíodh láthair álainn nua shuí atá cuartha agus pábháilte sa Charraig Dhubh Dé hAoine 23 Bealtaine 2025, ar comhthionscadal é idir Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus McHugh Property Holdings.



## Oibríochtaí agus Bainistíocht Clós Súgartha

Rinneadh oibreacha cothabhála leanúnacha i ngach clós súgartha ar fud na cathrach. Áiríodh orthu sin glanadh ó bhun go barr, scairdníochán, sliseanna adhmaid a chur isteach, deisiúcháin/athsholáthar páirteanna, péinteáil, cothabháil dromchla, graifítí a bhaint agus iniúchtaí lena chinntiú go gcomhlíonann gach trealamh na caighdeáin a theastaíonn le haghaidh úsáid shábháilte.

## Clós Súgartha Pháirc Mhílaoise na bPáistí





- Rinneadh oibreacha péinteála ag an bpáirc scátála.
- Limistéar bláthanna fiáine ag Clós Súgartha Pháirc Mhílaoise na bPáistí

## Clós Súgartha Pháirc an Athar de Búrca

- Tairiscintí clóis faighte, oibreacha le tosú sa bhliain nua.

# Tránna agus Sábháilteacht Uisce

## Ginearálta

I measc na n-oibreacha cothabhála a rinneadh ar na tránna, tá feamainn a bhaint agus obair athghrádánaithe gainimh, deisiúcháin armúr carraige srl. Cuireadh cláir chomharthaíochta eolais nua isteach ar thránna na cathrach chomh maith, lena n-áirítear Grattan, Trá na gCeann, Bóthar na Trá agus Baile an Locháin.

## Trá Bhaile an Locháin

- Cuireadh isteach dhá scáthlán ag Trá Bhaile an Locháin, le múrmhaisiú iontach péinteáilte ag an ealaíontóir áitiúil, Ró (Ronan J Connor).





# Promanáid agus Tránna Bhóthar na Trá



- Suiteáladh binsí ilchodacha ag láithreacha éagsúla agus baineadh seanbhinsí adhmaid a bhí caite.
- Suiteáladh ráillí agus trealamh sábháilteachta nua ag an gCarraig Dhubh, ag Carraig Phámar agus ag láithreacha eile timpeall Bhóthar na Trá.
- Críochnaíodh struchtúir a phéinteáil lena n-áirítear Túr Tumadóireachta na Carraige Duibhe, Scáthláin srl.

# Trá na gCeann



- Críochnaíodh struchtúir a phéinteáil lena n-áirítear bloc leithris.
- Cuireadh isteach 4 bhinse phicnic nua atá oiriúnach do chathaoir rothaí.

# Sábháilteacht Uisce

Cuireadh seirbhísí garda tarrthála ar fáil ag na háiseanna uisce snámha ar fad sa Chathair idir Meitheamh – Meán Fómhair i gcomhar le Comhairle Chontae na Gaillimhe.
Rinneadh iniúchadh seachtainiúil ar 60 láthair baoithe tarrthála feadh Abhainn na Gaillimhe agus na canálacha, agus athraíodh iad de réir mar ba ghá.

Feidhmíonn an séasúr snámha in Éirinn ón 1 Meitheamh go dtí an 15 Meán Fómhair. Le linn an tséasúir snámha, tógtar samplaí uisce ó na ceithre limistéar snámha ainmnithe i gCathair na Gaillimhe (Trá na gCeann, Bóthar na Trá, Grattan agus Baile an Locháin) agus déantar tástáil orthu le haghaidh paraiméadair mhicribhitheolaíochta a léiríonn cáilíocht an uisce, is iad sin E-Coli agus eintreacocas stéigeach. Is Tránna Brait Ghoirm iad Trá na gCeann agus Bóthar na Trá agus déantar sampláil orthu gach coicís ar a laghad. Déantar sampláil ar Bhaile an Locháin agus ar Thrá Grattan gach seachtain ar a laghad. Cuirtear na torthaí ar aghaidh don Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus cuirtear ar fáil don phobal iad ar chlár na bhfógraí ag an trá agus ar Beaches.ie.

## Tránna Brait Ghoirm

Tá an Brat Gorm ar cheann de na héicilipéid is aitheanta ar domhan do thránna. Chun stádas an Bhrait Ghoirm a bhaint amach, ní mór do thránna cloí le sraith shonrach critéar a bhaineann le cáilíocht uisce, soláthar eolais, oideachas comhshaoil, sábháilteacht agus bainistíocht comhshaoil.
Choinnigh tránna Bhóthar na Trá agus Trá na gCeann an dá ghradam do 2025.


# Oibríochtaí agus Bainistíocht Reiligí

## Ginearálta

Lean an Chomhairle Cathrach ar aghaidh ag bainistiú agus ag oibriú dhá reilig sa Chathair ag Rathún agus sa Bhóthar Mór. I measc na n-oibreacha cothabhála a rinneadh sna reiligí bhí glanadh suas, gearradh féir, struimeáil srl.

Reáchtáladh Aifreann Dhomhnach na Reilige sa Bhóthar Mór an 17 Lúnasa 2025 agus i Rathún an 14 Meán Fómhair 2025. D'fhreastail líon mór daoine ar an dá imeacht.

## Reilig Rathúin



- Cuireadh isteach leac stórála ábhar nua.
- Críochnaíodh thart ar **1,160 m²** d'obair dhromchlaithe ar chosáin, rud a chuir feabhas ar inrochtaineacht agus ar ghluaiseacht trasna na reilige.
- Tá ráillí láimhe curtha isteach ag céimeanna i roinnt áiteanna chun sábháilteacht do chuairteoirí a fheabhsú.
- Tá oibreacha breise draenála talún curtha i gcrích sa chuid faiche chun bail na talún a fheabhsú.
- Suiteáladh ceithre chloch chinn déag le hullmhú don todhchaí.
- Tá deisiúcháin agus feabhsú séarachais i Lóiste na Reilige curtha i gcrích.

# Reilig an Bhóthair Mhóir



- Tá oibreacha uasghrádaithe ar an gcóras teasa i Lóiste na Reilige curtha i gcrích, rud a chuir feabhas ar éifeachtúlacht fuinnimh agus ar chompord ginearálta.
- Tá an balla cloiche in aice leis an Séipéal Protastúnach atógtha go hiomlán, ag athchóiriú sláine agus cuma struchtúrach.
- Tá oibreacha fairsinge dín agus deisiúcháin cloiche ar an Séipéal Protastúnach curtha i gcrích, le tacaíocht ó mhaoiniú BHIS, atá sínithe go foirmiúil anois.
- Tá thart ar 150 m² d'oibreacha dromchla timpeall an tSéipéil Phrotastúnaigh críochnaithe.
- Tá Leaba nua na Leanaí críochnaithe agus tá sé réidh le húsáid anois.
- Tá gáitéir agus fánphíobáin nua Alucast curtha isteach ar Shéipéal Protastúnach na Marbh, ag feabhsú bainistíocht uisce báistí agus ag cosaint chreatlach an fhoirgnimh.

# Seanreilig Rathúin

Leanann Foireann Tionscnaimh na Seirbhíse Pobail ar aghaidh ag cothabháil Seanreilig Rathúin, agus i measc na n-oibreacha a dhéanann siad tá:

- Ábhar fásta a ghearradh siar agus a bhaint, piocadh bruscair.

## Tionscadail Bláthanna



Plandáil earraigh ag an bhFaiche Mhór

# An Bhithéagsúlacht

Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta agus Straitéis Speiceas Ionrach 2025–2030 Nocht Comhairle Cathrach na Gaillimhe dhá thionscnamh shuntasacha atá dírithe ar oidhreacht nádúrtha na cathrach a chosaint: Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlacht Chathair na Gaillimhe 2025–2030 agus Straitéis Speiceas Ionrach Chathair na Gaillimhe 2025–2030. Sheol an Clr John McDonagh, a bhí ag déanamh ionadaíocht ar Mhéara Chathair na Gaillimhe, an t-imeacht go hoifigiúil i Músaem Cathrach na Gaillimhe agus tugadh le chéile páirtithe leasmhara áitiúla, saineolaithe timpeallachta, grúpaí pobail agus ionadaithe rialtais chun tiomantas athnuaite d'inbhuanaitheacht éiceolaíoch a cheiliúradh. Léirítear sa bPlean, an tuiscint níos mó atá ann anois nach mór do chathracha freastal ar an dúlra agus é a chothú go gníomhach. Leagtar amach ann treochlár soiléir uaillmhianach chun gnáthóga a chosaint, líonraí éiceolaíocha a athbhunú, agus saoránaigh a chur i mbun maoirseachta ar a dtimpeallacht áitiúil."

Leanfaidh Ciste Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Áitiúil na Seirbhíse Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (LBAF) ar aghaidh i mbliana le maoiniú de €3 milliún. Tá sé mar aidhm ag an scéim maoiniú a chur ar fáil chun cabhrú le haon oifigeach bithéagsúlachta de chuid an Údaráis Áitiúil tionscadail a chur i bhfeidhm a chuireann gníomhaíochtaí atá sa 4ú Plean Gníomhaíochta Náisiúnta Bithéagsúlachta (NBAP) 2023-2030 chun cinn. Is féidir le gach Údarás Áitiúil suas le €96,700 a éileamh in 2025. Cuireadh tacaíocht isteach do na tionscadail seo a leanas:

1. Tionscadal Bainistíochta agus Oideachais IAS Chathair na Gaillimhe 2025.
2. Cúinne an Ghiorria – Cathair na Gaillimhe 2025
3. Tionscadal Fáinnithe na Geabhróige Chathair na Gaillimhe.
4. Taifeadadh a dhéanamh ar chuil Bealtaine na hÉireann chun stádas caomhantais a bhunú.
5. Tabhairt faoi shuirbhéanna allamuigh ar an sciathán leathair chun fíricí ón talamh a fháil faoi chonairí éiceolaíocha
6. Dearadh Athchóirithe Bogaigh Thrá Bhaile an Locháin
7. Oiliúint na nÚdarás Áitiúil maidir le Soilsiú Poiblí na Spéire Dorcha

Costas iomlán carnach €115,276, deontas NPWS a lorgaíodh €97,984 agus maoiniú tacaíochta ó Chomhairle Cathrach na Gaillimhe de €17,291.

## Bollataigh

Tá na bollataigh socraithe isteach go maith. Leanann pobail, grúpaí agus scoileanna áitiúla araon ag baint sult as cuairt a thabhairt ar a mbaile sealadach i mBaile an Locháin.
Reáchtáladh Ceardlanna Bithéagsúlachta Saor in Aisce ag an Músaem d'Fhéile Eolaíochta agus Teicneolaíochta na Gaillimhe! Thug Músaem Cathrach na Gaillimhe cuireadh do pháistí agus do theaghlaigh, a ghlac páirt i sraith ceardlann saor in aisce an 15 Samhain.



# Rannpháirtíocht Pobail agus Feasacht Bithéagsúlachta 2025

Reáchtáladh Ceardlanna Bithéagsúlachta ag an Músaem d'Fhéile Eolaíochta agus Teicneolaíochta na Gaillimhe! Thug Músaem Cathrach na Gaillimhe cuireadh do pháistí agus do theaghlaigh, a ghlac páirt i sraith ceardlann saor in aisce an 15 Samhain.

# Ceardlann Cáilíochta Uisce Coastwatch:

Bhí ríméad ar Chomhairle Cathrach na Gaillimhe comhurraíocht a dhéanamh ar Cheardlann Cáilíochta Uisce Coastwatch a d'eagraigh Coastwatch mar chuid de thionscadal More4Nature, tionscnamh atá maoinithe ag clár Horizon an AE.



# Cúinne an Ghiorria 2025: Ag Fás le Chéile le Cúinne an Ghiorria!




Na daltaí ag Scoil Radharc na Mara, a chláraigh chun glacadh leis an dúlra agus a ghlac páirt ghníomhach i gcrainn, úllord agus síolta a chur. Is iontach an rud é daoine óga a fheiceáil ag cothú na timpeallachta, crann amháin ag an am.

# Ceardlann um Shoilsiú Saorga d’Údaráis Áitiúla

Reáchtáladh an cheardlann seo i gCathair na Gaillimhe an 7 Aibreán, an chéad cheann dá leithéid don cheantar. D’eagraigh Oifigigh Bhithéagsúlachta Chonnacht an cheardlann seo agus rinne Ciste Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Áitiúil an NPWS cómhaoiniú ar na ceardlanna. Is féidir le soilsiú saorga míchuí tionchar diúltach a bheith aige ar an bhfiadhúlra timpeall orainn agus ar shláinte an duine, ag cur isteach ar ár rithim laethúil nádúrtha agus cé chomh maith agus a fheidhmíonn ár gcorp. Thug Patrick Greene an t-aitheasc tosaigh.




Oifigigh Bhithéagsúlachta Chonnacht agus láithreoirí na ceardlainne. Thug Cathaoirleach Chomhairle Chontae na Gaillimhe Martina Kinane an t-aitheasc deiridh.

# Ceardlann chun Speicis Ionracha Uisceacha a Thuiscint

Scrúdaigh an cheardlann idirghníomhach agus eolasach seo an tsaincheist atá ag dul i méid maidir le speicis ionracha uisceacha—cad iad, cén tábhacht a bhaineann leo, agus conas is féidir linn cabhrú lena scaipeadh a chosc.




# Boscaí Neadaireachta do Ghabhláin Ghaoithe a chur isteach ag Séipéal San Iognáid/Coláiste Iognáid

Tá tábhacht ag baint leis an ngabhlán gaoithe in Éirinn mar tá laghdú 40% tagtha ar dhaonra gabhlán gaoithe le 15 bliana anuas agus 60% ar a laghad i gCathair na Gaillimhe. Chuaigh Pobal Shéipéal San Iognáid agus Coláiste Iognáid agus Scoil Iognáid i dteagmháil leis an Oifigeach Bithéagsúlachta, a fuair comhairle ó Swift Conversation Ireland chun boscaí neadaireachta do ghabhláin ghaoithe a chur isteach. Tá pleananna ann do rannpháirtíocht idirghníomhach daltaí leis an tionscadal, agus beidh siad in ann forbairt na n-éan óg a leanúint le cuidiú ó cheamaraí speisialta sna boscaí.





Léirítear sna grianghraif (1) na ceithre bhosca nua-shuiteáilte Swift Vivara Pro GZ 10, agus (2) Lynda Huxley, Martin Curry SJ, Paula Kearney agus Liam O'Connell SJ le linn na suiteála.

## Seachtain Náisiúnta na gCrann

I mí an Mhárta gach bliain, tugann Comhairle Cathrach na Gaillimhe faoi shraith tionscadal plandála crann ar fud na cathrach mar chuid de Sheachtain Náisiúnta na gCrann. I mbliana, áfach, mar gheall ar an damáiste fairsing do chrainn agus glanadh suas tar éis Stoirm Eowyn, rinne Páirceanna GCC an cinneadh plandáil crann a chur siar in 2025 go dtí an Fómhar. Ina áit sin, thapaigh Páirceanna GCC an deis a thug an damáiste stoirme tionscnaimh nua a rolladh amach le cónaitheoirí sna heastáit. Le comhaontú na gcónaitheoirí, choinnigh foirne Pháirceanna GCC stumpaí in situ ó chrainn leagtha agus géaga móra ó chrainn leagtha (in ionad iad a bhaint go hiomlán). Tá trian den bhithéagsúlacht i gcoillearnacha le fáil in adhmad marbh/tite, agus thug sé seo deis gnáthóga nua a thabhairt isteach i gcuid de na spásanna oscailte agus de na ceantair choillearnaí. Nuair ab fhéidir, cuireadh crainn agus toir dhúchasacha ar nós cuileann, dair, coll, péine Albanach, caor chon agus crann fia-úll leis na limistéir ghnáthóg nua.



Toir dhúchasacha a chur ag Páirc Mhic Craith ghnáthóg nua sa



Ag baint úsáid as craobhacha a thit le linn stoirme mar spás oscailte ag Páirc Mhic Craith



Cónaitheoirí na Mailpeanna, Bóthar na Trá le stumpa a thit le linn Stoirm Eowyn agus a coinníodh sa spás oscailte chun limistéar gnáthóige nua a chruthú.



Plandáil crann le cónaitheoirí Ros Ard agus an Mhachaire Ghailf ag an gCeapach.

# Do Sheachtain Náisiúnta na Bithéagsúlachta

Bhí clár spreagúil imeachtaí ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe do mhuintir na Gaillimhe chun an bhithéagsúlacht a cheiliúradh agus chun teagmháil a dhéanamh leis an dúlra ina gceantar áitiúil. Bhí imeachtaí ar nós siúlóidí bithéagsúlachta, cainteanna spraíúla ar na speicis phlandaí, feithidí agus ainmhithe a aithníonn muid agus nach n-aithníonn muid sa tírdhreach agus ceardlanna dóibh siúd a bhí ag iarraidh teacht ar an domhan nádúrtha in aice láimhe ar fud na Cathrach. D’éirigh thar barr le himeachtaí na seachtaine agus bhí go leor díograiseoirí ar bord agus réidh le foghlaim agus le hiniúchadh.




# Picnic sa Ghairdín, Coill Mhuirlinne

Ócáid a bhí ar siúl ag pobal Choill Mhuirlinne ar an Domhnach 24 Lúnasa, nuair a chuaigh Oifigeach Bithéagsúlachta Chomhairle Cathrach na Gaillimhe i dteagmháil leis an bpobal ag iniúchadh an fhiadhúlra áitiúil agus ag cur oideachais ar fáil do na páistí agus do na teaghlaigh maidir leis an mbithéagsúlacht sa cheantar. D’éirigh thar barr leis an imeacht pobail.

# Buaile Bó Bhaile an Locháin - Múrmhaisiú scáthlán






Tá áthas ar Chomhairle Cathrach na Gaillimhe ceiliúradh a dhéanamh ar Thionscadal Píolótach Féaraigh Caomhnaithe Bhaile an Locháin ‘Buaile Bó’, le nochtadh múrmhaisiú bríomhar nua ag Baile an Locháin. Cruthaithe i gcomhar le Creative Together, Scoil Chaitríona sa Rinn Mhór, agus Scoil Náisiúnta Radharc na Mara, léirítear leis na múrphictiúir seo oidhreacht nádúrtha shaibhir an cheantair agus an tábhacht a bhaineann le bainistiú inbhuanaithe talún trí innilt chaomhnaithe.

# Spásanna Gníomhacha do Dhéagóirí - Ceardlann le Daltaí Choláiste Mhuirlinne i nDabhach Uisce

D'ullmhaigh Áineas agus Taitneamhacht iarratas chuig an DCEDIY (An Roinn Leanaí) faoi chiste dar teideal Making Places for and with Teenagers, atá le cur isteach go luath i mí Aibreáin. Tugtar cuireadh d'údaráis áitiúla togra a fhorbairt agus a chur isteach le haghaidh tionscadail chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais áineasa déagóirí ina limistéar údaráis áitiúil, suas go dtí uaschostas €125,000. Gné lárnach den chiste píolótach seo is ea an próiseas comhairliúcháin le Comhairle na nÓg (comhairlí áitiúla óige) agus rannpháirtíocht le déagóirí áitiúla lena chinntiú go gcuirtear a dtuairimí féin chun tosaigh i bpleanáil agus i ndearadh a gcuid spásanna.

Mar chuid den phróiseas seo bhí ceardlann le daltaí na chéad bhliana, na dara bliana agus na cúigiú bliana i gColáiste Mhuirlinne i nDabhach Uisce, mar go bhfuil an tionscadal beartaithe lonnaithe sa cheantar seo. Féach ar roinnt grianghraf thíos den cheardlann leis na daltaí, a bhí á óstáil ag Comhairle na nÓg agus foireann Chomhairle Cathrach na Gaillimhe agus a d'éascaigh Youthwork Galway.

Is príomhghníomhaíocht é soláthar Spásanna Gníomhacha do Dhéagóirí ar fud na cathrach a eascraíonn as dréacht-Straitéis na Spásanna Glasa, chun aghaidh a thabhairt ar easpa soláthair do dhéagóirí i nGaillimh.









Daltaí Choláiste Mhuirlinne agus ball de Chomhairle na nÓg a ghlac páirt sa cheardlann chun a Spás Gníomhach do Dhéagóirí a phleanáil agus a dhearadh.



Bronnadh an brat gorm agus an brat glas ar Chomhairle Cathrach na Gaillimhe don bhliain 2025.

# Iontaobhas Uiscebhealach Loch Coirib

- I measc na n-oibreacha bhí oibreacha cothabhála ag Cé Uachtar Ard agus aisghabháil/athshocrú baoithe loingseoireachta a bhog ón stáisiún ar an loch uachtarach.
- Osclaíodh geataí loic Chuan an Chladaigh chun ligean do bháid imeacht do mhíonna an tsamhraidh.
- Tá cothabháil ar siúl ar bhruacha na canála agus ar na cosáin tarraingthe, chomh maith le piocadh bruscair agus baint fásra.
- Rinneadh oibreacha cothabhála ar an gcóras Loingseoireachta go déanach i mí an Mheithimh agus feistíodh marcóirí taobh an chalafoirt uasghrádaithe ar Abhainn na Gaillimhe, idir Droichead na gCúig Céad agus an bealach isteach chuig an tseanabhainn.
- Glanadh marcóirí dheasbhoird a bhí ann cheana chun infheictheacht a mhéadú.
- Deisíodh clocha ar an trian láir den loch agus péinteáladh cuid acu chun infheictheacht a mhéadú.
- Deisíodh agus bogadh marcanna loingseoireachta ar snámh ar an loch uachtarach.
- Tá oibreacha cothabhála ar siúl ag céanna an LCNT agus tá oibreacha glantacháin, péintéireachta agus gortghlanta ar siúl
- Críochnaíodh an Measúnú Struchtúrtha ar bhalla ché Uachtar Ard, agus d'eisigh comhairleoirí an tuarascáil deiridh.
- Tá glanadh agus gortghlanadh na gcosán tarraingthe ar siúl go leanúnach agus tá oibreacha á ndéanamh ag Foireann Tionscnaimh na Seirbhíse Pobail.




13 February 2025 11:12 AM






23 June 2025 1:01 PM

## Cúrsaí Airgeadais

Soláthraíonn an Roinn Airgeadais raon leathan seirbhísí airgeadais lena n-áirítear:

- Dréachtbhuiséad Bliantúil agus rialú buiséid a ullmhú.
- Ráitis Airgeadais Bhliantúla a ullmhú.
- An Córas Bainistíochta Airgeadais a riar.
- Clár Caipitil Trí Bliana a ullmhú.
- Riarachán Párolla.
- Billeáil agus Bailiú Rátaí Tráchtála.
- Cíos a bhailiú
- Iasachtaí a bhailiú
- Bainistíocht Cistíochta agus Sreabhadh Airgid
- Íocaíocht Soláthraithe.
- Bainistíocht agus athbhreithniú ar an gClár Riosca Airgeadais.
- Riarachán Árachais.

Cinntíonn an Roinn Airgeadais freisin go gcloítear le prionsabail chuntasaíochta reachtúla agus airgeadais.

## Iniúchadh Reachtúil

Déanann Seirbhís Iniúchóireachta an Rialtais Áitiúil (LGAS) Iniúchadh Bliantúil ar Chomhairle Cathrach na Gaillimhe, a éilítear de réir reachta. Cuirfear tús leis an Iniúchadh don bhliain airgeadais 2025 sna míonna amach romhainn.

Tugann an tIniúchadh seo athbhreithniú neamhspleách ar fáil chun cuidiú le cur i láthair cothrom a chinntiú ar staid airgeadais Chomhairle Cathrach na Gaillimhe.

Tá Comhairle Cathrach na Gaillimhe faoi réir iniúchóireachta freisin maidir le maoiniú AE, maoiniú an NRA, comhlíonadh cánach agus iniúchtaí le cuspóir Luach ar Airgead tríd an LGAS.

# Achoimre ar Mhórbhailiúcháin Ioncaim don bhliain 2025

Tá ardú tagtha ar rátaí bailiúcháin ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe thar na trí mhórbhailiúchán ioncaim ó 2024 go 2025.

| | Riaráistí Deiridh ag 31.12.25 | % a bailíodh in 2025 | % a bailíodh in 2024 |
|---|---|---|---|
| Rátaí | 7,024,610 | 91% | 86% |
| Cíos agus Blianachtaí | 2,747,991 | 80% | 79% |
| Iasachtaí Tithíochta | 252,504 | 88% | 88% |

Leanann an tAonad Bainistíochta Fiachais ag obair go dlúth le custaiméirí a bhfuil deacrachtaí acu a gcuid fiacha a íoc chun pleananna íocaíochta agus modhanna íocaíochta a chomhaontú.

# Buiséad 2026

Ghlac Comhairleoirí Cathrach na Gaillimhe le Buiséad Ioncaim 2026 na Comhairle ag an gCruinniú Buiséid a tionóladh an 24 Samhain 2025. Forálann an buiséad do chaiteachas €161m chun infheistíocht a dhéanamh i seirbhísí agus tacaíochtaí do chónaitheoirí, gnólachtaí agus cuairteoirí, maoinítear bearta chun tacú le forbairt fhisiciúil agus eacnamaíoch na cathrach trí mheascán de rátaí tráchtála, CMÁ, deontais agus ioncam ó sheirbhísí eile a fhaightear go háitiúil. Chomh maith leis an mBuiséad do 2026 a ghlacadh, vótáil na Comhaltaí Tofa freisin chun cáin mhaoine áitiúil a mhéadú 15% agus ghlac siad leis an ráta bliantúil luachála 0.2369 do 2026.

# Soláthar

Is éard atá i gceist le soláthar laistigh de GCC sármhaitheas agus nuachóiriú a chur chun cinn i ngach gné dár gcleachtas soláthair, chun tacú le tosaíochtaí corparáideacha a bhaint amach go héifeachtach agus le seirbhísí feabhsaithe a sheachadadh dár gcustaiméirí. Díreoimid ar an obair is gá dúinn a dhéanamh chun luach ar airgead a bhaint amach, chun ár n-oibleagáidí dlíthiúla a chomhlíonadh agus chun tairbhí eacnamaíocha, comhshaoil agus sóisialta níos leithne a bhaint amach i bpobail. Bealaí nuálacha a chruthú chun earraí, oibreacha agus seirbhísí a chinntiú a fhreastalaíonn ar riachtanais úsáideoirí agus an phobail áitiúil sa chiall is leithne. Tá ról lárnach ag soláthar chun a chinntiú go seachadann GCC seirbhísí ardchaighdeáin agus tairbhí socheacnamaíocha níos leithne, trí oibriú i gcomhpháirtíocht, i gcomhoibriú agus san earnáil phoiblí i gcoitinne.

Lean an tAonad Soláthair ar aghaidh ag cur gníomhaíochtaí soláthair uile Chomhairle Cathrach na Gaillimhe chun cinn, á dtreorú agus ag tacú leo. Cuireann an t-aonad oiliúint agus treoir ar fáil don fhoireann go rialta agus tacaíonn sé le rialachas corparáideach láidir trí sheiceálacha rialta soláthair agus comhlíonta buiséid a dhéanamh. Leanfar leis an oiliúint agus leis an treoir seo i rith 2026. In 2025: Fuair GCC €65 milliún, d'íoc sí 1,900 soláthraí éagsúla agus d'fhoilsigh sí 95 tairiscint trí eTenders agus Supplygov.

## Ráiteas Airgeadais Bliantúil (AFS) 2025

In 2025, rinne an Roinn Airgeadais maoirsiú ar €137 milliún i gcaiteachas, ag tacú le stiúrthóireachtaí éagsúla na Comhairle. Léirigh an Ráiteas Airgeadais Bliantúil seasamh beagnach cothrom. Ghin méadú 15% ar Cháin Mhaoine Áitiúil €1.4 milliún breise do phríomhsheirbhísí in 2025. Ghin méadú ar rátaí €2.9 milliún breise in 2025. B'ionann ranníocaíochtaí forbartha agus €3.4 milliún, agus éilíodh €2.6 milliún breise faoi tharscaoileadh sealadach. Ba é an caiteachas caipitiúil do 2025 ná €99 milliún agus infheistíodh €60 milliún den iomlán seo i dtithíocht. Thabhaigh an Chomhairle €1.97 milliún i gcostais a bhain le Stoirm Eowyn agus d'éiligh sí €1.41 milliún faoin Íocaíocht Freagartha Éigeandála arna oibriú ag an Stiúrthóireacht Náisiúnta um Bainistíocht Dóiteáin agus Éigeandála. D'íoc an Chomhairle Cáin Talún Cónaí-Chriosaithe de €600,000 in 2025, gan aon scéim i bhfeidhm faoi láthair chun an costas seo a fhorchúiteamh.
Phróiseáil an Chomhairle breis agus 18,000 sonrasc le híosmhéid úis ar íocaíocht dhéanach le linn 2025.

# Forbairt Chorparáide

Seirbhísí agus acmhainní tacaíochta a chur ar fáil do na Comhaltaí Tofa lena gcuirtear ar a gcumas a gcuid freagrachtaí daonlathacha a shásamh, agus na huirlisí a chur ar fáil don fhoireann a theastaíonn lena gcuid feidhmeanna feidhmiúcháin a chur i gcrích go héifeachtúil ionas go gcinntítear seirbhísí éifeachtúla ardchaighdeáin do mhuintir na Gaillimhe.

## Seirbhísí Corparáideacha

Tá ról lárnach ag Seirbhísí Corparáideacha lena chinntiú go mbíonn cruinnithe na Comhairle ar siúl go réidh agus go gairmiúil. Tugann an fhoireann aire d'eagrú praiticiúil gach cruinnithe, cuidíonn siad lena chinntiú go leantar nósanna imeachta i gceart, agus coimeádann siad Buanorduithe cothrom le dáta ionas go mbeidh treoir shoiléir ag comhaltaí tofa agus iad i mbun a gcuid oibre. In 2025, chuimsigh sé sin athbhreithniú iomlán agus glacadh le

Buanorduithe athbhreithnithe i mí na Samhna, rud a neartaigh an creat maidir le conas a reáchtáiltear cruinnithe.

Tionóltar cruinnithe iomlánacha na Comhairle ar an dara Luan de gach mí go ginearálta, gan Lúnasa san áireamh. Féadfaidh an Méara cruinnithe speisialta a thionól ó am go chéile i gcomhairle leis an gComhairle.

# Cruinnithe a reáchtáladh in 2025:

| | |
|---|---|
| **Cruinnithe Iomlánacha na Comhairle** | 12 |
| **Cruinnithe Iomlánacha na Comhairle** | 2<br>14 Iúil 2025 - Cearnóg na Corónach<br>15 Meán Fómhair 2025 - Ainmniúchán na hUachtaránachta |
| **Cruinniú bliantúil** | 1<br>20 Meitheamh 2025<br>Toghadh an Comhairleoir Mike Cubbard ina Mhéara ar Chathair na Gaillimhe.<br>Toghadh an Comhairleoir Alan Cheevers ina Leas-Mhéara ar Chathair na Gaillimhe. |
| **Cruinniú Buiséid Reachtúil** | 1<br>24 Samhain 2025 |

| | |
|---|---|
| **Cruinnithe an Oireachtais** | 2<br>31 Eanáir, 25 Aibreán 2025 |

| | |
|---|---|
| **Cruinniú Comhghrúpa Beartais Chorparáidigh na Comhairle Cathrach agus Contae** | 4<br>25 Feabhra, 14 Bealtaine, 2 Iúil, 7 Samhain 2025 |

| **Ceardlann** | |
|---|---|
| Ceardlann Maoine | 20 Eanáir 2025 |
| Clár na Gníomhaireachta Forbartha Talún | 27 Eanáir 2025 |
| Seisiún eolais na Gníomhaireachta Forbartha Talún | 06 Márta 2025 |
| Straitéis Chuideachta Chalafort na Gaillimhe | 12 Bealtaine 2025 |
| Tascfhórsa Drugaí na Gaillimhe | 16 Meán Fómhair 2025 |
| Ceardlann Uisce Éireann | 22 Deireadh Fómhair 2025 |

# Fáiltithe an Mhéara

| **Fáiltithe an Mhéara** | |
|---|---|
| 15 Bealtaine 2025 | Nascadh Lorient na Gaillimhe – ceiliúradh 50 bliain |
| 07 Samhain 2025 | Bád tarrthála na Gaillimhe – Ag ceiliúradh 30 bliain seirbhíse |
| 14 Samhain 2025 | Stephen Walsh – Gaillimh Aontaithe |

### Fáiltiú an Mhéara - Nascadh Lorient na Gaillimhe – ceiliúradh 50 bliain

Chuir an Méara Peter Keane fáilte roimh thoscairí go Halla na Cathrach chun ceiliúradh a dhéanamh ar chomóradh an chomhaontaithe nasctha a síníodh i 1975. Cairdeas agus malartú a dhéanann ceiliúradh ar chomhchultúr muirí, spóirt, oideachais agus inbhuanaitheachta – a neartaíonn naisc idir Gaillimh agus Lorient trí ghnó, oideachas, turasóireacht agus malartú cultúrtha.

### Fáiltiú an Mhéara - Bád tarrthála na Gaillimhe – Ag ceiliúradh 30 bliain seirbhíse

Is ionann Seirbhís Bhád Tarrthála na Gaillimhe agus sampla de phobal ag teacht le chéile chun seirbhís ríthábhachtach a chur ar fáil ar mhaithe leis an bpobal. Bunaíodh Bád Tarrthála na Gaillimhe sa bhliain 1995, tar éis roinnt eachtraí tarlú i gCuan na Gaillimhe.

Ba mhór an t-éacht é seo ag an oiread sin daoine, a thug a gcuid ama le tiomsú airgid chun seirbhís an RNLI a bhunú i nGaillimh agus a bhí mar chuid den chriú le tríocha bliain anuas.

### Fáiltiú an Mhéara - Stephen Walsh – Gaillimh Aontaithe

Bhí fáiltiú ag an Méara Mike Cubbard do Stephen Walsh, ag aithint a chuid éachtaí iontacha agus an méid a chuir sé le fada an lá le Gaillimh Aontaithe. Bhí tionchar dearfach aige agus leanann sé de bheith ina eiseamláir don chéad ghlúin eile.

## Cuairteanna Cúirtéise

| | |
|---|---|
| 17 Eanáir 2025 | Ambasadóir na Fraince, Céline Place |
| 30 Eanáir 2025 | Ambasadóir na hUngáire, Gergely Bánhegyi |
| 14 Feabhra 2025 | Ambasadóir na Seapáine, Shimada Junji |
| 13 Meitheamh 2025 | Ambasadóir Cheanada, Dennis King |
| 26 Meitheamh 2025 | Ambasadóir na Nigéire, Ibiyemi Ajiboye-Roberts |
| 14 Iúil 2025 | Ambasadóir na hAlbáine, An Dr Uran Ferizi |
| 21 Iúil 2025 | Ambasadóir na hÉireann i gCeanada, John Concannon |
| 28 Iúil 2025 | Gobharnóir Antigua |
| 31 Iúil 2025 | Méara Chathair Menlo, Drew Combs |
| 05 Meán Fómhair | Ambasadóir na Polainne, an tUasal Artur Michalski |

| | |
|---|---|
| 2025 | |
| 09 Meán Fómhair 2025 | Ambasadóir na Palaistíne, an Dr Jilan Wahba Abdalmajid |
| 29 Meán Fómhair 2025 | Ambasadóir na hUngáire, an Dr Gergely Bánhegyi |
| 20 Deireadh Fómhair 2025 | Ambasadóir Mharacó, An Dr Lahcen Mahraoui |
| 07 Samhain 2025 | Ambasadóir na Breataine, An Dr Kara Owens |
| 01 Nollaig 2025 | Ambasadóir na Cóiré Theas, Yong-kil Kim |

# Cuairteanna Eile ar Halla na Cathrach

| | |
|---|---|
| 17 Eanáir 2025 | Cathair athshlánaithe cuimsitheach |
| 03 Márta 2025 | Notre Dame – comhchathair (clár malartaithe do mhic léinn) |
| 07 Aibreán 2025 | Pobal na Seoirsia |
| 30 Bealtaine 2025 | Toscaireacht na Síne-Hunan |
| 25 Iúil 2025 | Acadamh Ceilteach Gael-Mheiriceánach |
| 28 Lúnasa 2025 | Cumann carthanach Pheileadóirí Gairmiúla na hÉireann |
| 28 Samhain 2025 | Toscaireacht Columbus Ohio |
| 28 Samhain 2025 | Pobal Rómánach |

# Toghchán na hUachtaránachta 2025

Rinne an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, James Browne, Ordú um Thoghchán Uachtaráin 2025 go foirmiúil an 3 Meán Fómhair 2025, agus cheap sé Dé hAoine, 24 Deireadh Fómhair 2025 mar Lá na Vótála agus dheimhnigh sé gach amlíne ainmniúcháin reachtúil.

Mhair an tréimhse ainmniúcháin ó 5 Meán Fómhair 2025 go 24 Meán Fómhair 2025, an dáta deiridh chun ainmniúcháin a fháil ag Ceann Comhairimh Toghchán Uachtaránachta.

D’eisigh Ceann Comhairimh Toghchán Uachtaránachta Ciorclán F.08-25, agus fuarthas 12 léiriú spéise san iomlán, le 10 n-ainmniúchán fhoirmiúla, 3 a tarraingíodh siar ina dhiaidh sin, agus bhí 7 n-iarrthóir le cur i láthair a dhéanamh do Chomhairle Cathrach na Gaillimhe.

Tionóladh Cruinniú Speisialta de chuid Chomhairle Cathrach na Gaillimhe an 15 Meán

Fómhair 2025 chun éisteacht le cur i láthair ó dhaoine a bhí ag lorg ainmniúcháin ón gComhairle agus chun breithniú a dhéanamh ar rún a rith chun iarrthóir a ainmniú.

Lorg seachtar iarrthóirí tacaíocht Chomhairle Cathrach na Gaillimhe agus deimhníodh go raibh siad incháilithe. I gcomhréir leis an bpróiseas ainmniúcháin a chomhaontaigh an Grúpa Beartais Chorparáidigh (1 Meán Fómhair 2025), tugadh cuireadh do gach iarrthóir incháilithe cur i láthair a dhéanamh ar feadh suas le 10 nóiméad (cur i láthair 5 nóiméad agus ceisteanna).

As an seachtar, chuir triúr iarrthóirí i láthair don Chomhairle ag an gcruinniú Speisialta. Níor moladh aon ainmniúcháin. Tháinig an cruinniú chun críche gan ainmniúchán ón gComhairle.

# Ceart vótála – Clár na dToghthóirí

In 2025, d'éirigh le Comhairle Cathrach na Gaillimhe imeacht toghcháin amháin a sheachadadh: Toghchán an Uachtaráin a tharla an 24 Deireadh Fómhair. D'ullmhaigh Seirbhísí Corparáideacha na Leabhair Chláraithe agus na Leabhair Chomhardaithe agus d'eisigh siad chuig Teach na Cúirte iad an 13 Deireadh Fómhair 2025. Idir 1 Meán Fómhair agus 7 Deireadh Fómhair, cuireadh 1,829 ainm breise leis an gclár, rinneadh 609 athrú, agus scriosadh 574 ainm. Tar éis Thoghchán na hUachtaránachta, cuireadh 1,192 cárta vótála ar ais, agus tá an fhoireann i dteagmháil leis na toghthóirí seo faoi láthair chun a sonraí cearta a dhearbhú agus a uasdátú.

I mí Eanáir 2025, d'fhreastail an fhoireann ar sheisiún eolais ar an aistriú atá le teacht ón Údarás Áitiúil go Voter.ie, an córas náisiúnta clárúcháin toghcháin nua a thiocfaidh in ionad na gclár aonair a choimeádann gach Údarás Áitiúil mar chuid d'athchóiriú LGERS.
Ina dhiaidh sin, chríochnaigh an fhoireann Céim 1 agus Céim 2 d'obair cháilíochta sonraí le hullmhú don aistriú i Ráithe 3 2026. Áiríodh leis sin teagmháil a dhéanamh le 7,751 toghthóir chun uimhreacha PSP, dátaí breithe, Éirchód agus aon dúbláil fhéideartha a fhíorú, chomh maith le gach ceartúchán agus uasdátú riachtanach aistriúcháin a dhéanamh.

Ceadaíodh maoiniú do dhá phost mar Oifigeach Cléireachais in 2025 chun tacú leis an aistriú go Voter.ie. Cuireadh tús leis na poist 18 mí seo i mí Dheireadh Fómhair agus i mí na Samhna 2025.

### Líon na dtoghthóirí a cláraíodh de réir catagóire ag deireadh 2025:

| Uachtaránachta | Dáil | Áitiúil | AE | Féideartha - AE |
|---|---|---|---|---|
| 49636 | 50428 | 56092 | 50669 | 1918 |

### Líon na vótálaithe poist agus na vótálaithe speisialta de réir catagóire:

| | |
|---|---|
| **Taidhleoirí** | 4 |
| **Slí bheatha** | 19 |
| **Óglaigh na hÉireann** | 132 |
| **Príosúnaigh** | 5 |
| **Gan ainm** | 0 |
| **Gardaí** | 0 |
| **Faoi mhíchumas** | 60 |
| **Tithe Altranais** | 140 |

Ba é líon iomlán na n-iarratas a próiseáladh in 2025 ná 9,834

# Rialachas Corparáideach

In 2025, rinneadh 160 iarratas chuig Comhairle Cathrach na Gaillimhe faoin Acht um Shaoráil Faisnéise 2014. Soláthraítear sa tábla thíos anailís ar thoradh na n-iarratas seo. Tugadh 8 n-iarratas ar aghaidh ó 2024. Rinneadh achomharc inmheánach ar 9 iarratas.

| | |
|---|---|
| Iarratais a Ceadaíodh | 32 |
| Iarratais a Ceadaíodh go páirteach | 57 |
| Iarratais a Diúltaíodh | 42 |
| Iarratais a Tarraingíodh siar | 17 |
| Déileáladh leo lasmuigh den FOI | 14 |
| Iarratais a Aistríodh | 1 |
| Tugadh ar aghaidh go dtí 2026 iad | 5 |
| **Iomlán** | 168 |

# Rochtain ar Fhaisnéis ar an gComhshaol (RFC)

Rinneadh 9 iarratas san iomlán chuig Comhairle Cathrach na Gaillimhe faoi Rialacháin AIE in 2025. Soláthraítear sa tábla thíos anailís ar thoradh na n-iarratas seo. Rinneadh achomharc inmheánach ar 2 iarratas.

| | |
|---|---|
| Iarratais a Ceadaíodh | 3 |
| Iarratais a Ceadaíodh go páirteach | 1 |
| Iarratais a Diúltaíodh | 4 |
| Iarratais a Tarraingíodh siar | 0 |
| Déileáladh leo lasmuigh den AIE | 0 |
| Iarratais a Aistríodh | 1 |
| Tugadh ar aghaidh go dtí 2026 iad | 1 |
| **Iomlán** | 10 |

# Sábháilteacht, Sláinte, agus Leas ag an Obair

In 2025, lean an tAonad Sláinte agus Sábháilteachta, i gcomhar le Bainistíocht Shinsearach, ag comhordú Córas Bainistíochta Sábháilteachta Chomhairle Cathrach na Gaillimhe chun oibleagáidí reachtacha agus corparáideacha a chomhlíonadh faoin Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005. Choinnigh an tAonad freisin lena athbhreithniú leanúnach ar Ráiteas Sábháilteachta, Lámhleabhar Bainistíochta Sábháilteachta, agus Ráitis Sábháilteachta Coimhdeacha na Comhairle a uasdátaítear go bliantúil thar gach stiúrthóireacht agus réimse gnó.

- ✓ Lean Comhairle Cathrach na Gaillimhe uirthi ag forbairt, ag comhordú agus ag cur i bhfeidhm córas bainistíochta sábháilteachta go rathúil, chun sábháilteacht, sláinte agus leas a cuid fostaithe, conraitheoirí agus cuairteoirí a chosaint.
- ✓ Tugadh isteach athruithe ar SMS chun cuntas a thabhairt ar an Aip Inniúlachta Conraitheora NUA agus ar an gCaighdeán Bainistíochta Sábháilteachta ISO45001.
- ✓ Athbhreithníodh agus nuashonraíodh Ráitis Sábháilteachta agus Measúnuithe Riosca de réir mar ba ghá agus de réir a dTréimhsí Athbhreithnithe Bliantúla ar leith.

# Bainistíocht Conraitheora:

- ✓ Thug Comhairle Cathrach na Gaillimhe aip NUA um Measúnú Inniúlachta Conraitheora isteach i mí na Bealtaine 2025.
  - Cuireadh oiliúint in úsáid an chórais um Measúnú Inniúlachta Conraitheora ar fáil do 35 Bainisteoir Líne.
  - Cuireadh tabhairt isteach an Mheasúnaithe Inniúlachta Conraitheora mar chuid den Ráiteas Sábháilteachta agus SMS in iúl don fhoireann le linn na gCruinnithe Bliantúla um Shábháilteacht Foirne.
  - Tá 50 conraitheoir curtha leis an gcóras um Measúnú Inniúlachta Conraitheora.

# Monatóireacht Réamhghníomhach ar Shábháilteacht

Lean an tAonad Sláinte agus Sábháilteachta, i gcomhar le Bainistíocht Shinsearach, ag comhordú chur i bhfeidhm Chlár Bliantúil na nIniúchtaí do 2025.

Críochnaíodh na hIniúchtaí Sábháilteachta seo a leanas in 2025:

- Iniúchtaí Sábháilteachta a rinne Bainisteoirí Líne agus Maoirseoirí (287)

- Cigireachtaí Sábháilteachta a rinne na hOifigigh Sláinte agus Sábháilteachta (54)


# Monatóireacht Fhrithghníomhach ar Shábháilteacht

Lean Comhairle Cathrach na Gaillimhe ar aghaidh ag cur seirbhísí ar fáil do shaoránaigh Chathair na Gaillimhe ar bhealach sábháilte agus éifeachtach. D'eisigh an tAonad Sláinte agus Sábháilteachta tuarascálacha míosúla Achoimre ar Thimpistí agus ar Theagmhais don Bhainistíocht Shinsearach, chun a chinntiú nach dtarlódh sé arís, agus thuairiscigh sé staitisticí don Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil.

✓ Lean Comhairle Cathrach na Gaillimhe uirthi ag déanamh athbhreithnithe ar a cuspóirí sláinte agus sábháilteachta, **chun líon na dteagmhas Foréigean agus Ionsaithe a laghdú agus timpistí ar bhóithre a laghdú go rathúil laistigh dá cuid oibríochtaí faoi 60% le linn 2025.**


# Tuairisciú Teagmhais 5 Bliana

## IR1 - Timpistí atá Intuairiscithe don HSA





| 2021 | 2022 | 2023 | 2024 | 2025 |
|---|---|---|---|---|
| 0 | 4 | 4 | 3 | 1 |

## IR3 - Eachtra Chontúirteach atá Intuairiscithe don HSA





| 2021 | 2022 | 2023 | 2024 | 2025 |
|---|---|---|---|---|
| 0 | 0 | 1 | 1 | 0 |

## Drochghortú - nach bhfuil intuairiscithe





| 2021 | 2022 | 2023 | 2024 | 2025 |
|---|---|---|---|---|
| 0 | 0 | 0 | 1 | 2 |

## Gortú - Gan neamhláithreacht





| 2021 | 2022 | 2023 | 2024 | 2025 |
|---|---|---|---|---|
| 2 | 2 | 3 | 2 | 3 |

## Stailc Seirbhíse





| 2021 | 2022 | 2023 | 2024 | 2025 |
|---|---|---|---|---|
| 1 | 2 | 3 | 0 | 0 |

## Neastimpiste





| 2021 | 2022 | 2023 | 2024 | 2025 |
|---|---|---|---|---|
| 6 | 3 | 5 | 5 | 2 |

## Foréigean agus iompar bagrach





| 2021 | 2022 | 2023 | 2024 | 2025 |
|---|---|---|---|---|
| 0 | 4 | 6 | 4 | 4 |

## Timpiste bhóthair





| 2021 | 2022 | 2023 | 2024 | 2025 |
|---|---|---|---|---|
| 2 | 1 | 2 | 13 | 3 |

## Teagmhas Feithicle - tríú páirtí




| 2021 | 2022 | 2023 | 2024 | 2025 |
|---|---|---|---|---|
| 3 | 5 | 2 | 5 | 4 |

## Teagmhas Feithicle - céad pháirtí



| 2021 | 2022 | 2023 | 2024 | 2025 |
|---|---|---|---|---|
| 8 | 12 | 11 | 6 | 12 |

- ✓ Bhí éifeacht dhearfach ag Seisiún Eolais Sábháilteachta Tiománaithe an IPB agus gearrchomhráite roimh an obair agus foláirimh sábháilteachta ar shábháilteacht tiománaithe maidir le timpistí bóthair ag GCC a laghdú 60% in 2025.

## Ullmhacht Éigeandála

Chríochnaigh an tAonad Sláinte agus Sábháilteachta, i gcomhar le Maoir Dóiteáin agus Bainistíocht Shinsearach, Druileanna Aslonnaithe Dóiteáin agus Éigeandála ag sé ionad oibre agus rinne siad iniúchtaí seachtainiúla ar Bhoscaí Garchabhracha, AEDanna agus Múchtóirí Dóiteáin chun ullmhacht úsáide a chinntiú.

## Oiliúint Sláinte agus Sábháilteachta

Lean an tAonad Sláinte agus Sábháilteachta de bheith ag cabhrú leis an Roinn Acmhainní Daonna ina cuid iarrachtaí cúrsaí oiliúna Sláinte agus Sábháilteachta atá éigeantach agus inmhianaithe a chur ar fáil. Le linn 2025, bhí an fhoireann ag fáil oiliúna Sláinte agus Sábháilteachta go leanúnach chun tabhairt faoina bpoist go sábháilte.

Cuireadh go mór leis na hiarrachtaí leanúnacha chun freastal ar riachtanais an Phlean Bliantúil um Riachtanais Oiliúna 2025 nuair a ceapadh foireann thiomanta Oifigeach Oiliúna, comhoibriú leanúnach leis na hOifigigh Sláinte agus Sábháilteachta agus cruinnithe 8 seachtaine um Athbhreithniú ar Oiliúint Sláinte agus Sábháilteachta.

| Cúrsa Oiliúna | Líon na ndaoine a cuireadh faoi oiliúint |
|---|---|
| Oiliúint Roithleán Scríobach | 7 |
| Seisiún Bliantúla Eolais Sábháilteachta Foirne | 598 |
| Feasacht Aispeiste | 9 |
| Bruachaire | 22 |
| Oibreáin Bhitheolaíocha | 19 |
| Sábh slabhrach | 8 |
| Ródacmhainneacht Feithiclí Tráchtála | 2 |
| CSCS lá amháin - Sláinte agus Sábháilteacht ag Oibreacha Bóthair | 35 |
| CSCS trí lá - Comharthaíocht, Soilsiú agus Caomhnú ag Oibreacha Bóthair | 4 |
| CSCS - Crochántóir/Comharthóir | 4 |
| CSCS - Dumpaire Suímh | 2 |
| Ag déileáil le foréigean agus iompar bagrach | 102 |
| Fórsa tiomána | 8 |

| | |
|---|---|
| Deimhniú Inniúlachta do Thiománaithe Modúl 1 (CVEDT) | 34 |
| Deimhniú Inniúlachta do Thiománaithe Modúl 2 (MRMET) | 5 |
| Deimhniú Inniúlachta do Thiománaithe Modúl 3 (HSOPD) | 8 |
| Deimhniú Inniúlachta do Thiománaithe Modúl 4 (RPDTI) | 3 |
| Deimhniú Inniúlachta do Thiománaithe Modúl 5 (PROTD) | 5 |
| Oiliúint Cathaoireach Aslonnaithe | 14 |
| Oiliúint Marascal Dóiteáin | 52 |
| Freagra Garchabhrach (Iontrálaí Nua) | 15 |
| Freagra Garchabhrach (Cúrsa Athnuachana) | 14 |

| | |
|---|---|
| Frithchothromaíocht maidir le Forcardaitheoirí a thiomáint | 3 |
| Oiliúint Gléas Monatóireachta Gáis | 2 |
| Frapáil Uaighe | 9 |
| Córas Scairdeála Ardbhrú | 10 |
| Láimhsiú Sábháilte (laistigh) | 99 |
| Láimhsiú Sábháilte (lasmuigh) | 53 |
| Ardán Oibre Soghluaiste Ardaithe (MEWP) | 12 |
| Maoirseoir Tionscadail le haghaidh Chéim na Foirgníochta (PSCS) | 12 |
| Maoirseoir Tionscadail le haghaidh Phróiseas an Deartha (PSDP) | 12 |
| Oscailt agus Athchóiriú Bóthair - Ardleibhéil | 3 |
| Oscailt agus Athchóiriú Bóthair - Bunúsach | 6 |
| Láimhseáil agus Idirghníomhaíochtaí Sábháilte Madraí | 5 |
| Oiliúint Pas Shábháilte | 65 |
| Ionduchtú Sábháilteachta - Laistigh | 94 |
| Ionduchtú Sábháilteachta - Lasmuigh | 24 |
| Oiliúint Ionadaí Sábháilteachta | 7 |
| Oiliúint Maor Scoile | 13 |
| Oiliúint Earraí Géara | 20 |
| Dearadh Bainistíochta Tráchta Sealadach - Leibhéal 1-4 Bóithre | 1 |
| Dearadh Bainistíochta Tráchta Sealadach - Leibhéal 5 agus 6 | 1 |
| Úsáid Aláraim Oibrithe Aonair agus Freagairt dó | 10 |
| Measúnú VDU ar an láthair agus Oiliúint DSU | 114 |
| Oiliúint ar Obair sna hArda | 41 |

# Cumarsáid Sábháilteachta

✓ Lean Comhairle Cathrach na Gaillimhe ar aghaidh ag cur riachtanas a polasaí Sláinte agus Sábháilteachta agus a ráitis sábháilteachta in iúl dóibh siúd go léir atá ag obair i gComhairle Cathrach na Gaillimhe, ag baint úsáid as Ionduchtúcháin Sábháilteachta Foirne GCC agus a córas Ionduchtúcháin Sábháilteachta ar Líne.

- D’fhreastail 117 ball foirne nua ar na hionduchtuithe sábháilteachta foirne in 2025
- 113no. fostaí conraitheora a chríochnaigh ionduchtú sábháilteachta ar líne GCC.

# Comhairliúchán Sábháilteachta

Lean Comhairle Cathrach na Gaillimhe lena chinntiú go ndeachthas i gcomhairle leis an bhfoireann maidir le hathruithe ar an Ráiteas Sábháilteachta, ar Mheasúnuithe Riosca agus ar shocruithe Éigeandála trí fhóraim chruinnithe an Choiste Chomhairligh Sábháilteachta (SCC), ar ar fhreastail Ionadaithe Sábháilteachta tofa agus na Cinn Feidhme.

- ✓ D'fhreastail go leor daoine ar na cruinnithe agus bhí plé fiúntach mar chuid díobh.
- ✓ 6No. Tionóladh Cruinniú SCC leis an gCoiste Comhairliúcháin um Shábháilteacht Oibríochtaí Cothabhála (SCC). Clúdaíodh mar chuid den chruinniú saincheisteanna maidir le hIompar, Uisce, Tithíocht, Áineas agus Taitneamhacht agus Comhshaol (lena n-áirítear áiseanna Iosta Bhóthar an Ghainimh).
- ✓ 6No. Reáchtáladh 6 chruinniú SCC le Cruinniú "Coiste Comhairliúcháin Sábháilteachta Oibríochtaí Oifigí" (SCC), a chlúdaigh saincheisteanna laistigh de Halla na Cathrach, Scoil Ghramadaí, Oifigí Airgeadais na Faiche Móire agus oifigigh Fhaiche an Aonaigh, Amharclanna agus foirgnimh Mhúsaem.
- ✓ Cuireadh gníomhartha a d'eascair as Cruinnithe SCC leis an gClár Riosca Sláinte agus Sábháilteachta agus athbhreithníodh iad ag cruinnithe SCC ina dhiaidh sin.

# Ionaid Oibre, Gléasra agus Innealra Sábháilte a Chothabháil

- ✓ Lean Comhairle Cathrach na Gaillimhe uirthi ag déanamh monatóireachta, iniúchóireachta agus cothabhála ar a hionaid oibre, ar a gléasra agus ar a hinnealra a bheidh le húsáid ag a foireann agus ag daoine eile ar bhealach sábháilte.
  - » Chríochnaigh Bainisteoirí Líne, Maoirseoirí agus Oifigigh Sláinte agus Sábháilteachta 287 Iniúchadh Sábháilteachta le linn 2025.
  - » Chríochnaigh Tiománaithe / Oibreoirí Feithiclí, agus Gléasraí agus Trealamh eile Iniúchtaí Seicliosta Tiomána Laethúla / Iniúchtaí Réamhúsáide.
- ✓ Chríochnaigh Seirbhísí Innealtóireachta na hÉireann (IES), a oibríonn thar ceann Árachas Comhlachtaí Poiblí na hÉireann, Iniúchtaí ar gach gléasra atá faoi réir Iniúchtaí Reachtúla le linn 2025.
- ✓ Cuireadh gníomhartha a d'eascair as na hIniúchtaí Sábháilteachta leis an gClár Riosca Sláinte agus Sábháilteachta agus rinne Cinn Feidhme, na Bainisteoirí Líne agus an tOifigeach Sláinte agus Sábháilteachta athbhreithniú leanúnach orthu i rith na bliana.

# TFC agus Cúrsaí Digiteacha

## Réamhrá

Tá ról ollmhór ag an Roinn TFC agus Cúrsaí Digiteacha maidir le seirbhísí riachtanacha a chur ar fáil don phobal. Cuireann sé tacaíocht theicniúil ar fáil don fhoireann agus rochtain shlán ar réimse teicneolaíochta agus córas atá ag fás, rud a chuireann ar chumas Chomhairle Cathrach na Gaillimhe seirbhísí ardchaighdeáin a chur ar fáil don phobal, chomh maith le bheith freagrach as tionscadail a chur ar fáil a chumasaíonn claochlú digiteach na heagraíochta.

Tá an chuid seo dírithe ar Straitéis Náisiúnta TFC agus Dhigiteach LGMA a sheachadadh, straitéis a foilsíodh in 2024, a bhfuil sé mar aidhm aici 90% de na seirbhísí infheidhme go léir a chur ar fáil trí mhodhanna digiteacha faoi 2030.

Clúdaíonn an roinn 4 shainréimse:

- **Bonneagar agus Oibríochtaí TF** (Líonra, Freastalaithe, Deasc Seirbhíse TF, Crua-earraí, Bogearraí agus Teileafónaíocht),
- **Feidhmchláir an fhiontair** (a bhfuil sé de chúram orthu seasmhacht agus éifeachtúlacht oibriúcháin na mbunachar sonraí agus na gcóras de ghrád fiontair atá mar bhonn faoi obair laethúil na heagraíochta a chinntiú, mar aon le cuidiú le ranna réitigh dhigiteacha a thabhairt isteach)
- **Córais Faisnéise Geografaí (GIS) agus Seirbhísí Gréasáin**, (mapáil agus sraitheanna mapaí a sholáthar chun sonraí a amharcléiriú; suíomh gréasáin galwaycity.ie a bhainistiú agus seirbhísí a sholáthar amhail foirmeacha, suirbhéanna agus comhairliúcháin phoiblí ar líne)
- **Cibearshlándáil** (maoirseacht struchtúrtha ar rialachas slándála, próisis slándála oibríochtúla agus bainistíocht riosca digiteach a sholáthar, staid slándála foriomlán na heagraíochta a neartú.)

### Staitisticí Deasc Seirbhíse "Gnó mar is Gnách" in 2025

| Catagóir | Líon Foirne | Líon na nIarratas a Osclaíodh ó 01/01/25 | Líon na nIarratas a Dúnadh faoi 31/12/25 |
|---|---|---|---|
| Bonneagar agus Oibríochtaí TF | 6 | 4197 | 4159 |
| Aipeanna Fiontair | 5 | 349 | 334 |
| Córas faisnéise geografaí | 1.5 | 65 | 59 |
| Idirlíon | 1.5 | 253 | 243 |
| Imscrúdú teagmhais chibearshlándála | 2 | 181 | 177 |
| Ceisteanna fón póca | 1 | 126 | 122 |
| Neamhshannta | | 331 | 171 |

### Seo a leanas cuid d'éachtaí na bhfoirne seo in 2025

## Cibearshlándáil

- **Feidhm Thiomnaithe Cibearshlándála a bhunú:** Bunaíodh an Fhoireann Cibearshlándála go foirmiúil i Ráithe 2.
- **Iniúchadh Cibearshlándála Críochnaithe:** Críochnaíodh iniúchadh cuimsitheach cibearshlándála le linn Ráithe 2 chun plean a sholáthar don fhoireann nua. Thug an t-athbhreithniú dearbhú neamhspleách ar na rialuithe slándála agus na socruithe rialachais atá ag an gComhairle faoi láthair, agus cuireadh moltaí san áireamh i dtionscnaimh feabhsúcháin leanúnacha.
- **Cumas Feabhsaithe Bagairtí a Bhrath agus Freagairt Dóibh:** Neartaíodh inniúlachtaí cibearshlándála na Comhairle tuilleadh trí uirlisí monatóireachta feabhsaithe agus trí chomhoibriú níos dlúithe le seirbhís náisiúnta SOC/SIEM LGMA. Tacaíonn na huasghráduithe seo le gníomhaíocht neamhghnách a bhrath níos luaithe agus cuireann siad le timpeallacht TFC níos athléimní.
- **Leathnú ar Fheasacht Cibearshlándála agus Rannpháirtíocht Foirne:** Cuireadh clár gníomhaíochtaí feasachta agus oiliúna cibearshlándála ar fáil ar fud na heagraíochta. Áiríodh leis seo cleachtaí fioscaireachta ionsamhlaithe rialta agus modúil foghlama spriocdhírithe a dearadh chun cabhrú leis an bhfoireann cibearbhagairtí coitianta a aithint agus déileáil leo.

## Aipeanna Fiontair

Príomhthionscadal don fhoireann seo in 2025 ab ea soláthar agus forbairt ardán CRM agus ERP. Tar éis próiseas tairisceana, bronnadh an tionscadal ar Spanish Point Technologies. Bhí bailiú riachtanas, céimeanna forbartha agus UAT mar phríomhfhócas

i Ráithe 3 agus Ráithe 4 mar a bhí comhtháthú Sonraí CRM le FOI Power App agus iHouse.

Ag tógáil ar an rath a bhí ar fhorbairt intí PowerApps in 2024, forbraíodh na haipeanna seo a leanas in 2025:

- **Modúl próisis Achomhairc um Shaoráil Faisnéise** curtha leis an aip um Shaoráil Faisnéise
- **Orduithe CE** - á bhforbairt - chun sreabhadh oibre a dhigitiú agus an próiseas chun Orduithe CE a ardú ar fud na heagraíochta a chaighdeánú
    - » Cuireadh aipeanna um Shaoráil Faisnéise agus Orduithe CE araon ar fáil d'údaráis áitiúla eile faoin tionscnamh 'Tógáil le Roinnt'.
- **Clár na bhFón Póca Oibre** - clár d'fhóin phóca na foirne chun cabhrú le bainistiú agus billeáil
- **Clár na Láithreán Tréigthe** - á fhorbairtI measc éachtaí eile tá

- Úsáid Aipeanna Tríú Páirtí - Tacaíodh le cur i bhfeidhm an Chórais Fhorfheidhmithe Páirceála Giant Leap
- Úsáid Aipeanna LGMA – rolladh amach na leaganacha is déanaí d'aipeanna iPlan, iHouse, iReg agus Éilimh Taistil
- Comhtháthú iDocs le Teastais Sábháilteachta Dóiteáin iPlan
- Anailís ar na sonraí seo a leanas trí Thuarascáil Power Bi a chruthú:
    - » Comhtháthú an Chórais Fhorfheidhmithe Páirceála Giant Leap
    - » Measúnuithe Cíosa Tithíochta
    - » Forfheidhmiú Pleanála agus Comhtháthú Thuarascáil APAS
    - » Éilimh Taistil
    - » iReg

# Bonneagar agus Oibríochtaí TF

Dhírigh obair thionscadail bhonneagair TF na bliana seo ar chumarsáid a nuachóiriú, slándáil a fheabhsú, agus iontaofacht iomlán a fheabhsú ar fud na heagraíochta.

- Bhog an fhoireann go léir go Microsoft Teams Phone, a tháinig isteach in áit na seanfón deisce agus a rinne cumarsáid níos solúbtha.
- Neartaíodh an tslándáil trí chóras Bainistíochta Rochtana Pribhléideach a sheachadadh a bhainistíonn agus a thaifeadann rochtain tríú páirtí ar fad anois, a neartaíonn ár seasamh slándála agus a chinntíonn iniúchóireacht iomlán ar idirghníomhaíochtaí seachtracha.
- Níl aon áiseanna closamhairc i seomraí cruinnithe Halla na Cathrach, agus tar éis rath na n-áiseanna closamhairc a cuireadh isteach sa seomra Bainistíochta Éigeandála ar féidir

a chur in áirithe lasmuigh d'éigeandálaí le haghaidh cruinnithe níos mó, fuair 3 phríomhshuíomh eile trealamh closamhairc chun tacú le comhoibriú hibrideach níos fearr agus chun ligean don fhoireann cur amach a bheith acu ar an teicneolaíocht sula n-aistrítear go Cearnóg na Corónach, áit a mbeidh áiseanna closamhairc ar fáil i ngach seomra cruinnithe.

- Nuashonraíodh na ríomhairí glúine agus na ríomhairí go léir go Windows 11, agus uasghrádaíodh roinnt croíchóras, cosúil le UPS, Rialaitheoirí Fearainn agus Freastalaithe Comhad chun cobhsaíocht agus feidhmíocht a fheabhsú.
- Ar deireadh, rinneadh athbhreithniú ar bhonneagar TF Leisureland le plean chun seirbhísí a aistriú go dtí an Néal, ag laghdú spleáchas crua-earraí agus ag déanamh tacaíocht amach anseo níos simplí.

## Idirlíon agus Córais Faisnéise Geografaí

Ag tógáil ar an aistriú chuig LocalGov Drupal le haghaidh www.galwaycity.ie, tháinig méadú 20% ar thrácht gréasáin chuig an suíomh in 2025 trí rochtain éasca ar eolas, agus rinneadh foshuíomhanna tionscadail agus imeachtaí a chomhdhlúthú agus a sholáthar tríd an ardán.

Tá feabhas mór curtha chun cinn againn freisin ar inrochtaineacht www.galwaycity.ie le haghaidh taithí níos fearr ag úsáideoirí agus ag teacht lenár n-oibleagáidí NDA.

Chomh maith leis na foirmeacha iarratais, na deontais agus na suirbhéanna nua go léir atá á gcruthú go digiteach, rinneadh go leor próiseas iarratais oidhreachta a dhigitiú don phobal agus don fhoireann chúloifige. Tá feabhsuithe maidir le gabháil faisnéise digití, uathoibriú agus comhtháthú tar éis próisis analógacha roimhe seo a chuíchóiriú chun cabhrú le hualach oibre foirne, amlínte measúnaithe, agus spriocanna laghdaithe páipéir.

I measc na dtionscnamh ar éirigh go maith leo bhí Deontais um Chuimsiú Sóisialta, suirbhéanna ar Thithíocht Inacmhainne, Plean Phromanáid agus Chladach Bhóthar na Trá, bileoga móibíleacha d'oibrithe flít, agus córais ceadaithe inmheánacha éagsúla.

Críochnaíodh go leor tionscadal chun mapáil agus gabháil sonraí sócmhainní, teagmhais agus staidéar acadúil a fheabhsú, ó dhigiteoirí na Scéime um Dhliteanas Poiblí agus Pleanála go haipeanna móibíleacha Oidhreachta Dúchais agus Bithéagsúlachta.

Forbrófar foirmeacha córais faisnéise geografaí in 2026 chun tacú leis an gcumas iniúchtaí foirmiúla a dhéanamh agus a leathnú mar chuid den tionscadal Dynamics CRM níos mó.

# Ionad Seirbhíse do Chustaiméirí

Lean Ionad Seirbhíse do Chustaiméirí Chomhairle Cathrach na Gaillimhe de ról lárnach a bheith aige i dtaca le tacú leis an bpobal agus rochtain ar sheirbhísí na Comhairle a éascú i rith na bliana. Laistigh den Ionad tá an Deasc Fáilte agus Oifig an Airgid, atá lonnaithe i bhforhalla Halla na Cathrach agus atá oscailte don phobal ó 9am go 4pm, Luan go hAoine, chomh maith leis an Ionad Glaonna Seirbhíse do Chustaiméirí, atá oscailte ó 9am go 5pm.

Ar gach bealach, pléann an tIonad le fiosrúcháin ghinearálta, íocaíochtaí, ceisteanna tithíochta agus comhshaoil, saincheisteanna tráchta agus iompair, agus raon leathan iarratas ar sheirbhís ón gComhairle.

Tacaíonn an tIonad Glaonna le gach stiúrthóireacht trí ghlaonna isteach chuig príomhuimhir theileafóin na Comhairle (091) 536 400 a láimhseáil. Próiseálann sé freisin gach tuairisc a fhaightear ó sheirbhís glaonna éigeandála lasmuigh de ghnáthuaireanta oibre na Comhairle, a fheidhmíonn gach lá ó 5pm go 9am.

Bainistíonn an fhoireann Seirbhíse do Chustaiméirí gach gearán foirmiúil ó chustaiméirí, aighneachtaí Fix Your Street, agus comhfhreagras ríomhphoist a fhaightear trí **customerservice@galwaycity.ie** agus **seirbhisdochustaimeiri@galwaycity.ie.**

# Príomhsheirbhísí agus Tacaíocht 2025

| | |
|---|---|
| Ceadanna Páirceála a Próiseáladh (cónaitheoir, cúramóir, cuairteoir) | 6784 |
| Bailiúcháin Dramhaíola Toirtiúla a Bainistíodh | 1094 |
| Glantacháin Phobail ar Cuidíodh leo | 51 |
| Fix Your Street: cásanna ar shaincheisteanna cosúil le dumpáil mhídhleathach, lochtanna soilsithe sráide, agus poill sna bóithre | 465 |
| **Lárionad Glaonna agus Próiseáil Íocaíochta** | |
| Líon iomlán na nglaonna a freagraíodh in 2025, lena n-áirítear tuairiscí éigeandála lasmuigh d’uaireanta oibre | 45435 |
| **An oifig airgid iomlán agus na híocaíochtaí a próiseáladh in 2025** | |
| Admhálacha na hoifige airgid | 14002 |
| Íocaíochtaí teileafóin | 14321 |

Chomh maith leis na príomhdhualgais seo, cuireann an fhoireann tacaíocht fhairsing tras-rannach ar fáil, ag cabhrú le tionóntaí agus iarratasóirí tithíochta, ag tacú le daoine aonair atá ag lorg seirbhísí do dhaoine gan dídean, ag láimhseáil ceisteanna ginearálta tithíochta, ag bainistiú fiosrúcháin áineasa agus taitneamhachta, ag taifeadadh bristeacha uisce agus sceitheadh, agus ag freagairt do chúrsaí airgeadais, cosúil le tarscaoileadh rátaí agus

achomhairc agus chuir siad tacaíocht riaracháin riachtanach ar fáil le linn na drochaimsire.

In 2025, thacaigh an Fhoireann Seirbhíse do Chustaiméirí, a oibríonn i ndlúthchomhar leis an bhFoireann Straitéise Digití, le forbairt chóras digiteach na Comhairle do Bhainistíocht ar Chaidreamh le Custaiméirí (CRM), a thabharfaidh Microsoft Dynamics 365 isteach thar roinnt ranna de chuid na Comhairle. Tá an tionscnamh claochlaithe seo deartha chun éifeachtúlacht oibriúcháin a fheabhsú, inrochtaineacht a fheabhsú, bainistíocht cásanna a chuíchóiriú, agus cumas na Comhairle a neartú chun seirbhís a sholáthar a chuireann na daoine ar dtús. Tá an córas CRM le dul beo in 2026, rud a léiríonn céim shuntasach in aistear claochlaithe dhigitigh na Comhairle. Tá an tIonad Seirbhíse do Chustaiméirí tiomanta i gcónaí do leas a bhaint as tionscadail digitithe a fheabhsaíonn taithí an chustaiméara, a chinntíonn comhsheasmhacht seirbhíse, agus a thacaíonn le seachadadh seirbhíse poiblí nua-aimseartha atá dírithe ar an úsáideoir amach anseo.

# Cumarsáid / An Ghaeilge

## Cumarsáid agus Margaíocht

Tacaíonn an fhoireann cumarsáide leis an eagraíocht níos leithne maidir le preasráitis, cumarsáid leis na meáin, ábhar digiteach, tionscadail feasachta poiblí, seoltaí imeachtaí, freagairt drochaimsire, brandáil agus oiliúint cumarsáide.

Eisíodh breis agus 200 preasráiteas in 2025.


Eisíodh breis agus 290 ceist ó na meáin tríd an bhfoireann cumarsáide.

Eisíodh gné-eagrán speisialta den phodchraoladh a bhuaigh duaiseanna ‘Galway City - Your Council’ i mí Iúil 2025, i gcomhpháirtíocht le Músaem Cathrach na Gaillimhe.

Déanann an fhoireann cumarsáide cuntais meán sóisialta Chomhairle Cathrach na Gaillimhe a bhainistiú freisin. Cuireadh úsáid X/Twitter ar sos i mí Feabhra 2025, agus dhírigh an fhoireann ar rannpháirtíocht le lucht féachana ar Facebook, LinkedIn, Instagram agus TikTok. Coinníonn Comhairle Cathrach na Gaillimhe cainéal YouTube chomh maith, agus láithreacht ar BlueSky agus Threads.


### Facebook 2025

- 22,862 leantóir ar Facebook – +11.6% ó 365 lá roimhe sin
- 41,733 idirghníomhaíocht – +8.7% ó 365 lá roimhe sin
- 6,688,031 radharc



## Instagram 2025

- 3.2K leantóir breise. Iomlán: 9365
- 19.7K idirghníomhaíocht - +100%
- 177.8k lucht féachana - +65.6%



### LinkedIn 2025

Ón 24 Feabhra 2025 go dtí an 21 Nollaig 2025 (níl teacht ar shonraí ó thús na bliana a thuilleadh)

- 430,480 imprisean
- 7,897 gníomh
- 6,808 leantóir ar an iomlán – 1,333 leantóir nua le linn na tréimhse seo

### TikTok

Ón 26 Feabhra 2025 go dtí an 31 Nollaig 2025 (níl teacht ar shonraí don tréimhse roimhe sin a thuilleadh)

- 2.1k leantóir – 981 glanleantóir
- 3.3m radharc
- 20k radharc ar an gcuntas
- 11,000 'is maith liom'

# An Ghaeilge

Leanann foireann na Gaeilge ag tacú leis an eagraíocht chun dualgais a chomhlíonadh faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla, lena n-áirítear ár bpolasaí Gaeilge, Scéim Gaeilge Chomhairle Cathrach na Gaillimhe 2009-2022, a sheachadadh go leanúnach.

### An Chéad Chruinniú Dátheangach de chuid Chomhairle Cathrach na Gaillimhe

Bhí cruinniú iomlán dátheangach (Gaeilge/Béarla) ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe Dé Luain 10 Márta 2025 - an chéad chruinniú dá leithéid i stair na Comhairle.

In 2016, bhronn iar-Uachtarán na hÉireann, Mícheál D. Ó hUigínn, onóir ar Chathair na Gaillimhe mar chathair dhátheangach. Eagraíodh cruinniú speisialta ag an am agus bhí mír amháin ar an gclár oibre go hiomlán as Gaeilge.

I mí an Mhárta 2025, áfach, bhí an cruinniú iomlán dátheangach.

Bhí ateangairí ar fáil trí chluasáin le linn an chruinnithe, agus bhí cáipéisí cruinnithe ar fáil i mBéarla agus i nGaeilge. Chuir roinnt comhairleoirí rúin as Gaeilge chun cinn agus chuir siad leis an gcruinniú trí mheán na Gaeilge chomh maith.

Aithnítear leis an gcruinniú stádas ar leith na Gaillimhe mar chathair dhátheangach agus Ghaeltachta, agus mar Bhaile Seirbhíse Gaeltachta. Ag titim amach ag an am céanna le Seachtain na Gaeilge 2025, tháinig an moladh do chruinniú dátheangach ón bhFochoiste um Beartais Straitéiseacha don Ghaeilge i mí na Nollag 2024.

## Achoimre ar an gCoiste um Beartais Straitéiseacha

Tháinig Fochoiste um Beartais Straitéiseacha na Gaeilge le chéile den chéad uair i mí na Nollag 2024 – an chéad cheann dá leithéid i gComhairle Cathrach na Gaillimhe agus go náisiúnta. Mar thoradh air seo bhí an chéad chruinniú iomlán dátheangach i stair Chomhairle Cathrach na Gaillimhe i mí an Mhárta 2025.

I measc na dtionscnamh ar thacaigh an fochoiste leo in 2025 bhí:

- Rannpháirtíocht le Bóithre chun comharthaí bóthair Ghaeltachta a chur chun cinn i mbailte fearainn Ghaeltachta na cathrach: Baile an Dúlaigh, Mionlach, An Caisleán Gearr, Cúil Each, Tír Oileáin, Baile an Phoill, An Pháirc Mhór agus Cnoc na Cathrach.




- Glacadh le treoir stíle Ghaeilge, atá le húsáid i gcomhar leis an treoir stíle Bhéarla, chun tacú le foilseacháin agus ábhair níos sothuigthe agus níos soléite sa dá theanga.

- Moladh go ndéanfaidh soláthraí roghnaithe GCC gach aistriúchán ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe nó thar a ceann, mar gheall ar fhadhbanna maidir le caighdeán roimhe seo

- Rannpháirtíocht le Pleanáil maidir le féidearthacht fógraí pleanála a fhoilsiú i bhfoilseacháin Ghaeilge

## Ranganna

Leanadh le hoiliúint Ghaeilge in 2025, lena n-áirítear ranganna inmheánacha, agus deimhnithe trí chúrsaí deimhnithe Chomhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha (CEFR). Cuireadh oiliúint scileanna gutháin agus seirbhíse do chustaiméirí ar fáil do ghrúpa foirne a bhíonn ag plé leis an bpobal.

## Acht na dTeangacha Oifigiúla (ATO) - Dualgais Reachtaíochta

Tá dualgais teanga Chomhairle Cathrach na Gaillimhe bunaithe go hiomlán anois ar Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), 2021 (ATO).

## Earcaíocht

Faoin ATO, ní mór 20% d'fhostaithe Chomhairle Cathrach na Gaillimhe Gaeilge mhaith a bheith acu faoi 2030. Tá ról lárnach ag foireann na Gaeilge maidir le feasacht a ardú faoin dualgas seo, lena chinntiú go gcomhlíonann Comhairle Cathrach na Gaillimhe an riachtanas reachtaíochta, agus tá foireann i ngach roinn ar fáil chun seirbhís do chustaiméirí a chur ar fáil trí Ghaeilge.

## Fógraíocht Ghaeilge

Faoi Alt 10A d'Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2021, ní mór do chomhlachtaí poiblí cloí le spriocanna a bhaineann le cur agus caiteachas fógraíochta i nGaeilge. Ceanglaítear ar chomhlachtaí poiblí freisin tuairisc ar na gníomhaíochtaí seo a thabhairt don Choimisinéir Teanga.

Ní mór do Chomhairle Cathrach na Gaillimhe 20% d'fhógraí, lena n-áirítear fógraí ar na meáin shóisialta, a chur i nGaeilge nó i mBéarla agus i nGaeilge, agus 5% de chaiteachas fógraíochta a leithdháileadh ar fhógraíocht sna meáin Ghaeilge.

## Figiúirí Fógraíochta 2025

- Céatadán na bhfógraí i nGaeilge nó dátheangach: 39.85%
- Céatadán an chaiteachais fógraíochta sna meáin Ghaeilge: 5.9%

## Ainmniú Cathartha

Tháinig an Coiste um Ainmniú Cathartha le chéile cúig huaire, agus mhol siad na cuimhneacháin chathartha seo a leanas, a d'aontaigh an Chomhairle:

- Páirc Ilúsáide Eoin Uí Dhubhshláine | Eugene Dunleavy Limistéar Ilúsáide Cluichí 23 Meitheamh 2025[1]
- C.I. O'Flynn agus Ronnie O'Gorman, An Fhaiche Mhór 9 Deireadh Fómhair 2025[2]
- Ritheadh comóradh atá le déanamh in 2026 in 2025 freisin: Arthur Colahan (Promanáid Bhóthar na Trá) agus Tommy Keane (Páirc an Labhrais)

# Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine

Tá Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine ("An Dualgas") leagtha amach in Alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014. Cuireann an Dualgas dualgas reachtúil ar chomhlachtaí poiblí smaoineamh ar chomhionannas agus cearta an duine agus a bhfeidhmeanna á gcomhlíonadh. Tá dhá ghné ar leith ann atá nasctha le chéile agus tá siad leagtha amach faoi Alt 42(1) agus Alt 42(2) den Acht.

Faoi Alt 42(1), ceanglaítear ar chomhlachtaí poiblí aird a thabhairt ar an ngá atá le deireadh a chur le hidirdhealú, comhionannas deiseanna a chur chun cinn, agus cearta fostaithe, úsáideoirí seirbhíse, comhaltaí agus tairbhithe beartais a chosaint ar fud na réimsí feidhme go léir. Baineann an Dualgas uileghabhálach seo le gach comhlacht poiblí ar bhonn leanúnach.

Leagtar amach in Alt 42(2) próiseas trí chéim trína mbeidh comhlachtaí poiblí le héifeacht a thabhairt don Dualgas, an Dualgas straitéiseach, atá le cur i bhfeidhm mar chuid dá dtimthriall pleanála agus tuairiscithe straitéiseach, is é sin:

- **Measúnú a dhéanamh** ar na saincheisteanna comhionannais agus cearta an duine a bhaineann le feidhmeanna agus cuspóir na heagraíochta
- **Aghaidh a thabhairt** ar na saincheisteanna seo trí ghníomhaíochtaí, beartais agus tionscnaimh phleanáilte

1 https://www.galwaycity.ie/news/2025/new-multi-use-games-area-named-after-much-loved-teacher-and-all-ireland-winner-eugene
2 https://www.galwaycity.ie/news/2025/two-men-commemorated-for-unique-contributions-to-galway-city-life

- **Tuairisc a dhéanamh** gach bliain ar dhul chun cinn agus ar éachtaí.

Áirítear ar na grúpaí a aithnítear faoin Dualgas iad siúd atá clúdaithe ag forais chomhionannais na hinscne (lena n-áirítear léiriú inscne, féiniúlacht inscne agus tréithe gnéis), stádas sibhialta, stádas teaghlaigh (lena n-áirítear tuismitheoirí aonair agus cúramóirí), aois, míchumas (sainmhínithe go ginearálta), gnéaschlaonadh, cine, reiligiún, baill de phobal an Lucht Siúil, agus stádas socheacnamaíoch (iad siúd atá i mbaol bochtaineachta agus eisiamh sóisialta nó atá thíos leo). Baineann an Dualgas freisin le grúpaí a bhfuil baint acu le forais éagsúla, chomh maith le daoine aonair a bhfuil cearta acu faoi ionstraimí ábhartha náisiúnta agus idirnáisiúnta um chearta an duine.

## 1. Tionscnaimh a glacadh i rith na bliana chun cur i bhfeidhm an Dualgais a chumasú

Tá measúnú déanta ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe ar cheisteanna comhionannais agus cearta an duine a bhaineann lena feidhmeanna, agus d'ullmhaigh sí plean feidhmithe don Dualgas. Uasdátaíodh an dá cháipéis in 2025 chun treoir nua a d'eisigh Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas a léiriú. Tá an dá cháipéis, mar a éilítear faoin Dualgas, ar fáil go poiblí ar shuíomh gréasáin Chomhairle Cathrach na Gaillimhe. Tá cur chuige bunaithe ar luachanna á ghlacadh ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe chun an Dualgas a chur i bhfeidhm agus tá ár ráiteas luachanna comhionannais agus chearta an duine ar fáil ar an suíomh gréasáin freisin.

Thionóil Comhairle Cathrach na Gaillimhe grúpa oibre don Dualgas chun cur i bhfeidhm leanúnach an Dualgais a bhrú chun cinn. Glacadh céimeanna chun oiliúint agus eolas a chur ar an ngrúpa oibre don Dualgas maidir leis na riachtanais dlí don Dualgas agus an bealach ina bhfuil sé á chur i bhfeidhm i gComhairle Cathrach na Gaillimhe. Agus muid ag druidim le 2026, tá athchóiriú á dhéanamh ar an ngrúpa oibre seo lena chinntiú go bhfuil sé comhdhéanta de phearsanra ábhartha ón eagraíocht ar fad agus go bhforbróidh sé naisc chuí le heagraíochtaí na sochaí sibhialta atá ionadaíoch do na grúpaí aitheanta don Dualgas.

Tá an grúpa oibre chun cur i bhfeidhm an Dualgais a bhrú chun cinn, a chomhordú agus tacú leis. D'ullmhaigh sé plean gníomhaíochta don Dualgas do 2025, ag tarraingt ar ghealltanais inár bPlean Seachadta Seirbhíse Bliantúil. Rinne sé monatóireacht ar an dul chun cinn a rinneadh air seo agus chuidigh sé leis an tuarascáil seo a ullmhú maidir leis an dul chun cinn atá déanta.

Is í Roinn na Seirbhísí Corparáideacha a thionólann an grúpa oibre agus a thugann tacaíocht dó, agus glacann sí freagracht iomlán as an Dualgas laistigh de Chomhairle Cathrach na Gaillimhe.

Cuireadh tacaíocht mheantóireachta ar fáil d'fhoireann na ranna ábhartha chun tabhairt faoi mheasúnuithe tionchair comhionannais agus chearta an duine de réir mar a cheanglaítear faoin Dualgas uileghabhálach.

2. **Tionscnaimh a glacadh i rith na bliana chun an Dualgas uileghabhálach a chur chun feidhme chun aird a tharraingt ar chomhionannas agus éagsúlacht i gcomhlíonadh ár bhfeidhmeanna - measúnuithe tionchair ar chomhionannas agus ar chearta an duine a dhéanamh i bhforbairt/athbhreithniú pleananna, beartas, clár agus straitéisí (Alt 42(1))**

Rinneadh measúnacht tionchair ar chomhionannas agus ar chearta an duine sna nithe seo a leanas:

- Cairt Custaiméara agus Plean Gníomhaíochta do Chustaiméirí
- An Clár Cóiríochta don Lucht Siúil

Ba léiriú é seo ar fhorbairt shuntasach i bpróisis oibre Chomhairle Cathrach na Gaillimhe chun béim níos fearr agus níos córasaí a leagan ar chomhionannas agus ar chearta an duine inár gcinnteoireacht agus i gcomhlíonadh ár bhfeidhmeanna. Tá sé ró-luath sna straitéisí seo torthaí a chruthú do na grúpaí aitheanta don Dualgas.

3. **Pleananna, beartais agus gníomhaíochtaí spriocdhírithe a cuireadh i bhfeidhm i rith na bliana chun aghaidh a thabhairt go díreach ar shaincheisteanna comhionannais agus chearta an duine agus/nó chun aghaidh a thabhairt ar shainriachtanais na ngrúpaí aitheanta don Dualgas (Alt 42(2))**

Pleananna, beartais, agus gníomhaíochtaí chun díriú go sonrach ar shaincheisteanna comhionannais agus chearta an duine agus/nó chun aghaidh a thabhairt ar shainriachtanais na ngrúpaí aitheanta don Dualgas, a cuireadh i bhfeidhm i rith na bliana:

- An Clár Cóiríochta don Lucht Siúil
- Straitéis Aoisbhá
- Straitéis Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas
- Plean Gníomhaíochta maidir le Daoine gan Dídean
- Polasaí um Dhínit san Ionad Oibre

Chruthaigh na pleananna agus na beartais seo agus na gníomhartha a d'eascair astu torthaí dearfacha d'úsáideoirí seirbhíse agus d'fhoireann na ngrúpaí aitheanta don Dualgas a rianaítear sna codanna éagsúla den Tuarascáil Bhliantúil seo.